



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe Tuarascáil Bhliantúil 2024





Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe

Áras an Chontae

Cnoc na Radharc

Gaillimh

H91H6KX



: (091) 509 000



: customerservices@galwaycoco.ie



: <https://www.galway.ie>



[GalwayCounty](https://www.facebook.com/GalwayCounty)



[@galwaycoco](https://twitter.com/galwaycoco)



[@galwaycountycouncil](https://www.instagram.com/galwaycountycouncil)

Clár na nÁbhar

Réamhrá.....	8
Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe	8
Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach.....	9
Ár bhFís	10
Ár Misean.....	10
Ár mBunluachanna.....	10
Rialachas agus Struchtúr.....	11
Struchtúr Eagraíochtúil i gComhairle Chontae na Gaillimhe.....	11
An Chomhairle.....	11
Toghcháin Áitiúla 2024.....	11
Comóradh 125 Bliain ar Rialtas Áitiúil agus Comhairle Chontae na Gaillimhe	12
Ceantair Bhardasacha	12
An Grúpa Beartais Chorporáidigh (GBC)	12
Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS)	13
Nascadh.....	13
Straubing	13
Naisc Nua Thurasóireachta, Ghnó agus Phobail á gCruthú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sna Stáit Aontaithe	14
Comhaltaí Tofa	15
Struchtúr Eagraíochtúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024	19
Rialachas	21
Ráiteas Rialachais.....	21
Aidhm	21
Dea-Rialachas	21
Prionsabail Dea-Rialachais	22
Ár dTiomantas do Dhea-Rialachas	22
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais 2024 (SIFC)	23
Réamhrá.....	23
An Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais	25
An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais.....	25
Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta.....	25
Comhlíonadh Soláthair.....	25
Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta	25
An Creat um Riosca agus Rialú.....	26
Iniúchadh Inmheánach, an Coiste Iniúcháireachta san áireamh	27
Obair iniúchta inmheánaigh a rinneadh in 2024	27
Dul Chun Cinn ar Phlean Iniúchta Inmheánaigh	27
Plean Iniúchta Straitéiseach 2025-2029	27

Tacaíocht don Choiste Iniúchóireachta.....	28
An Coiste Iniúchóireachta	28
Oiliúint.....	29
Tinreamh	29
Clár Oibre	29
Tuarascálacha reachtúla don Chomhairle.....	30
An tSeirbhís Chomhairleach DLí.....	30
Dualgas na hEarnála Poiblí.....	31
Oifig an Choimisinéara Teanga	32
Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020-2024	32
Spriocanna Straitéiseacha.....	33
Cuspóirí Straitéiseacha agus Feidhmíocht	34
Stiúrthóireacht: Tithíocht	34
Torthaí Maithe Maidir Le Leithdháilí Tithíochta	34
Céim Iontach do Thithíocht Inacmhainne.....	34
Dul i ngleic le Rátaí Folmhaithe le Plean Gníomhaíochta Nua 5 Bliana	35
Díriú ar Réadmhaoin Fholamh agus Tréigthe	35
Faomhadh Riachtanais Iasachta Tithíochta	35
Clár Seachadta Caipitil Tithíochta	35
Oscailtí Oifigiúla agus Forbraíochtaí Nua	35
Cláir Idirghníomhacha ar Sholáthar agus Éileamh Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.....	36
Stiúrthóireacht: Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Leabharlanna na Cathrach agus an Chontae	36
Éachtaí Seirbhísí Corparáideacha.....	36
Beartas Straitéiseach agus Rialachas	36
Clár na dToghthóirí: Ionracas Toghcháin a Chinntiú	36
Pobal agus Éachtaí á gCeiliúradh	37
Bainistíocht Áiseanna agus Foirgneamh	38
Sábháilteacht Uisce	39
Seirbhís do Chustaiméirí, Caitheamh Aimsire agus Áiseanna a Fheabhsú, agus An Ghaeilge a Chur Chun Cinn... 39	
Ionad Léirmhínithe Eachroma.....	39
Áineas agus Conláistí.....	39
Raon Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe	40
Trádáil Ócáideach.....	40
Staitisticí Meáin Shóisialta	40
Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe: Ag Ceiliúradh 100 Bliain de Sheirbhís	40
Sáraíonn Rannpháirtíocht Tionscnaimh Náisiúnta 3,000 Rannpháirtí.....	40
Cruinniú na nÓg: Lá Náisiúnta na Cruthaitheachta.....	40
Ceiliúradh Fhéile Leabhar na bPáistí.....	40
Digitiú an Bhailiúcháin Iomláin agus Infhaighteacht Ar Líne.....	41

Éachtaí na Seirbhísí Cartlainne in 2024 Aistriú go Córas Bainistíochta Bailiúchán Leictreonach Nua	41
Nascadh leis an Am a Chuaigh Thart: Clann Chambers	41
Comóradh Céad Bliain de Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe	41
Saoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol	41
Saoráil Faisnéise	41
Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol	42
Cosaint Sonraí	42
Oiliúint Foirne 2024.....	42
Iarratais ar Rochtain Sonraí 2024.....	42
Acmhainní Daonna	43
Bainistíocht/Earcaíocht Fórsa Saothair	43
Pinsin	43
Oiliúint agus Forbairt Foirne	43
Leas na Foirne	44
Stiúrthóireacht: Forbairt Fhisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, Athrú Aeráide	44
Tionscadal Athfhorbartha Ché Inis Oírr	44
Scáthlár bus Chasla agus Indreabháin (Séipéal An Chnoic).....	45
Stoirmeacha Bert agus Darragh	45
Ionad Cóireála Fuíolluisce an Spidéil.....	45
Stáisiún Dóiteáin Bhaile Átha an Rí.....	45
Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta	45
Ráiteas Sábháilteachta agus Beartas Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe	45
Bainistíocht Móréigeandálaí	46
Athrú Aeráide.....	46
Stiúrthóireacht: Forbairt, Comhtháthú agus Timpeallacht Tuaithe agus Pobail	47
Scéimeanna Bonneagair Áineasa Allamuigh 2023/2024	47
Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA) – 2023/2024	47
Tionscadail Áineasa Allamuigh.....	47
Forbhreathnú ar Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe 2024.....	47
Foireann Imeasctha Chomhairle Chontae na Gaillimhe	48
Straitéis Turasóireachta 2023-2031	48
Scéimeanna Feabhsaithe Sráid-dreacha	49
An Oifig Ealaíon: Ócáid Dhéanach Oíche Chultúir Lumina, Tuaim 2024	49
Tionscnaimh Chomhshaoil: Ócáid Chladaigh Thrá an Dóilín ar an gCeathrú Rua	49
Stiúrthóireacht: Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach	49
Forbairt agus Pleanáil Gheilleagrach.....	49
Tionscadal Athnuachana Uirbí ag Stáisiún Traenach Órán Mór	50
Ollscoil na Gaillimhe.....	50
Tionscadail Chiste Séadchomharthaí Pobail Chontae na Gaillimhe 2024.....	50

Dámhachtainí LAMA Dámhachtainí Pobail agus Comhairle na hÉireann	50
Dul Chun Cinn Suntasach i dTionscadail Athnuachana agus Máistirphlean	50
Stiúrthóireacht: Airgeadas, Mótarcháin, TFC agus Claochlú Digiteach	51
Airgeadas, Mótarcháin	51
TFC.....	51
Torthaí an Phlean Bhliantúil Seachadta Seirbhíse 2024.....	52
Pobal: Comhairliúchán Poiblí agus Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta	116
Próisis Comhairliúcháin Phoiblí:.....	116
Comhairliúcháin chuimsitheacha trí struchtúir rannpháirtíochta- Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP), Clár Aoisbháuil agus Comhairle na nÓg:	117
Ionchur isteach i bpróisis chinnteoireachta trí ionadaíocht LRP ar raon Bord agus Coistí.....	119
Clár spriocdhírthe chun tacú le comhairliúchán cuimsitheach agus le rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil.	119
Gníomhaíochtaí nuálacha chun rannpháirtíocht phoiblí a chur chun cinn.....	120
Tithíocht	122
Rannpháirtíocht sa Phobal: Imeachtaí Faisnéise um Thithe Folmha Eanáir – Nollaig 2024:.....	122
Comhairliúchán Poiblí maidir le forbairtí tithíochta Sóisialta faoi chead pleanála Chuid 8	123
Leabharlanna Rannpháirtíochta Pobail.....	124
Obair straitéiseach le haghaidh Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil (LAS)	124
Éire Shláintiúil ag do Leabharlann.....	124
Clársceidealú:	125
Léim isteach san Am Scéalaíochta	125
Tionscnaimh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta.....	126
Seachtain um Aosú Dearfach	127
Suíocháin Aoisbháula	127
Gníomhú ar son na hAeráide	128
Rialachas agus Acmhainní Foirne	128
Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide	128
Iarfheistithe Tithe agus an tAistriú Cóir	128
Crios Dícharbónaithe – Oileáin Árann.....	128
Pobal agus Fiontraíocht.....	129
Úsáid Fuinnimh Inmheánach	129
Oiriúnú	130
Soláthar Poiblí Glas	130
Taisteal Gníomhach.....	130
Cosaint na Bithéagsúlachta	130
Coistí um Beartais Straitéiseacha & Tuarascálacha na gCeantar Bardasach	131
Tuarascáil na gCoistí um Beartais Straitéiseacha	131
An Scéim um Beartas Straitéiseach don tréimhse 2020-2024.....	131
An Scéim um Beartas Straitéiseach don tréimhse 2025-2029.....	132

Tithíocht	132
Ballraíocht	132
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn	132
Forbairt Gheilleagraich & Fiontar & Pleanáil	133
Ballraíocht	133
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn	133
Forbairt Fhisiciúil, Iompar agus Seirbhísí Éigeandála	133
Ballraíocht	133
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn	134
Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht agus Comhtháthú	134
Ballraíocht	134
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn	134
Cosaint an Chomhshaoil agus Talmhaíocht	134
Ballraíocht	134
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn	135
Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht & Oidhreacht	135
Ballraíocht	135
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn	135
Tuarascáil Ceantar Bardasach	136
Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí	136
Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe	137
Ceantar Bardasach Chonamara	138
Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach	139
Ceantar Bardasach Thuama	140
Forbhreathnú Airgeadais	142
Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2024	142
Cáin Mhaoine Áitiúil	142
Costas Gnó Méadaithe (CGM) agus Leas na Scéime Power Up	142
Ráta Bliantúil ar Luacháil	143
Mótarcháin	143
An Scéim um Ranníocaíocht Forbartha	143
An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997	144
Bainistíocht Riosca	145
Conclúid	146
Aguisíní	147
Aguisín 1: Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna)	148
Aguisín 2 Comhaltaí Tofa atá ainmnithe chuig Coistí & Tuarascálacha na gCeantar Bardasach	150
Comhaltaí Tofa Ainmnithe do Choistí & Comhlachtaí Eile	150
Comhdhálacha ar fhreastail Comhaltaí Tofa orthu	154

Imeachtaí Oiliúna ar fhreastail Comhaltaí Tofa orthu	154
Speansais na gComhaltaí Tofa	156
Íocaíochtaí a dhéantar le Comhaltaí Neamhthofa de Choistí Údaráis Áitiúil	160
Aguisín 3: Dualgas Earnála Poiblí Faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014	161
Dualgas Earnála Poiblí Faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014	161
Seirbhísí Corparáideacha	161
Seirbhísí Leabharlainne Cathrach & Contae	162
Aonad Pleanála	163
Tithíocht	165
Pobal, Forbairt Tuaithe & Imeascadh	166
Bonneagar Fisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála agus Gníomhú ar Son na hAeráide.....	168
Aguisín 4: Príomhoifigigh/Oifigí na Comhairle.....	169
Tithíocht	169
Bonneagar Fisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála agus Gníomhú ar Son na hAeráide.....	169
Innealtóirí Ceantair	170
Seirbhísí Dóiteáin	170
Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach.....	170
Forbairt Tuaithe agus Pobail, Imeascadh agus Timpeallacht.....	171
Airgeadas, Mótarcháin, TFC agus Claochlú Digiteach.....	171
Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Leabharlanna na Cathrach agus an Chontae.....	171

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe



Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, is mór an onóir dom an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair, tuarascáil a leagann amach clár oibre agus éachtaí suntasacha an údaráis áitiúil i rith na bliana 2024. Ghlac mé go bródúil leis an ról mar Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus thapaigh mé an deis ionadaíocht a dhéanamh ar Ghaillimh mar chéad saoránach an Chontae.

Is éard atá sa tuarascáil bhliantúil seo ná taifead cuimsitheach ar an méid a chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil dá gcustaiméirí agus do shaoránaigh an chontae le bliain anuas, thar réimse leathan seirbhísí, scéimeanna agus tionscadal. Is suntasach an raon tionscnamh agus seirbhísí a chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil. Féachann Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an mbonneagar eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus fisiciúil ar fud an Chontae a fheabhsú go leanúnach do gach duine dár saoránaigh. Táimid tiomanta chun seirbhís éifeachtach, iontaofa agus cost-éifeachtúil a chur ar fáil dár saoránaigh.

I rith na bliana 2024, d'oibrigh mo chomhghleacaithe tofa agus mé féin i gcomhar le bainistíocht na comhairle chun soláthar airgeadais a chur ar fáil do sheirbhísí agus do thionscadail éagsúla sa chontae i dtimpeallacht oibríochta dhúshlánach agus iomaíoch. Tá comhoibriú leanúnach idir na Comhaltaí Tofa, Feidhmeannas agus Oifigigh na Comhairle, Comhaltaí an Oireachtais, Ranna Rialtais agus páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe eile ríthábhachtach chun na tionscnaimh agus na seirbhísí atá leagtha amach sa tuarascáil seo a chur i gcrích thar chontae na Gaillimhe.

Mar Chathaoirleach na Comhairle, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le foireann na heagraíochta as an obair a dhéanann siad go laethúil ar son fhorbairt an Chontae seo. Gabhaim buíochas lenár bPríomhfheidhmeannach, Liam Conneally, agus lena Fhoireann Feidhmiúcháin as an tacaíocht a thug siad dom féin agus do mo Chomhghleacaithe Tofa. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comh. Liam Carroll a bhí ina Chathaoirleach ar feadh na chéad sé mhí de 2024 agus freisin le Comh. Albert Dolan, óna bhfuair mé an Slabhra Oifige tar éis a thoghadh chuig Dáil Éireann i mí na Nollag. Focal speisialta buíochais freisin do mo Leas-Chathaoirleach, an Comh. Ollie Turner. Léiríonn a dtiomantas agus a ngairmiúlacht an tseirbhís phoiblí thábhachtach a chuireann an t-údarás áitiúil ar fáil. Aithním an tacaíocht agus an obair chrua a rinne mo chomhghleacaithe comhairleacha chun leanúint ar aghaidh le caighdeán beatha níos fearr a bhaint amach dár saoránaigh go léir le linn 2024.

Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, is mór an onóir dom a bheith ceaptha mar Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ionadaíocht a dhéanamh ar Ghaillimh mar an chéad saoránach don Chontae. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach Liam Conneally agus a Fhoireann Feidhmiúcháin agus le foireann na heagraíochta agus leis na Comhaltaí Tofa ar fad as an obair a dhéanann siad go laethúil ar mhaithe le forbairt an Chontae seo.

Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



Mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, tá áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil do 2024 a chur i láthair. Tugann an tuarascáil seo léargas ar an dul chun cinn suntasach atá déanta againn chun caighdeán beatha mhuintir Chontae na Gaillimhe a fheabhsú trí ár n-iarrachtaí díograiseacha i bhforbairt pobail, pleanáil agus forbairt eacnamaíoch, feabhsú bonneagair, agus cosaint an chomhshaoil.

Le linn 2024, d'oibríomar go dícheallach le chéile chun seirbhísí éifeachtacha agus inbhuanaithe a chur ar fáil, treoraithe ag ár luachanna lárnacha agus ár gcuspóirí straitéiseacha. Chuireamar béim ar rannpháirtíocht phobail a chothú, fás eacnamaíoch a spreagadh, agus pleanáil, forbairt agus seachadadh bonneagair riachtanaigh a chinntiú. Tá ár dtiomantas do dhearialachas agus trédharcacht seasmhach, rud atá soiléir ónár gcloí le Cód Rialachais an Rialtais Áitiúil agus ónár gcleachtais láidre um bainistíocht riosca caiteachais.

I mbliana, tá éachtaí suntasacha bainte amach againn i réimsí éagsúla, lena n-áirítear tithíocht agus pleanáil, iompar, gníomhú ar son na haeráide, agus sláinte agus sábháilteacht phoiblí. Ní hamháin gur thug ár dtionscnaimh oibre aghaidh ar na riachtanais láithreacha ach leag siad síos an réamhobair maidir le forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach agus feabhsú ár bpobal. Bhí an comhoibriú idir comhaltaí tofa, an fhoireann uile, ranna rialtais, agus páirtithe leasmhara pobail ríthábhachtach chun na torthaí seo a bhaint amach.

Gabhaim buíochas ó chroí lenár bhfoireann as a ndílseacht agus a n-obair chrua gan staonadh. Bhí a dtiomantas agus a dtacaíocht ríthábhachtach chun ár bhfís do Chontae na Gaillimhe, mar atá leagtha amach i bPlean Corparáideach na Comhairle, a chur i gcrích. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl as a n-iarrachtaí chun na héachtaí oibre a bhaint amach i mbliana.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl don Chathaoirleach agus do na comhaltaí tofa as a ndíograis agus a dtiomantas maidir le seirbhísí a sholáthar don phobal. Is fianaise iad na héachtaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo ar an gcomhoibriú idir ár gcomhaltaí tofa agus foireann na Comhairle. Le chéile, táimid á gcur i gcrích.

Agus muid ag féachaint chun cinn go dtí 2025, táimid fós tiomanta dár misean chun caighdeán beatha shaoránaigh Chontae na Gaillimhe a fheabhsú. Leanfaimid orainn ag cur lenár rathúlacht, ag tabhairt faoi dhúshláin nua, agus ag iarraidh sármhaitheas a bhaint amach inár n-iarrachtaí go léir de réir ár bPlean Corparáideach nua 2025-2029.

Agus muid ag breathnú chun cinn ar 2025, táimid fós tiomanta do chaighdeán maireachtála do shaoránaigh Chontae na Gaillimhe a fheabhsú, ag tógáil ar ár gcuid éachtaí, ag glacadh le dúshláin nua, agus ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach inár n-iarrachtaí go léir. Le chéile, leanfaimid orainn ag tógáil ar thodhchaí níos gile do Chontae na Gaillimhe.


Ár bhFís

Contae le féiniúlacht láidir, rud a chuimsíonn a oidhreacht, a teanga, agus a cultúr. Contae ina gcuirtear forbairt inbhuanaithe gheilleagrach agus pobail chun cinn, chomh maith le rannpháirtíocht saoránach agus páirtithe leasmhara, ina bhforbraítear bonneagar riachtanach agus ina gcosnaítear ár gcomhshaol.

Ár Misean

Caighdeán maireachtála mhuintir Chontae na Gaillimhe a fheabhsú trí fhorbairt Pobail agus Gheilleagrach a threorú agus a neartú agus trí sheirbhísí éifeachtúla agus inbhuanaithe a chur ar fáil.

Ár mBunluachanna



Rialachas agus Struchtúr

Struchtúr Eagraíochtúil i gComhairle Chontae na Gaillimhe

I gcomhréir leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001, agus leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, is príomhfheidhm de chuid údaráis áitiúil í fóram a chur ar fáil d’ionadaíocht dhaonlathach an phobail áitiúil agus ceannaireacht shibhialta a sholáthar don phobal. Ina theannta sin, tá freagracht ar an údarás áitiúil as raon seirbhísí, feidhmeanna rialála agus forfheidhmithe a chur ar fáil, agus as príomhréimsí a fhorbairt lena n-áirítear cúrsaí eacnamaíochta, gnó, oidhreacht agus cultúrtha. Thug an tAcht um Athchóiriú, a bhunaigh na Ceantair Bhardasacha agus a dhíscaoil na Comhairlí Baile, na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla isteach (CFPÁ) a bunaíodh mar choistí de chuid an údaráis áitiúil i ngach ceantar rialtais áitiúil. Foráladh sa reachtaíocht do scor na mBord Forbartha Contae agus do thabhairt isteach an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.

An Chomhairle

Leagann na naoi gComhairleoir is tríocha tofa ó na Ceantair Bhardasacha síos le chéile an chreatlach don bheartas faoina bhfeidhmíonn Foireann Feidhmiúcháin. Is é Grúpa Beartais Chorpáraidigh agus sé Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) a dhéanann beartais a cheapadh agus a aontaíonn orthu. Tá na CBSanna comhdhéanta de chomhaltaí tofa agus ionadaithe deonacha/earnála a athbhreithníonn agus a cheapann beartas i réimse iomlán fheidhmeanna na Comhairle. Tá an Fhoireann Bainistíochta faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de Stiúrthóirí Seirbhísí, an Ceann Airgeadais, an Gníomhaire Dlí, agus feidhmíonn an Rúnaí Contae i gcáil feidhmiúcháin.

Toghcháin Áitiúla 2024

Tionóladh na Toghcháin Áitiúla do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an 7 Meitheamh, 2024. Rinneadh na hionadaithe do gach ceann de na 39 suíochán ar an gcomhairle a cheapadh sna toghcháin sin, ag baint úsáid as an ionadaíocht chionmhar tríd an gcóras aonvóta inaistrithe (PR-STV).

Torthaí Foriomlána:

Comhairleoirí Atofa: atoghadh 29 duine a bhí in oifig ag an am
Comhairleoirí Nua: Toghadh 10 comhairleoirí nua.

Toghlímistéar Áitiúil	Líon na Suíochán	Atofa	Nuathofa
Baile Átha an Rí-Órán Mór	7	3	4
Béal Átha na Sluaighe	6	5	1
Conamara Thuaidh	4	4	0
Conamara Theas	5	3	2
An Gort-Cinn Mhara	5	4	1
Baile Locha Riach	5	5	0
Tuaim	7	5	2

Le linn an Olltoghcháin a reáchtáladh i mí na Samhna 2024, toghadh an Comhairleoir Albert Dolan, an Comhairleoir Peter Roche, agus an Comhairleoir Louis O’Hara go Dáil Éireann. Ina dhiaidh sin, ag an gCruinniú Iomlánach i mí na Nollag 2024:

- Comhthoghadh an Comh. Sean Broderick chuig suíochán an Comh. Dolan i CB Bhaile Átha an Rí-Órán Mór.
- Comhthoghadh an Comh. Martin McNamara chuig suíochán an Comh. O’Hara i CB Bhaile Átha an Rí-Órán Mór.
- Comhthoghadh an Comh. Siobhan McHugh Ryan chuig suíochán an Comh. Roche i CB Thuama.

Tar éis na dtoghcháin áitiúil a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2024, chuir an chomhairle nua-thofa tús pras le forbairt a dhéanamh ar ár bPlean Corparáideach don chéad téarma cúig bliana eile, 2025-2029. Imlíníonn an plan seo ár spriocanna agus ár gcuipóirí straitéiseacha, cloíonn sé leis an reachtaíocht ábhartha, tá comhairliúcháin le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon mar chuid de, agus tugann sé aghaidh ar shaincheisteanna leathana amhail ionchuimsiú sóisialta, comhionannas, agus athrú aeráide. Ionchorpraíonn sé meicníochtaí chun feidhmíocht

a thomhas agus tá sé deartha le bheith inoiriúnaithe do chúinsí athraitheacha. Tá an Plean Corparáideach 2025-2029 cuimsitheach, uileghabhálach agus solúbtha, rud a chuireann ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe ár bhfreagrachtaí a bhainistiú go héifeachtach agus freastal ar ár bpobail.

Comóradh 125 Bliain ar Rialtas Áitiúil agus Comhairle Chontae na Gaillimhe

In 2024, rinneamar ceiliúradh ar 125 bliain de rialtas áitiúil in Éirinn. Ba é an tAcht Rialtais Áitiúil (Éire) 1898, a thug isteach comhairlí contae, ba chúis leis na chéad toghcháin áitiúla in Éirinn sa bhliain 1899. Chun an chloch mhíle shuntasach seo a chomóradh, reáchtáladh imeacht speisialta dar teideal **“Guthanna: Scéalta ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2019 agus 2024”** i Halla an Chontae ar an 21 Deireadh Fómhair 2024.



Chuaigh an Oifig Oidhreacht a dteagmháil le baill foirne atá imithe ar scor agus le hlarchomhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun léargas a fháil ar a dtaithí, a léargais agus a gcuimhní maithe óna gcuid ama leis an gcomhairle. Seoladh na scéalta seo, a chuireann béim ar stair agus traidisiúin shaibhre Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ag an imeacht agus tá siad taifeadta in dhá fhíseán. Coimisiúnaíodh an chéad fhíseán in 2019, agus an dara ceann in 2024. Tugann na físeáin seo léargas uathúil ar an am a chuaigh thart agus ar an scéal faoi láthair maidir leis an gComhairle, ag léiriú éabhlóid agus oidhreacht bhuan an rialachais áitiúil i nGaillimh.

Is féidir na scéalta ó chroí seo, a cheiliúránn 125 bliain de sheirbhís thiomanta agus de mheon pobail, a fheiceáil ag na naisc seo a leanas:

- Guthanna: Scéalta ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2019 <https://www.youtube.com/watch?v=6jmc-v2VPNk>
- Guthanna: Scéalta ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024 <https://www.youtube.com/watch?v=GlmnE0b-g8A>

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as na scéalta spreagúla seo agus go mbeidh tú linn chun an chloch mhíle iontach seo a cheiliúradh.

Ceantair Bhardasacha

Tá cúig Cheantar Bhardasacha bunaithe i gContae na Gaillimhe (le seacht dToghlimistéar Áitiúla), agus freastalaíonn comhaltaí tofa ón limistéar sin orthu. Dearadh na Ceantair Bhardasacha chun rialachas, coimhdeacht, agus freagracht dhaonlathach a fheabhsú. Tá sé i gceist freisin go bhfeabhsóidh na socruithe seo éifeachtúlacht oibríochta agus luach ar airgead, agus struchtúr feidhmiúcháin agus oibríochta amháin ann don chontae trí chéile. Is comhlachtaí cinnteoireachta iad na Ceantair Bhardasacha seachas struchtúir chorporáideacha.

An Grúpa Beartais Chorporáidigh (GBC)

Sa Ghrúpa Beartais Chorporáidigh tá Cathaoirleach na Comhairle Contae, Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus faigheann sé tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach. Nascann an GBC obair na CBSanna éagsúla le chéile agus cuireann sé fóram ar fáil inar féidir aontú ar na seasaimh beartas a théann i bhfeidhm ar an gComhairle ar fad, lena gcur i láthair na Comhairle iomláine. Cuireann an GBC comhairle ar an gComhairle agus cabhraíonn sé léi. Chomh maith leis sin, cuireann sé ionchur ar fáil ar chúrsaí ábhartha ginearálta. Tá ról aige freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán an údarais áitiúil. Tionóladh 10 gcrúinniú de chuid an GBC in 2024. Tá ról lárnach ag an GBC freisin maidir le:

- **An Buiséad a Ullmhú:** An buiséad a fhorbairt i gcomhréir leis na treoirlínte bunaithe ar an bpróiseas buiséadach.
- **Ionchur a sholáthar don Chomhairle Iomlán:** Léargais agus moltaí ar ábhair imní ghinearálta a thabhairt don Chomhairle, go réamhghníomhach nó má iarrtar amhlaidh.
- **Aghaidh a thabhairt ar Cheisteanna Seachadta Seirbhíse:** Maoirseacht a dhéanamh ar shaincheisteanna foriomlána a bhaineann le pleananna seachadta seirbhíse, seirbhís do chustaiméirí, agus luach ar airgead. Déanfaidh CBSanna aonair na saincheisteanna seo a láimhseáil laistigh dá sainchúram seirbhíse.

- **Obair CBS a Chomhordú:** Gníomhaíochtaí na CBSanna a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar a gclár oibre.
- **Breithnithe Beartas a Iarraidh:** Iarr ar CBSanna saincheisteanna beartas ar leith a bhreithniú nuair is cuí.
- **Aiseolas a Thabhairt:** Aiseolas a thairiscint do na CBSanna ar bheartais agus dearcthaí na Comhairle i réimsí a bhaineann lena gcuid oibre.

Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS)

Cuireann struchtúr an CBS creat agus deis ar fáil d'ionadaithe tofa chun a ról mar lucht déanta beartas foriomlán a chomhlíonadh agus, ina theannta sin, cuireann sé deiseanna ar fáil do chomhpháirtíochtaí a bhfuil leasanna áitiúla acu agus d'ionadaithe pobail. Cuireann CBSanna fóram ar fáil chun ár gcumas a fheabhsú i dtaca le ról a imirt maidir le ceapadh, athbhreithniú agus luacháil beartas, le cabhair ionsuite ó leasanna earnála ábhartha agus le tacaíocht ón Stiúrthóir Seirbhísí.

Le linn na tréimhse 2020-2024, bhunaigh an Chomhairle sé Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) comhdhéanta de Chomhairleoirí agus d'ionadaithe Earnálacha. Tá comhdhéanamh na gcoistí seo leagtha amach sa tábla thíos:

Scéim CBS 2020-2024	Comhaltaí Tofa	Ionadaithe Earnála	Coiste Iomlán
Tithíocht	7	4	11
Forbairt Gheilleagrach agus Fiontraíocht	6	4	10
Pleanáil, Comhshaoil, Talmhaíocht agus Seirbhísí Éigeandála	7	4	11
Iompar & Bonneagar	7	4	11
Forbairt Pobail agus Cultúir	6	4	10
An tAthru Aeráide agus an Bithéagsúlacht	6	4	10

I mí Mheán Fómhair 2024, tar éis na dToghchán Áitiúil, d'fhorbair agus ghlac an Chomhairle nua le Scéim um Beartais Straitéiseacha nua don tréimhse 2025-2029. Bunaíodh na coistí nua mar atá leagtha amach sa tábla thíos:

Scéim CBS 2025-2029	Comhaltaí Tofa	Ionadaithe Earnála	Coiste Iomlán
Tithíocht	7	4	11
Forbairt Gheilleagrach agus Pleanáil Fiontair	6	4	10
Forbairt Fhisiciúil, Iompar agus Seirbhísí Éigeandála	7	4	11
Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht agus Comhtháthú	7	4	11
Cosaint an Chomhshaoil agus Talmhaíocht	6	4	10
Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht & Oidhreacht	6	4	10

Nascadh

Straubing

I mí Lúnasa 2024, bhí an Comh. Ollie Turner i gceannas ar thoscaireacht



ó Thuaim go Straubing, an Bhaváir, ag ceiliúradh 40 bliain de nascadh. Dhírigh an chuairt, a bhí mar chuid den Gäubodenvolksfest, ar naisc chultúrtha agus eacnamaíocha a neartú. I measc na gcainteanna bhí comhoibrithe agus malartuithe amach anseo, agus pleananna chun cuireadh a thabhairt do thoscaireacht Straubing go Tuaim an bhliain seo chugainn le haghaidh imeacht 4 lá arna mhaoiniú ag an gComhairle. Tháinig deireadh leis an gcuairt le malartú siombalach bronnatanas, rud a chuir béim ar an gcaidreamh láidir idir na bailte.



Naisc Nua Thurasóireachta, Ghnó agus Phobail á gCruthú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sna Stáit Aontaithe

Nua-Eabhrac ar Lá Fhéile Pádraig

I mí an Mhárta 2024, ghlac an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach páirt i bhféilte Lá Fhéile Pádraig i Nua-Eabhrac, ar cuireadh ó Chumann na Gaillimhe i Nua-Eabhrac. D'éirigh thar barr le cruinnithe leis an GFT, le Fiontraíocht Éireann, le Turasóireacht Éireann agus le Consalacht na hÉireann, rud a d'ardaigh próifil Chontae na Gaillimhe mar phríomhcheann scríbe le haghaidh ghnó agus turasóireachta. Ghlac siad páirt i bparáid Lá Fhéile Pádraig ag deireadh an cheiliúrtha.



Contae Washington agus Féile Ghaelach Milwaukee

I mí Lúnasa 2024, thug toscaireacht ó Ghaillimh, lena n-áirítear ionadaithe ón rialtas áitiúil, an saol acadúil, ghnó agus na healaíona, cuairt bolscaireachta ar feadh seachtaine i Meániarthar na SA. Chuaigh an 18 toscaire i dteagmháil le ceannairí rialtais, turasóireachta, cultúir agus ghnó ar fud Illinois agus Wisconsin, lena n-áirítear Chicago, comhchathair Chathair na Gaillimhe agus Contae Washington, comhpháirtí nasctha Chontae na Gaillimhe. Mar chuid den turas freisin bhí taispeántas turasóireachta ag Féile Ghaelach Milwaukee.

D'éirigh leis an gcuairt naisc a chothú agus comhoibriú amach anseo a fhiosrú. Bhuaile an toscaireacht le heagraíochtaí

éagsúla, lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, Chicagoland Chamber of Commerce agus World Business Chicago. Thug imeacht alumni a d'óstáil Ollscoil na Gaillimhe in Chicago alumni atá lonnaithe in Illinois le chéile chun bualadh le daoine agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid ama i nGaillimh.

I gContae Washington, rinne an toscaireacht ceiliúradh ar chomóradh 21 bliain den socrú nasctha agus d'fhreastail siad ar chruinniú de chuid Bhord an Chontae. Rinne siad iniúchadh ar thionscadal Tithíochta don Chéad Ghlúin Eile agus d'fhoghlaim siad faoi Inbhuanaitheacht Páirceanna ó Jamie Ludovic, Príomhoifigeach Forbartha Pobail.

Ba bhuaicphointe é go raibh an toscaireacht i láthair ag Féile Ghaelach Milwaukee, áit a bhfuil eanáil na turasóireachta curtha chun cinn ag Gaillimh le 25 bliain anuas. Leag an chuairt béim ar an tábhacht a bhaineann le feasacht a ardú faoi sheirbhísí díreacha trasatlantacha chuig Iarthar na hÉireann.

Neartaigh an chuairt naisc thurasóireachta, ghnó agus phobail Chontae na Gaillimhe i Meániarthar na SA.



Comhaltaí Tofa

Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí agus Órán Mór



An Comh.
James Charity

Tóin an Gharráin
Cor an Dola
Co. na Gaillimhe

0872191792



An Comh.
Peter Feeney

Baile Dháibhí
Baile Átha an Rí
Co. na Gaillimhe

0876812403



An Comh.
Tomas Grealish

An Carn Mór
Órán Mór
Co. na Gaillimhe

0868283110



An Comh.
David Collins

Radharc an Uisce, An
Turlach Mór
Co. na Gaillimhe

0877831687



An Comh.
Cillian Keane

Prospect
Meáraí
Órán Mór
Co. na Gaillimhe

0871930764



An Comh.
Seán Broderick

Baile Uí Chlúmháin
Béal Átha na Sluaighe
Co. na Gaillimhe

0879335477



An Comh.
Martin McNamara

Cartymore
Baile Átha an Rí
Co. na Gaillimhe

0872804295

Ceantar Bardasach Thuama



An Comh.
Shaun Cunniffe

4 Ardán Loftus
Bóthar Bhéal Átha
Ghadaí, Tuaim
Co. na Gaillimhe

0878161663



An Comh.
Mary Hoade

An Phríomhshráid
Áth Cinn
Co. na Gaillimhe

0872255979



An Comh. Donagh
Mark Killilea

171 Palace Fields
Tuaim
Co. na Gaillimhe

0866079563



An Comh.
Karey McHugh Farag

Cúil Fobhair
Béal Átha Glúinín
Tuaim
Co. na Gaillimhe

0872822225



An Comh.
Andrew Reddington

An Gort Garbh
Áth Cinn
Co. na Gaillimhe

0876458115



An Comh.
Siobhan McHugh Ryan

Cill Chlocháin
Tuaim
Co. na Gaillimhe

0870026433



An Comh. Leas-
Chathaoirleach
Ollie Turner

Sráid an Chaisleáin
Dún Mór
Co. na Gaillimhe

0862626958

Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach



An Comh.
Michael "Moegie"
Maher

Cloch an Stuaicín
Baile Locha Riach
Co. na Gaillimhe

0868109185



An Comh.
Jimmy McClearn

Bóthar Thíne
Cill Íomair
Béal Átha na Sluaighe
Co. na Gaillimhe

0872191792



An Comh.
Declan Kelly

1 An Baile Glas
Bóthar Bhréanainn
Port Omna
Co. na Gaillimhe

0868032732



An Comh.
Ivan Canning

An Leithcheathrú
Gort an Iomaire
Port Omna
Co. na Gaillimhe

0871376666



An Comh.
Shane Curley

An Ráithín
Baile Locha Riach
Co. na Gaillimhe

0862706550



An Comh.
Geraldine Donohue

Gleann an Tobair
An Choill Bhreac
Baile Locha Riach
Co. na Gaillimhe

0861692827



An Comh.
Gerry Finnerty

Baile Uí Mhurchú
An Gort
Co. na Gaillimhe

0872674295



An Comh.
Paul Killilea

An Cheathrú Gharbh
Cinn Mhara
Co. na Gaillimhe

0879763930



Comh.
Cathaoirleach
Martina Kinane

An Sráidbhaile
Thuaidh
Droichead an Chláirín
Co. na Gaillimhe

0872692102



An Comh.
PJ Murphy

Baile an Duibh
Ard Raithín
Co. na Gaillimhe

0877905401

Ceantar Bardasach Chonamara



An Comh.
Eileen Mannion

Bóthar na Spéire
An Clochán
Co. na Gaillimhe

0879555645



An Comh.
Thomas Welby

An Chreig
Uachtar Ard
Co. na Gaillimhe

0872855676



An Comh.
Séamus Walsh

Glann
Uachtar Ard
Co. na Gaillimhe

0870519884



An Comh.
Gerry King

Iorras Fhlannáin
An Clochán
Co. na Gaillimhe

0861798749



An Comh.
Tomás Ó Curraoin

Na Foráí Maola Thiar
Co. na Gaillimhe

0872933782



An Comh. Pádraig
Mac an Iomaire

Na Doireadh
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

0879213795



An Comh.
Michael Leainde

Ros an Mhíl
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

0863134491



An Comh.
Máirtín Lee

Tír an Fhia
Leitir Móir
Co. na Gaillimhe

0877372147



An Comh.
Noel Thomas

Gort an Chalaigh
Maigh Cuilinn
Co. na Gaillimhe

0877372147

Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe



An Comh.
Declan Geraghty

Baile Liam
Tríd an
gCaisleán Riabhach
Co. na Gaillimhe

0862543304



An Comh.
Dermot Connolly

Gleann na bhFeadóig
Eachroim
Béal Átha na Sluaighe
Co. na Gaillimhe

0860886160



An Comh.
Michael Connolly

Maigh Locha Mhór
Maigh Locha
Béal Átha na Sluaighe
Co. na Gaillimhe

0876829049



An Comh.
Alan Harney

An Gleanntán
An Chríoch
Béal Átha na Sluaighe
Co. na Gaillimhe

0879904456



An Comh. Peter
Keaveney

Baile na Sceiche
Gleann na Madadh
Co. na Gaillimhe

0872533098





An Comh. an Dr. Evelyn
Francis Parsons

Cnoc Phlásóg na bhFeá
Béal Átha na Sluaighe
Co. na Gaillimhe

0871365793

Struchtúr Eagraíochtúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024



Liam Conneally
Príomhfheidhmeannach

Forbairt
Tuaithe agus
Pobail,
Imeascadh
agus
Timpeallacht

Ceantar
Bardasach
Bhéal Átha na
Sluaighe

Jackie
Carroll



Bonneagar
Fisiciúil,
Seirbhísí
Dóiteáin agus
Éigeandála agus
Gníomhú ar Son
na hAeráide

Ceantar
Bardasach
Chonamara

Uinsinn
Finn



Seirbhísí
Corparáideacha*,
Acmhainní
Daonna,
Leabharlanna na
Cathrach agus
an Chontae

Ceantar
Bardasach
Bhaile Locha
Riach

Eileen
Ruane



Pleanáil agus
Forbairt
Gheilleagrach

Ceantar
Bardasach
Bhaile Átha an
Rí/Órán Mór

Liam
Hanrahan



Tithíocht

Ceantar
Bardasach
Thuama

Michael
Owens



Airgeadas,
Mótarcháin, TFC
agus Claochlú
Digiteach

Katie
O'Connor



Gníomhairí Dlí

Robert
Meehan



Rialachas

Baineann dea-rialachas san earnáil phoiblí le tosaíochtaí a sheachadadh, cuspóirí a bhaint amach, iompar le hionracas, agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail agus ar bhealaí atá comhsheasmhach le hoibleagáidí dlí, rialála agus beartais rialtais.

Foilsíodh cód rialachais nua d'údaráis áitiúla in 2024 agus tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, comhaontaíodh go gcuirfí i bhfeidhm é ar bhonn céimneach, agus go mbeadh socruithe idirthréimhseacha i bhfeidhm ar feitheamh cur chun feidhme iomlán. Bunaithe ar sheacht bprionsabal rialachais, léiríonn Cód Rialachais an Rialtais Áitiúil seo sainriachtanais na n-údarás áitiúil, aithníonn sé a mbonn reachtúil neamhspleách agus a sainstruchtúir rialachais, agus a gcomhlíontacht le hoibleagáidí reachtúla agus ceanglais rialála.



Ráiteas Rialachais

Aidhm

Is é cuspóir an ráitis rialachais seo faisnéis ábhartha a sholáthar ar na struchtúir rialachais agus na socruithe rialachais laistigh den údarás áitiúil lena n-áirítear ar an gcomhairle, ar choistí, ar bhainistíocht shinsearach agus ar réimsí gaolmhara. Léiríonn sé ár dtiomantas do rialachas éifeachtach, aithníonn sé príomhriachtanais reachtaíochta agus dea-rialachais agus dearbhaíonn sé go bhfuil an Chomhairle ag comhlíonadh oibleagáidí an Chóid Rialachais Rialtais Áitiúil.

Dea-Rialachas

Go bunúsach, baineann dea-rialachas san earnáil rialtais áitiúil agus san earnáil phoiblí níos leithne le tosaíochtaí a sheachadadh, cuspóirí a bhaint amach, iompar le hionracas agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, ar bhealaí atá comhsheasmhach le hoibleagáidí dlí, rialála agus beartais rialtais. Tagraíonn rialachas don chreat rialacha, caidreamh, córas agus próiseas trína ndéantar an t-údarás áitiúil a threorú, a rialú agus a thabhairt chun cuntais agus trína bhfeidhmítear agus ina gcothaítear údarás laistigh d'eagraíocht. Cuimsíonn sé údarás, freagracht, maoirseacht agus ceannaireacht, treoir agus rialú.

Prionsabail Dea-Rialachais

CROÍPHRIONSABAL 1 - Is ionann dea-rialachas agus díriú ar chuspóir an údaráis, ar thorthaí a sheachadann tairbhí inbhuanaithe eacnamaíocha, pobail agus sochaíocha níos leithne agus ar fhís a chur i bhfeidhm don údarás áitiúil.

CROÍPHRIONSABAL 2 - Is ionann dea-rialachas agus luachanna na seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí ardchaighdeán iompair a chomhlíonadh.

CROÍPHRIONSABAL 3 - Is ionann dea-rialachas agus comhaltaí agus oifigigh ag obair le chéile chun cuspóir coiteann a bhaint amach laistigh de chreat ina bhfuil feidhmeanna agus ról sainithe go soiléir.

CROÍPHRIONSABAL 4 - Is ionann dea-rialachas agus cumas eagraíochta agus cumas ceannaireachta, cumas na gcomhaltaí agus na n-oifigeach a fhorbairt chun feidhmiú go héifeachtach agus cuspóir na heagraíochta a chomhlíonadh.

CROÍPHRIONSABAL 5 - Is ionann dea-rialachas agus cinntí eolasacha agus trédhearcacha a dhéanamh agus rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú.

CROÍPHRIONSABAL 6 - Is ionann dea-rialachas agus dul i ngleic go hoscailte agus go cuimsitheach le daoine áitiúla, le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara eile chun freagracht láidir phoiblí a chinntiú.

CROÍPHRIONSABAL 7 - Is ionann dea-rialachas agus rannchuidiú go gníomhach le cur chun cinn agus baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí laistigh den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus fhorálacha an Achta um Aeráid a sheachadadh

Ár dTiomantas do Dhea-Rialachas

Mar Chathaoirleach agus mar Phríomhfheidhmeannach na Comhairle, agus thar ceann na gcomhaltaí tofa, na bainistíochta agus na foirne deimhnímid:

- Go bhfuil na prionsabail rialachais glactha againn mar bhunchloch agus mar bhunfhealsúnacht ar an gcaoi a bhfeidhmímid mar chomhlacht rialaithe agus mar fheidhmeannas.
- Gur glacadh le Cód Rialachais an Rialtais Áitiúil agus go bhfuil athbhreithniú agus measúnú á dhéanamh ar a mhéid atá an Chomhairle ag comhlíonadh an Chóid.
- Go gcuireann an Príomhfheidhmeannach an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais faoi bhráid na gComhaltaí Tofa agus faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an SIFC agus soláthraíonn sé dearbhú ar bhonn bliantúil do na Comhaltaí Tofa. Tá meicníochtaí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta chun na Comhaltaí Tofa a chur ar an eolas faoi aon saincheisteanna a thagann chun cinn lasmuigh den ghnáth-thuairisciú bliantúil.
- Go n-admhaítear agus go gcloítear le comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla agus rialála.
- Go bhfuil soiléireacht maidir le ról agus freagrachtaí bunaithe ar na feidhmeanna forchoimeáda agus feidhmiúcháin agus bunaithe ar théarmaí tagartha an choiste.
- Go bhfuil Cóid Iompair agus dearbhuithe eitice do chomhaltaí agus d'fhostaithe i bhfeidhm.
- Go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus deimhniú go bhfuil an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoi alt 22(1) den Acht foilsithe.
- Déanann an Chomhairle agus na Coistí athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht féin ar bhonn tréimhsiúil.
- Tá socruithe cuí maoirseachta rialachais bunaithe againn maidir le fochuideachtaí, cuideachtaí comhlachaithe agus cuideachtaí gaolmhara.
- Mar chuid dár dtiomantas maidir le maoirseacht agus freagracht éifeachtach, tá ár gcreat dearbhaithe foriomlán forbartha againn agus leanaimid ag cur leis trí úsáid a bhaint as foinsí dearbhaithe seachtracha agus inmheánacha chun dea-fheidhmíocht a chinntiú mar chuid dár gcultúr rialachais.



Cathaoirleach/ Méara


Príomhfheidhmeannach

Dáta: 28/04/2025

Dáta: 28/04/2025

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais 2024 (SIFC)

Réamhrá

Tá mise, Liam Conneally, Príomh-Fheidhmeannach (PF) Chomhairle Chontae na Gaillimhe, freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil (RAB), arna ullmhú ag an Stiúrthóir Airgeadais, i gcomhréir leis an gcód cleachtais cuntasafóichta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil na ráitis airgeadais de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, i gcomhréir leis na leabhair chuntais agus ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na ceanglais chuntasafóichta de chuid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá RAB faoi réir iniúchta sheachtraigh, a dhéanann iniúcháir de Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil, arb é an cuspóir atá leis teacht ar thuairim neamhspleách ar na cuntais agus a lua cé acu an léiríonn an ráiteas airgeadais bliantúil *go cothrom staid airgeadais* an údaráis áitiúil agus a ioncaim agus a chaiteachais don tréimhse atá i gceist, agus cé acu an gcloíonn idirbhearta de chuid an chomhlachta iniúchta leis an údarú reachtúil nó le húdarú eile faoina maítear go ndearnadh iad.

Tuairiscítear in RAB ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe i bhfoirm an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach agus Caiteachas, arna hachóimriú de réir Rannóige. Leagtar amach sa Ráiteas ar Staid Airgeadais staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Chontae na Gaillimhe amhail an 31 Nollaig 2024.

Léiríonn an *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* caiteachas agus ioncam maidir le reáchtáil laethúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Seo a leanas príomhfhoinsí ioncaim Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

	An Bhliain Reatha: 2024 €	An Bhliain Roimhe: 2023 €
Earraí agus Seirbhísí	25,643,229	29,368,317
Deontais agus Fóirdheontais	96,716,263	84,722,200
Ranníocaíochtaí Eile (mar is cuí)	9,026,836	9,031,702
Rátaí	36,093,665	32,770,432
An Cháin Mhaoine Áitiúil	20,309,071	14,517,890

Seo a leanas an ghníomhaíocht maidir leis an gcuntas ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2024:

	An Bhliain Reatha: 2024 €	An Bhliain Roimhe: 2023 €
Ioncam iomlán (lena n-áirítear rátaí agus CMÁ)	187,789,064	170,410,541
Caiteachas	181,356,236	168,147,829
Aistriú chuig cúlchistí	6,431,275	2,259,764
Barrachas don bhliain	1,553	3,278
Cúlchiste Ioncaim Tosaigh	46,204	42,926
Cúlchiste Ioncaim Deiridh	47,756	46,204

Bhí méadú de bheagnach €13 milliún (8%) bliain ar bhliain ar ioncam iomlán don bhliain reatha dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus bhí méadú €8 milliún air i gcomparáid leis an mBuiséad Glactha. Is léiriú é an leibhéal fáis sin ar chaiteachas ar an leibhéal seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe don gheilleagar áitiúil.

Íocann an cuntas ioncaim agus caiteachais as costais laethúla na Comhairle, lena n-áirítear caiteachas amhail tithe a chothabháil, bóithre, Uisce Éireann, pleanáil maidir le húsáid talún, bonneagar bainistíochta dramhaíola a sholáthar, rialú truaillithe, cosaint ar dhóiteán agus comhrac dóiteáin, seirbhísí leabharlainne, costais a bhaineann

le riarachán agus le seirbhísí tacaíochta, párolla, aisíocaíochtaí táillí iasachta, árachas, táillí bainistíochta lárnaí agus íocaíochtaí deontas arna maoiniú ag an rialtas do scéimeanna éagsúla.

I measc na bpríomhchúiseanna leis an méadú sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin:

- Tháinig méadú ar an gcaiteachas iarbhrí ar Thithíocht agus Tógáil i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin de €3.5 milliún. Áirítear ar phríomhspreagadh an mhéadaithe anseo ná cothabháil agus feabhsú Tithíocht Údaráis Áitiúil agus na scéimeanna cóiríochta cíosa (SCC) agus cláir léasaithe.
- Bhí méadú glan €1.5 milliún ar chaiteachas ag Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóthar. Baineann na príomhchúiseanna leis an méadú sin leis an maoiniú a chuir an Roinn ar fáil d’oibreacha cothabhála agus feabhsuithe breise.
- Tháinig méadú beagnach €12m ar an gcaiteachas iarbhrí sa stiúthóireacht bainistíochta forbartha i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ba é príomhspreagadh an mhéadaithe seo ná rolladh amach an deontais Costas Méadaithe Gnó (CMG) do ghnóthaí cáilitheacha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Bhí barrachas beag de €1,553 ag Comhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024. Léiríonn an barrachas seo don bhliain 2024 na hiarrachtaí chun sócmhainní a chosaint agus fás geilleagrach a spreagadh agus seirbhísí á gcothabháil ag an am céanna.

Léiríonn an *Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na Comhairle don bhliain chomh maith leis na figiúirí de chuid na bliana comparáidí mar is cuí.

Áirítear leis an ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla
- Obair ar siúl agus réamhscéimeanna- bóithre agus tithíocht go príomha
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha – iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha- lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc
- Dliteanais reatha agus fhadtéarmacha- iasachtaí morgáiste agus neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/larmhéideanna Éagsúla

Is ionann Glansócmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh 2024 agus €3,964,261,203 agus seo mar a leanas iad:

	An Bhliain Reatha: 2024 €	An Bhliain Roimhe: 2023 €
Sócmhainní Seasta	3,751,990,981	3,703,661,947
Oibreacha ar Siúl	180,237,701	178,472,762
Féichiúnaithe fadtéarmacha	50,996,763	48,662,270
Sócmhainní Reatha	93,443,274	82,303,178
Dliteanais Reatha	48,134,956	46,590,766
Glansócmhainní Reatha/ (Dliteanais)	45,308,318	35,712,412
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná 1 bhliain)	64,272,561	63,717,239
Glansócmhainní/(Dliteanais)	3,964,261,203	3,902,792,152

Tugadh *Ráiteas ar Shreabhadh Cistí* isteach mar chuid de RAB 2011. Cé gur cloíodh le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7 maidir le *Ráiteas ar Shreafaí Airgid*, is mór an difríocht idir gnó na n-údarás áitiúil agus an chuid is mó de na heagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus dá bhrí sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a chinntiú go bhfuil ciall leis na sonraí léirithe agus go bhfuil siad inúsáidte laistigh d’earnáil an rialtais áitiúil.

An Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Mar PF Chomhairle Chontae na Gaillimhe, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach cinnteacht réasúnach seachas lánchinnteacht a thabhairt go bhfuil sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil idirbhearta arna n-údarú agus arna dtaifeadadh go ceart agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go mbraithfí go tráthúil iad. Is próiseas leanúnach é córas rialuithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi bhreithniú leanúnach.

An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Mar PF Chomhairle Chontae na Gaillimhe, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí a leanas:

- Leagadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar leagadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht chuí cheartaitheach a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann a dhéanann athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais go rialta mar chuid dá chlár oibre.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar PF Chomhairle Chontae na Gaillimhe, deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmhligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó doiciméadaithe
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil chórais TFC a chinntiú
- go bhfuil córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus
- go bhfuil treoirilínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla maidir le bainistíocht tionscadail i bhfeidhm.

Comhlíonadh Soláthair

Cinntíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil aird chuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas maidir le tairiscint agus ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirilíne sholáthair ábhartha a chinntiú.

Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Mar Phríomhfheidhmeannach, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a bhfuil pearsanra oilte mar is iomchuí aici, feidhm a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa. Tá a cuid oibre treoraithe ag anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe nochta dóibh agus tá a pleananna d'iniúchadh inmheánach bliantúil bunaithe ar an anailís sin. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar obair leantach ar thorthaí na dtuarascálacha ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúcháireachta éifeachtach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a dhéanann athbhreithniú bliantúil éifeachtachta ar a gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú chomh maith go bhfuil Coiste Iniúcháireachta i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Tá feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúcháireachta mar a leagtar amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014 mar a leanas:

- athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais maidir le tuairisciú airgeadais agus buiséid agus ar nósanna imeachta laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é
- forbairt dea-chleachtais a chothú maidir le comhlíonadh a fheidhme iniúchta inmheánaigh ag an údarás áitiúil
- athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas iniúchta, tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra maidir leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhaíochtaí a rinne a phríomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin mar fhreagairt ar ráiteas nó ar thuarascáil den sórt sin agus tuairisciú ar a thorthaí don údarás sin
- measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead agus iad a chur chun cinn maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar chórais atá á n-oibriú ag an údarás áitiúil le haghaidh rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúcháireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs fhreagrachta mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách aige chun comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúcháireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Tugaim aitheantas do ról an Choiste Iniúcháireachta maidir leis an bpróiseas bainistíochta riosca agus leis an athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar na nósanna imeachta rialachais i gComhairle Chontae na Gaillimhe.

An Creat um Riosca agus Rialú


Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe córas bainistíochta riosca chun feidhme a shainaithníonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir agus tuairiscíonn sé orthu.

Tá clár corparáideach riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann measúnú orthu agus a ghrádaíonn iad de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a uasdátú go rialta. Tá clár riosca i bhfeidhm chomh maith do gach rannóg seirbhíse agus déantar athbhreithniú agus uasdátú orthu go rialta chomh maith.

Úsáidtear na torthaí ar na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh, rud a chinntíonn go bhfuil rioscaí á mbainistiú go leibhéal inghlactha. Mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá ag teastáil chun rioscaí a mhaolú sa chlár riosca agus leagtar oibriú na rialuithe ar bhaill foirne shonracha.

Ós mise an Príomh-Fheidhmeannach, deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe a bhaineann leo agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainitheanta a thuairisciú.

Beidh an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais mar chuid den dréacht-Tuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle faoin 30 Aibreán 2025 agus ina dhiaidh sin san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil foilsithe arna hullmhú agus arna glacadh ag an gComhairle faoin 30 Meitheamh 2025.



Príomhfheidhmeannach

Dáta: 28/04/2025

Iniúchadh Inmheánach, an Coiste Iniúcháireachta san áireamh

Obair iniúchta inmheánaigh a rinneadh in 2024

Is feidhm é an tAonad Iniúchta Inmheánaigh faoin Stiúrtóireacht Seirbhísí Corparáideacha. Gach bliain déantar an Plean Iniúchta Inmheánaigh bliantúil a dhearadh agus a ullmhú i gcomhairle le Bainistíocht na Comhairle, Iniúcháir an Rialtais Áitiúil agus an Coiste Iniúcháireachta agus tá sé ina chuid de chlár oibre an Choiste Iniúcháireachta. Cuireadh an Coiste an Plean Iniúchta Inmheánaigh don bhliain 2024 i láthair agus d’aontaigh siad ina leith ar an 13 Feabhra 2024.

Déantar athbhreithniú bliantúil ar an gCairt Iniúchta Inmheánaigh, a leagann amach ról agus freagrachtaí an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh mar aon le freagrachtaí agus socruithe tuairiscithe na bainistíochta, agus déantar an nuashonrú is déanaí i mí na Nollag 2024 i gcomhréir leis an teimpléad molta arna eisiúint ag Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha.

Dul Chun Cinn ar Phlean Iniúchta Inmheánaigh

In 2024, rinneadh seacht n-iniúchadh thar rannáin éagsúla. Mar chuid de na hiniúchtaí seo bhí seiceálacha comhlíonta, iniúchtaí reachtúla, agus athbhreithnithe fíoraithe. Bhí éagsúlacht sna leibhéil dearbhaithe ó theoranta go substaintiúil, rud a léiríonn nádúr éagsúil na n-iniúchtaí. Cé go raibh moill ar roinnt iniúchtaí, tá cinn eile fós ar siúl, agus sainchomhairleoirí seachtracha fostaithe do shainréimsí. Ar an iomlán, shainaithin na hiniúchtaí go leor réimsí le feabhsú, ag cur le feabhsú leanúnach ar rialuithe inmheánacha agus ar chomhlíonadh.

Chomh maith le hathbhreithnithe cuimsitheacha iniúchta, déanann an tAonad Iniúchta Inmheánaigh seiceálacha comhlíonta go rialta. Tá na seiceálacha sin fíor-luachmhar don eagraíocht agus don Iniúcháir Rialtais Áitiúil, ag soláthar gealltanais i bpríomhréimsí nach gclúdaítear in iniúchtaí iomlána agus mar bhonn eolais do phleananna iniúchta amach anseo.

Rannóg	Réimse	Minicíocht	Gealltanais
Airgeadas - Oifig Mótarchánach	Imréiteach Bainc, Mír Stoic Cealaithe agus Stocáireamh	Ceanncheathrú go Míosúil/Oifigí réigiúnacha Leathbhliantúil	Substaintiúil
	Stocáireamh dheireadh na Bliana	Bliantúil	Substaintiúil
	Aisíocaíochtaí	Go ráithiúil	Substaintiúil
Airgeadas – Deasc Airgid	Admhálacha/lóisteálacha a réiteach, admhálacha cealaithe	Ceanncheathrú go Míosúil	Substaintiúil
Ús um Íocaíocht Phras	Athbhreithniú ar Ús um Íocaíocht Phras don bhliain	Bliantúil	Substaintiúil

Plean Iniúchta Straitéiseach 2025-2029

Cuireadh tús le próiseas ullmhúcháin an Phlean Iniúchta Straitéisigh i ráithe 3 de 2024. Ba é an chéad chéim den phróiseas ná liosta a chur le chéile de ghníomhaíochtaí féideartha in-iniúchta Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Dréachtaíodh an liosta iniúchta ag baint úsáid as foinsí éagsúla cosúil le Pleananna Iniúchta roimhe seo, Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla, Lámhleabhar Treorach Iniúchta Inmheánaigh, Buiséid, Ráitis Airgeadais Bhliantúla, Catalóg Seirbhísí etc. Tá 226 gníomhaíocht fhéideartha in-iniúchta aitheanta ag an gcleachtadh seo. Toisc go bhfuil an fhoireann bainistíochta freagrach as rioscaí a bhainistiú ina réimsí féin, measann an tIniúchadh Inmheánach go bhfuil an taithí is fearr acu chun an leibhéal riosca a bhaineann le gach gníomhaíocht sa liosta iniúchta a shainaithint. Is cuid den dara céim den phróiseas faoi láthair é sin, áit ar cuireadh liosta de ghníomhaíochtaí in-iniúchta ar fáil do gach Stiúrtóir Seirbhíse agus iarradh air gach gníomhaíocht a rátáil i dtéarmaí Ardriosca, Meánriosca nó Ísealriosca. Táthar ag súil go mbeidh an plean críochnaithe faoi R2, 2025.

Tacaíocht don Choiste Iniúcháireachta

Leanann Ceannaire an Iniúchta Inmheánaigh de bheith ag tacú leis an gCoiste Iniúcháireachta ina ndualgais mar Rúnaí ar an gCoiste Iniúcháireachta. Éascaíodh ceithre chruinniú le linn na bliana, mar aon leis an ualach oibre breise chun coiste iniúcháireachta nua a cheapadh tar éis toghcháin áitiúla 2024 agus i gcomhréir le rialacháin I.R. 244/2014 Rialtais Áitiúil (Coiste Iniúcháireachta) 2014. Ina theannta sin, reáchtáladh roinnt cruinnithe le Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta chun tuarascálacha reachtúla agus clár oibre an Choiste Iniúcháireachta a dhréachtú agus a athbhreithniú le linn na bliana.

Forbraíodh córas rianaithe coiste iniúcháireachta freisin chun gníomhartha agus gníomhaíochtaí CI a rianú chun cabhrú le tuairisciú dheireadh na bliana. Eagraíodh Oiliúint don Choiste Iniúcháireachta thar ceann na gcomhaltaí i mí na Nollag 2024.

Dé réir Rialachán 13 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Coiste Iniúcháireachta) agus de réir Phrionsabal 4 den Chód Rialachais d’Údaráis Áitiúla, tá ceangal ar an gCoiste Iniúcháireachta athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a éifeachtacht féin agus tuairisc a thabhairt don Chomhairle ar a thorthaí. Mar rúnaíocht don C.I., d’éascaigh ceannaire an Iniúchta Inmheánaigh an cleachtadh seo trí cheistneoir ríomhfhoirme a fhorbairt. Ba é tátal na dtorthaí ná go ndéileálann an coiste le saincheisteanna cuí agus go ndéanann sé a ghnó ar bhealach gairmiúil le cruinnithe atá dea-eagraithe agus go léiríonn gníomhaíochtaí an Choiste Iniúcháireachta neamhspleáchas ón mbainistíocht. Measadh go raibh measúnú foriomlán ar éifeachtacht fheidhmíocht an Choiste Iniúcháireachta don bhliain 2024 ‘an-mhaith’.

An Coiste Iniúcháireachta

Tar éis na dtoghchán áitiúil i mí an Mheithimh 2024, ceapadh Coiste Iniúcháireachta nua. Bunaítear an Coiste Iniúcháireachta le rún ón gComhairle arna ainmniú ag an nGrúpa Beartais Chorporáidigh agus tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach.

Tá téarma an choiste ag teacht le téarma na Comhairle reatha ar cuireadh tús léi ar an 22 Iúil 2024. Tá cúigear ball ar an gcoiste, triúr ball seachtrach agus beirt bhall Údaráis Áitiúil a bhfuil meascán cuí de scileanna inmhianaithe, eolas agus taithí acu i réimsí Airgeadais/Iniúcháireachta/Bainistíochta Riosca. Ag céad chruinniú an choiste nuacheaptha ar an 5 Samhain, toghadh an Dr. Martina Moloney mar Chathaoirleach ar an gcoiste.



Seo a leanas comhdhéanamh an Choiste ó mhí Iúil 2024:

Dr. Martina Moloney, Cathaoirleach	Comhalta de Bhord na Comhairle Oidhreachta, Iar-Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Contae Lú, Iarchomhalta de - An Chomhairle Ealaíon, An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta
Seamus Duffy	Stiúrthóir Forbartha Pobail Cheantar Bhéal Átha na Sluaighe, Comhairleoir Airgeadais agus iarbhainisteoir bainc

Sarah Roarty	Stiúrthóir Boird Iarnród Éireann ag tabhairt breithiúnais neamhspleách i bhfeidhm ar shaincheisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní, príomh-cheapacháin agus caighdeán iompair don chomhlacht iompair stáit. Feidhmíonn sí mar Chathaoirleach Straitéise, mar Chathaoirleach ar Shábháilteacht agus mar chomhalta den choiste Iniúcháireachta agus Riosca.
An Comh. Mary Hoade	Comhalta tofa, Comhairle Chontae na Gaillimhe
Leas-Cathaoirleach an Comh. Ollie Turner	Comhalta tofa, Comhairle Chontae na Gaillimhe


Oiliúint

D’fhreastail an Dr. Tom Ward ó Fhoireann Rialachais an Fhorais Riaracháin ar Halla an Chontae ar an 10 Nollaig chun oiliúint ionductaithe a sholáthar don choiste nua-thofa. Thug an oiliúint forbhreathnú do chomhaltaí ar ról an choiste iniúcháireachta, conas a sainordú a sheachadadh, a neamhspleáchas agus a gcaidreamh leis an bhFeidhmeannas, réimsí riosca atá ag teacht chun cinn le breithniú agus éifeachtacht an choiste iniúcháireachta.

Tinreamh

Reáchtáladh cruinnithe go pearsanta le linn 2024, agus éascaíodh do chomhalta amháin freastal go cianda uair amháin.


Reáchtáladh 4 chruinniú den Choiste Iniúcháireachta in 2024. Bhí rannpháirtíocht láidir ó chomhaltaí uile an Choiste ag gach cruinniú.



Clár Oibre

Chomh maith lena fheidhmeanna reachtúla, is é fócas an Choiste Iniúcháireachta nuacheaptha ná go bhfreastalódh an fhoireann shinsearach bainistíochta ar chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí a eascraíonn as tuarascálacha iniúchára eisithe (inmheánach agus seachtrach), tuarascálacha an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (CNMI) agus Luach ar Airgead (LAA), chomh maith le rioscaí aitheanta atá san áireamh sa Chlár Riosca Corparáideach. Leanfar leis seo i gClár Oibre 2025 agus tabharfar tosaíocht do Bhainistíocht Riosca. Ullmhaíonn an coiste a dtuarascáil Gníomhaíochtaí Bliantúla. Tugadh tuarascáil 2024 os comhair na Comhairle i mí an Mhárta 2025.

Gníomhaíochtaí Tagairt Clár Oibre



Féachann an Coiste Iniúcháireachta ar dhul chun cinn i gcoinne a chlár oibre bliantúil, an Plean Iniúcháireachta Inmheánaigh bliantúil, agus na moltaí i dTuarascálacha Iniúchára ag gach cruinniú le linn na bliana. Tugadh roinnt cur i láthair don choiste.

D’eisigh CNMI tuarascáil ar an bhfeidhm Iniúcháireachta Inmheánaí in údaráis áitiúla i mí an Mhárta 2024. Leanfaidh an coiste d’athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar mholtaí thuarascáil CNMI agus admhaíonn sé go dtugann an fhaisnéis a bhailítear trí Thuarascálacha Iniúchára Inmheánaigh léargas suntasach don Choiste ar bhainistíocht agus ar oibríochtaí na Comhairle.

Déanann an coiste plé leanúnach ar chur i bhfeidhm mholtaí na hIníúcháireachta Inmheánaí ar fud na heagraíochta agus leagann sé béim láidir ar obair leantach tráthúil ar bith atá fós le déanamh.

Cuir i Láthair	Córas Riosca Corparáideach	Cur i láthair ar an gClár Riosca Corparáideach ag L. Keady	2024	Ráithe 4
Cuir i Láthair	Cibearshlándáil i gComhairle Chontae na Gaillimhe	Cur i láthair ag Ceannaire TF, Michael Martyn ag tabhairt forbhreathnú ar cibearshlándáil in CCG	2024	Ráithe 1
Cuir i Láthair	Bonneagar agus Oibríochtaí - Iarmhéideanna Caipitil Neamh-mhaoinithe	Athbhreithniú ar Iarmhéideanna Caipitil Neamh-mhaoinithe BIÉ ag an Stiúrthóir Seirbhísí, Uinsinn Finn	2024	Ráithe 2
Cuir i Láthair	Tuarascáil IPB Insurance 2023	D'iarr an Coiste Iníúcháireachta ar an Oifigeach Rialaithe Riosca, an tUasal E Lydon, freastal ar chruinniú chun staitisticí i dtuarascáil R4 IPB a shoiléiriú	2024	Ráithe 2
Cuir i Láthair	Tuarascáil IPB Insurance 2023	Arna chur i láthair ag Iníúchadh Inmheánach thar ceann an Oifigigh Rialaithe Riosca, an tUasal E Lydon	2024	Ráithe 1
Cuir i Láthair	Stádas Athbhreithnithe Rátaí agus nósanna imeachta do CCG	Stádas Athbhreithnithe Rátaí agus nósanna imeachta don GCC le S. Canney, lena n-áirítear soiléirithe ar thuarascáil LAA - Athbhreithniú ar Rátaí in Údarás Áitiúla	2024	Ráithe 1

Bhuail an coiste freisin leis an bPríomhfheidhmeannach, an Ceann Airgeadais agus an tIníúcháir Rialtais Áitiúil ag pointí éagsúla i rith na bliana. Freastalaíonn Ceannaire na hIníúcháireachta Inmheánaí ar na cruinnithe go léir agus tugann sé nuashonruithe rialta ar obair na feidhme Iníúcháireachta Inmheánaí agus tugann sé tuarascálacha ar dhul chun cinn i dtaca le moltaí litir bhainistíochta an Iníúcháir Rialtais Áitiúil.

Tuarascálacha reachtúla don Chomhairle

Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iníúcháireachta 2023, an clár oibre agus an Chairt faoi bhráid na Comhairle le tabhairt faoi deara ag an gcruinniú iomlánach a tionóladh ar an 25 Márta 2024. [Miontuairisc 4305](#). Tá tuarascáil reachtúil an Choiste Iníúcháireachta ar Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023 an Iníúcháir Rialtais Áitiúil tugtha chun críche agus tugadh faoi bhráid an Cruinniú iomlánach í ar an 27 Eanáir 2025. [Miontuairisc 4495](#).

An tSeirbhís Chomhairleach DLí

Lean Rannóg na nGníomhairí DLí uirthi ag cur na gnáthsheirbhísí dlí agus comhairleacha ar fáil do gach réimse cláir agus do Stiúrthóireachtaí i rith 2024.

Áiríodh leis na seirbhísí sin maoin a fháil agus a dhíol (réimse cleachtais atá ag méadú i gcónaí i bhfianaise na ndúshlán leanúnach maidir le heaspa dídine agus tithíocht), stiúradh dlíthíochta lena n-áirítear ionchúisimh forfheidhmithe na Cúirte Dúiche, an Chúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt, lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach, agus iad go léir tar éis tosú arís ag na gnáthleibhéil le forbairtí laistigh de na Seirbhísí Cúirte chun soláthar a dhéanamh d'éisteachtaí cúirte pearsanta agus ar líne araon. Ba réimsí suntasacha oibre freisin do Rannóg an Ghníomhaire DLí iad éadálacha talún, orduithe ceannaigh éigeantaigh (OCÉnna) ar bhealaí idir-uirbeacha agus scéimeanna leathnaithe bóithre a thabhairt chun críche. Is ualach oibre suntasach don rannóg freisin é Forfheidhmiú an Chóid agus tá ionchúisimh phleanála agus chomhshaoil i ndlínsí cúirte éagsúla mar chuid de. Tá réimse nua oibre suntasaí a leanfar ar aghaidh sa todhchaí á léiriú ag an Scéim Deontais Athchóirithe Réadmhaoine Folamh atá á cur i bhfeidhm ag Rannóg an Ghníomhaire DLí i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa Stiúrthóireacht Tithíochta.

Déantar an Córas Cásbhainistíochta, a éascaíonn úsáid teimpléad chun sreafaí oibre a chruthú do sheachadadh éifeachtach agus cost-éifeachtach na seirbhísí dlí, a nuashonrú go leanúnach gach bliain mar chuid dár n-iarrachtaí chun éifeachtacht uasta a chinntiú in úsáid agus oibriú dár gcuid na huirlise riachtanaí bainistíochta oifige seo.

Leanadh den obair ar Chlár Tailte na Comhairle, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe in aonaid eile amhail Córas Faisnéise, Airgeadas agus Tithíocht. Tá dul chun cinn suntasach déanta i dtéarmaí an Chláir Leasa Maoine, agus go deimhin maidir le seanchomhaid a Chartlannú. Ceadaíodh maoiniú do réiteach bogearraí don Chlár Leasa Maoine

roimhe seo agus leanann Oifig an Ghníomhaire Dlí ag plé le soláthraithe seirbhíse éagsúla d'fhonn an córas is oiriúnaí a fháil sa deireadh. Tá soláthar foirne don Aonad nua um Chlár Leasa Maoine faofa freisin agus sainaitníodh an fhoireann tosaigh, agus tá na hiarratais fhoirmiúla foirne ina gcomhaid leis an Rannóg Acmhainní Daonna. Tá sé seo ag teacht le riachtanais an Iniúcháir Rialtais Áitiúil.

Chuir Rannóg an Ghníomhaire Dlí seirbhísí tacaíochta agus comhairleacha breise ar fáil freisin d'Fheidhmeannach na Comhairle agus d'fhoireann tacaíochta riaracháin laistigh de na sainréimsí Rialachais Chorpáraidigh, Cosaint Sonraí (RGCS), Saoráil Faisnéise (SF), Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC), Oifig an Ombudsman agus an Cláráitheoir Eitice, lena n-áirítear foinsí sainchomhairle agus sainchomhairle agus tuairimí ón Abhcóide Dlí, de réir mar is cuí.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Ceanglaíonn Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 ar

chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le

deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint d'úsáideoirí seirbhíse, do chomhlachtaí, d'fhostaithe agus do thairbhíthe beartais agus a gcuid feidhmeanna go léir á gcomhlíonadh acu.



In 2023, chruthaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe na coinníollacha riachtanacha chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) a chur i bhfeidhm. Bunaíodh grúpa oibre tras-eagraíochta chun an próiseas seo a éascú, ag obair le comhairleoir seachtrach chun na nithe seo a leanas a fhorbairt:

- Ráiteas um luachanna comhionannais agus cearta an duine.
- Measúnú ar cheisteanna comhionannais agus cearta an duine a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle.
- Plean Forfheidhmithe don Dualgas, a sholáthraíonn fráma dá chur i bhfeidhm leanúnach.

Ar an 25 Iúil 2023, ghlac an Fhoireann Bainistíochta an Plean Cur Chun Feidhme. Tá an Measúnú Comhionannais agus Cearta an Duine (le Leabhar Fianaise) agus an Plean Forfheidhmithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin

<https://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/corpdocs/>.

Le linn 2024, ba í an phríomhfhorbairt ná ionchorprú na Dleachta sa Phlean Corparáideach 2025-2029.

I gcomhlíonadh an Dualgais soláthraíonn an plan rochtain ar mheasúnú ar cheisteanna comhionannais agus cearta an duine a bhaineann lenár bhfeidhmeanna agus na pleananna, na beartais agus na gníomhartha a bheidh á ndéanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo. Áiríodh leis an bpróiseas pleanála measúnú tionchair comhionannais agus cearta daonna a dhéanamh ar an dréachtplean ag an gcéim dheidh den dréachtplean agus ionchorprú na dtorthaí sin.

Le linn 2024, leanamar ar aghaidh ag cur ár bplean forfheidhmithe do Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) i bhfeidhm agus is achoimre é seo a leanas ar na forbairtí agus ar an méid atá bainte amach anseo:

- Céimeanna glactha faoi Alt 42(1): *Cineálacha beartas a bhfuil Measúnuithe Tionchair ar Chomhionannas agus Cearta an Duine déanta ina bhforbairt agus ina n-athbhreithniú.* Rinneamar Measúnú Tionchair ar Chomhionannas agus Cearta An Duine ar an bPlean Corparáideach agus ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Céimeanna glactha faoi Alt 42(2): *Beartais, pleananna, gníomhartha spriocdhírithe arna bhforbairt agus/nó á gcur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt go díreach ar na grúpaí aitheanta don Dualgas nó do na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine inár measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine e.g. An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil*
- Céimeanna a ghlactar chun tacú leis an bhfoireann i gcur i bhfeidhm an Dualgais a chumasú lena n-áirítear ábhair Tacaíochta a fhorbairt mar aon le seachadadh roinnt imeachtaí meantóireachta.

Bailíodh faisnéis níos mionsonraithe, lena n-áirítear na torthaí nua do na grúpaí aitheanta agus feabhsuithe a rinneadh ar sheachadadh ár bhfeidhmeanna chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a aithníodh inár measúnú faoin Dualgas, agus tá siad san áireamh in [Aguisín 3](#) den tuarascáil seo.

Oifig an Choimisinéara Teanga

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis leanúint lena comhoibriú le hOifig an Choimisinéara Teanga chun dul i ngleic le himní a d'ardaigh an pobal maidir le seirbhísí agus reachtaíocht Ghaeilge.

Le bliain anuas, fuaireamar seacht ngearán ó Oifig an Choimisinéara Teanga, agus bhain gach ceann díobh le logainmneacha míchearta. Bhain ceithre cinn de na gearáin sin le comharthaí bóithre, agus bhain trí cinn le hearráidí ó logainmneacha sa litríocht chlóite. Tugadh aghaidh go pras ar na saincheisteanna sin agus ceartaíodh iad. Mar chomhlacht poiblí, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi réir monatóireacht bliantúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021, go sonrach maidir lenár gcleachtais fógraíochta.

Faoi Acht, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil ar a laghad 20% dá bhfógraí i nGaeilge—is ionann sin agus fógra amháin as gach cúig cinn—i nuachtáin áitiúla agus náisiúnta nó ar ardáin fógraíochta íoctha. Ina theannta sin, caithfidh 20% de phostálacha ar na meáin shóisialta a bheith i nGaeilge. Chomh maith leis sin, ní mór do chomhlachtaí poiblí ar a laghad 5% dá mbuiséad bliantúil fógraíochta a chaitheamh ar chuideachta meán Gaeilge, a chaithfidh íosmhéid de 50% dá ábhar a fhoilsiú trí mheán na Gaeilge.

In 2024, sháraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe cuid de na riachtanais sin trí 39.13% dá fógraí clóite a fhoilsiú i nGaeilge, mar aon le 42.51% dá fógraí meán sóisialta a phostáil i nGaeilge. Ina theannta sin, caitheadh 4.69% dár mbuiséad bliantúil fógraíochta leis an gcomhlacht meán Gaeilge Tuairisc.ie.

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe treoir freisin ó Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le soiléireacht na comharthaí agus a cuid freagrachtaí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus freisin maidir le reachtaíocht a bhaineann leis an Roinn Iompair.

Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020-2024

Cuireann Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 – 2024, arna ghlacadh ag Comhaltaí Tofa de Chomhairle Chontae na Gaillimhe, creat ar fáil a chuireann ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe treoir agus forbairt straitéiseach Chontae na Gaillimhe a threorú don tréimhse 2020 - 2024.

Thacaigh na spriocanna straitéiseacha agus na straitéisí tacaíochta a aithníodh sa Phlean le Comhairle Chontae na Gaillimhe a cuid feidhmeanna a chur i gcrích, tús áite a thabhairt dá gníomhaíochtaí, agus measúnú a dhéanamh ar a dul chun cinn. Bhí na croíluachanna mar bhonn agus mar threoir do sholáthar seirbhísí údarás áitiúil thar an tréimhse 2020 - 2024, agus léirigh an misean an tábhacht a bhaineann le caighdeán na beatha a fheabhsú do mhuintir Chontae na Gaillimhe trí fhorbairt pobail agus forbairt gheilleagrach a threorú agus a neartú agus seirbhísí éifeachtúla agus inbhuanaithe a sholáthar. Baineadh amach ár misean agus ár bhfís trí roinnt spriocanna idirghaolmhara a bhaint amach. Chuir an chomhairle raon Straitéisí Tacaíochta i bhfeidhm chun na spriocanna sin a bhaint amach. Bhí na Straitéisí Tacaíochta seo mar bhonn leis na feidhmeanna atá leagtha amach sna Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla agus i Sceideal Oibre na gCeantar Bardasach.

Tá measúnú ar ár bhfeidhmíocht in éadan na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2024 san áireamh freisin laistigh de [Chuspóirí Straitéiseacha agus Feidhmíocht](#) na tuarascála seo, agus tá sonraí ar ár bpríomhtháscairí feidhmíochta san áireamh in [aguisín 1](#) den tuarascáil seo. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach le do thoil ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 – 2024, atá ar fáil laistigh de Bhuiséad Bliantúil 2024 Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is féidir leat féachaint air ag an nasc seo a leanas: <https://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/finance/annualbudgets/>



Spriocanna Straitéiseacha

Rannpháirtíocht Phobail	• <i>“An rannpháirtíocht is leithne agus is féidir a éascú le saoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae.”</i>
Forbairt Gheilleagrach agus Fiontraíochta	• <i>“Forbairt leanúnach agus inbhuanaithe gheilleagrach agus fiontraíochta ár gcontae a uasmhéadú.”</i>
Acmhainn Infreastruchtúir	• <i>“A chinntiú go bhfuil ár n-infreastruchtúr fisiciúil agus sóisialta forbartha go leor chun tacú le forbairt gheilleagrach, agus chun caighdeán ár mbeatha a fheabhsú.”</i>
Cumas Eagraíochtúil	• <i>“Cumas eagraíochtúil a uasmhéadú trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlacht oibriúcháin, bainistíocht airgeadais agus riosca agus forbairt ár bhFoireann agus ár gComhaltaí Tofa.”</i>
Cosaint an Chomhshaoil agus na hoidhreachta	• <i>“Ár gcomhshaol, ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dteanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis an nglúin seo agus leis na glúnta atá le teacht.”</i>
Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí	• <i>“A chinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí i gcroílár gach a ndéanaimid.”</i>

Cuspóirí Straitéiseacha agus Feidhmíocht

Tugann an rannán seo forbhreathnú ardleibhéil ar mhóréachtaí gach aonaid i rith 2024. Chun tacú agus nuashonrú cuimsitheach a sholáthar, tá tuarascáil thorthaí an Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2024 san áireamh. Imlíonn an tuarascáil seo na príomhsheirbhísí a chuireann an Chomhairle ar fáil don phobal le linn na bliana. Tá an Plean bunaithe ar na Spriocanna Straitéiseacha agus na Straitéisí Tacaíochta mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach 2020-2024.

Le haghaidh léargas níos mionsonraithe ar oibríochtaí agus ar éachtaí gach aonaid, féach le do thoil ar na **Tuarascálacha Míosúla Bainistíochta** don Chruinniú Iomlánach. Tugann na tuarascálacha seo léargas cuimsitheach ar ár n-éifeachtacht oibriúcháin agus tá siad ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag <https://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/corpdocs/>.

Stiúrthóireacht: Tithíocht

Torthaí Maithe Maidir Le Leithdháiltí Tithíochta

I mbliana, bhaineamar torthaí inmholta amach maidir le leithdháiltí tithíochta, réadmhaoin shaor ócáideach, agus réadmhaoin shaor nua. Le níos mó ná 3,000 réadmhaoin, ní raibh aon réadmhaoin shaor ar fáil chun réadmhaoin a ligean ar cíos ag deireadh na bliana. Thugamar breis agus 500 eochair do thionóntaí faoi chlár an Údaráis Áitiúil (ÚÁ), Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT), an Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC), agus Morgáiste go Cíos (MGC). Ina theannta sin, rinne an Garda Síochána grinnfhiosrúchán ar bhreis is 1,500 iarratasóir agus baill dá dteaghlaigh. Go deimhin, sháraíomar an chloch mhíle de 3,000 réadmhaoin faoi úinéireacht ÚÁ i mí na Samhna 2024.

Céim Iontach do Thithíocht Inacmhainne

Bhí na chéad tithe inacmhainne i gContae na Gaillimhe ó 2013 beagnach críochnaithe i mBaile Chláir. Mar gheall ar forbairt Gharraí na Gaoithe beidh 61 aonad tithíochta inacmhainne ar fáil. Sa chéim tosaigh beidh 17 teach nua-aimseartha, agus tugadh ainmniúcháin chun críche faoi dheireadh na bliana. Tá an-suim iontu, agus fuarthas 165 iarratas. Tá an tógáil ar na 44 teach eile le bheith críochnaithe in 2025.



Íomhánna ríomhghinte d'Fhorbairt Gharraí na Gaoithe i mBaile Chláir

Dul i ngleic le Rátaí Folmhaithe le Plean Gníomhaíochta Nua 5 Bliana

Sheol Comhairle Chontae na Gaillimhe Plean Gníomhaíochta cúig bliana um Thithe Folmha 2024-2029 chun aghaidh a thabhairt ar rátaí folmhaithe agus chun an soláthar tithíochta a mhéadú. Ba é 6.0% an ráta folmhaithe cónaithe i mí an Mheithimh 2023, tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo réadmhaoine tearcúsáidte a athbheochan. Chonacthas suim shuntasach i nDeontas Athchóirithe Réadmhaoine Foilme Croí Cónaithe, le 465 iarratas faighte agus 283 ceadaithe, arbh ionann é agus infheistíocht €16 milliún chun pobail a athnuachan.



Díriú ar Réadmhaoín Fholamh agus Tréigthe

Tá 40 foirgneamh tréigthe aitheanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le cur san áireamh sa chéad chéim de chlár náisiúnta chun dul i ngleic le líon na réadmhaoine foilme agus tearcúsáid. Tá treoir tugtha d'úinéirí réadmhaoine na foirgnimh seo a thabhairt ar ais in úsáid nó tá baol ann go bhfaighidh an tÚdarás Áitiúil éadail éigeantach.



Faomhadh Riachtanais Iasachta Tithíochta

I mí na Samhna, cheadaigh na Baill Tofa €66.5 milliún i riachtanais iasachtaíochta tithíochta chun tionscadail rithábhachtacha a mhaoiniú. Tacóidh sé sin le roghanna cíosa inacmhainne agus costais, athghinfidh sé pobail agus infheisteoidh sé i dtithíocht shóisialta atá ann cheana féin. Leis an bhfaomhadh beifear in ann na chéad tithe inacmhainne ar cíos de réir costais a sheachadadh agus trí scéim tithíochta inacmhainne a chur chun cinn i mBaile Chláir agus i mBaile Átha an Rí.

Clár Seachadta Caipitil Tithíochta

Faoi phlean Tithíocht do Chách an Rialtais, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an mbóthar ceart chun breis agus 500 teach tithíochta sóisialta nua a sholáthar sa dá bhliain atá romhainn. Áirítear leis seo tithíocht sheasmhach, ar ardchaighdeán trí thógálacha díreacha, forbairtí lándéanta, agus comhpháirtíochtaí le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna). Tá an Chomhairle dírithe i gcónaí ar dhaingneacht tionachta a sholáthar, aghaidh a thabhairt ar easpa dídine, soláthar a mhéadú, agus úsáid éifeachtach a bhaint as stoc reatha chun pobail inbhuanaithe a thógáil.

Oscailtí Oifigiúla agus Forbraíochtaí Nua

- Gort Na gCloch, Bóthar an Ospidéil, An Clochán: Oscailte go hoifigiúil le dearadh inti nua-aimseartha.
- Páirc na Cille, Baile an Teampaill, Bóthar Weir, Tuaim: Forbraíocht nua tithíochta.
- Páirc na Darach, Béal Átha Mó: Tógáil leanúnach agus táthar ag súil go gcríochnófar é in Aibreán 2025.



Cláir Idirghníomhacha ar Sholáthar agus Éileamh Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe



Qty. Beds	Unit Type
☐ 1	☐ Existing
☐ 2	☐ New Property
☐ 3	
☐ 4	
☐ 5	
☐ 6	

Tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil feabhas leanúnach á chur ar Chláir Idirghníomhacha ar Sholáthar agus Éileamh Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tugann an leathanach gréasáin dinimiciúil seo léargais chuimsitheacha ar an stoc tithíochta sóisialta agus ar an éileamh, rud a chuireann ar chumas úsáideoirí faisnéis mhionsonraithe a nuashonraítear go laethúil a fháil.

Trí iniúchadh a dhéanamh ar na cláir sin, beidh úsáideoirí ar an eolas faoi na treochoirí agus na staitisticí is déanaí maidir le tithíocht shóisialta, rud a chuirfidh ar a gcumas an tírdhreach tithíochta reatha a thuiscint.

Tabhair cuairt ar www.galway.ie/en/services/housing/supplydemand/ chun teacht ar ár dtuarascálacha idirghníomhacha agus chun ár soláthar agus ár n-éileamh reatha tithíochta a chuardach.

Stiúrtóireacht: Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Leabharlanna na Cathrach agus an Chontae

Éachtaí Seirbhísí Corparáideacha

D'éirigh le Seirbhísí Corparáideacha cuspóirí 2024 go léir a bhaint amach, rud a léiríonn dúthracht agus obair chrua ár bhfoirne. I mbliana, rinneamar comhaireamh rathúil a phleanáil agus a chur i gcrích do na Toghcháin Áitiúla go cúramach, ag cinntiú aistriú rianúil chuig an gComhairle nua a foirmíodh i mí an Mheithimh 2024, ina bhfuil 10 gcomhalta nuathofa.

Beartas Straitéiseach agus Rialachas

Chuireamar tús freisin le Plean Corparáideach 2025-2029 a fhorbairt trí rannpháirtíocht bhríoch le páirtithe leasmhara, le comhaltaí agus leis an bhfoireann. Ghlac na Comhaltaí leis an bplean cuimsitheach seo go bródúil ag an gCruinniú Iomlánach i mí na Samhna, ag leagan amach treo shoiléir don todhchaí agus ag treisiú ár dtiomantas do shármhaitheas i rialachas agus seachadadh seirbhíse.

I mí Mheán Fómhair 2024, ghlacamar le Scéim Beartais Straitéisigh nua, agus tá coistí nua le bunú go luath in 2025. Leanann ár dtiomantas do rialachas láidir le forbairt leanúnach an Chreata Rialachais Chorporáidigh.

Clár na dToghthóirí: Ionracas Toghcháin a Chinntiú

Bhí foireann na Seirbhísí Corparáideacha, faoi stiúir fhoireann Chlár na dToghthóirí, lárnach i bpróiseáil na n-iarratas ar fad a fuarthas do na trí imeacht toghcháin a reáchtáladh in 2024:

- 8 Márta (Reifreann)
- 7 Meitheamh (Toghcháin Eorpacha agus Áitiúla)
- 29 Samhain (Toghchán Dála)



Ó 1 Eanáir go 12 Samhain 2024, próiseáladh breis agus 31,000 iarratas trí ChecktheRegister nó i gcóip chrua. Áiríodh leis an iarracht chuimsitheach seo toghthóirí nua a bhain 18 mbliana amach ó 2020 a chur leis agus sonraí na dtoghthóirí reatha a nuashonrú. Tar éis Dhaonáireamh 2022, aistríodh 14,000 toghthóir ó Dháilcheantar na Gaillimhe/Ros Comáin go Gaillimh Thoir, rud a d'éascair TD breise do Ghailimh Thoir. Léiríonn na héachtaí seo cur chuige na foirne uile, rud a chinntíonn beachtas agus sláine chlár na dtoghthóirí agus a éascaíonn próisis toghcháin atá réidh agus éifeachtach le linn na bliana.



Pobal agus Éachtaí á gCeiliúradh

D'éirigh thar barr le **Bál bliantúil an Chathaoirligh**, a thug an pobal le chéile chun tacú le dhá charthanacht iontacha: ACT for Meningitis agus i4Life. Ar siúl i mí na Bealtaine 2024, bailíodh beagnach €15,000 do na cúiseanna áitiúla seo.



Ba é buaicphointe na hoíche ná fógairt **bhuaiteoirí Ghradam an Chathaoirligh**, ag tabhairt aitheantais do dhaoine aonair agus do ghrúpaí a bhfuil tionchar suntasach acu ar chaighdeán na beatha i bpobail ar fud Chontae na Gaillimhe. Déanann na gradaim bhliantúla seo



ceiliúradh ar thiomantas na ndaoine a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí pobail agus deonacha, ag léiriú a gcuid oibre iontaí.



Áiríodh leis an searmanas bronnta Gradaim Aitheantais Speisialta a bronnadh ar theaghlaigh Saoirse Ruane as Cill Tulach agus Martin Horgan as Órán Mór. Bhí LRP Chontae na Gaillimhe (Líonra Rannpháirtíochta Poiblí) ina páirtí le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun na gradaim a sheachadadh, agus fógraíodh na buaiteoirí ag Bál Carthanachta Bliantúil an Chathaoirligh.



Chomh maith leis sin bhí fáiltithe cathartha againn chun éachtaí shaoránaigh agus lucht spóirt den scoth ár gcontae a cheiliúradh lena n-áirítear iad a ndearnadh ceiliúradh orthu i mí na Samhna, Keith Finnegan, Club Sinsir Iomána Naomh Tomás agus Foireann Shinsir Peile na mBan Cill Choirín-Cluain Bheirn.

Reáchtáladh filleadh abhaile ar leith do Pheileadóirí na Gaillimhe, a bhí i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann i mí Iúil 2024.

Bainistíocht Áiseanna agus Foirgneamh

Tionscnaimh Bhainistíochta agus Laghdaithe Fuinnimh: Bhí monatóireacht agus bainistíocht maidir he héifeachtúlacht fuinnimh ina tosaíocht i gcónaí, agus chuir Halla an Chontae feabhas ar a Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) oibriúcháin agus athchóiríodh go leor painéal fótvoltachais ar fhoirgnimh údaráis áitiúil.

Sláinte agus Sábháilteacht: Lean an tAonad Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag comhlíonadh riachtanais an Chláir Bainistíochta Sábháilteachta, lena n-áirítear tástáil ar fhearais iniompartha (PAT), tástáil legionella, tástáil tréimhsiúil ar shuiteálacha leictreacha, measúnuithe monatóirí (VDU), tástáil ar aláraim dóiteáin agus soilse éigeandála, agus iniúchtaí reachtúla ar ardaitheoirí paisinéirí, córais rochtana dín, agus córais téimh gháis. Rinneadh Cigireachtaí Sláinte agus Sábháilteachta rialta de réir Phlean Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta na Comhairle.



Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtionscadail éagsúla agus i ngníomhaíochtaí cothabhála. Rinneadh tírdhrechtú agus cothabháil áineasa i bPáirc Rinn Mhíl, uasghrádaíodh cosáin phoiblí, agus rinneadh suirbhé ar chríonadh siar fuinseoige as a lean cothabháil crann agus tírdhrechtú. Péinteáladh aghaidheanna seachtracha Ionad Fóillíochta Thuama, Leabharlann Dhún Mór, agus Leabharlann Phort



Omna, agus cuireadh urláir agus fuinneoga nua in ionad seomra Oifig Bhaile Locha Riach. Deisíodh córais téimh agus córas bainistíochta foirgneamh i Leabharlann agus oifig Bhéal Átha na Sluaighe, chomh maith le Leabharlann Thuama. Críochnaíodh tuarascáil comhairleora dóiteáin d'Ionad Léirmhínte Eachroma, lena n-áirítear praghsáil le haghaidh oibreacha feabhais. Suiteáladh gineadóir i Halla an Chontae chun soláthar cumhachta gan bhriseadh a chinntiú. Tugadh aghaidh ar sceitheadh díonta i Lár an Phointe, agus críochnaíodh 90% den obair, agus suiteáladh córais slándála breise in oifigí Bhaile Átha an Rí agus Phort Omna. Rinneadh go leor druileanna sábháilteachta dóiteáin i bhfoirgnimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Rinneadh monatóireacht ar shláinte agus sábháilteacht conraitheoirí agus foirgneamh údaráis áitiúil, lena n-áirítear an clár Inniúlachta Sláinte agus Sábháilteachta a nuashonrú agus iniúchtaí sábháilteachta a dhéanamh. Bunaíodh an t-ionad comhairimh do na toghcháin áitiúla go rathúil, rud a chinntigh próiseas réidh.

Tríd is tríd, ba shuntasach an bhliain le héachtaí suntasacha maidir le cothabháil, sábháilteacht, agus éifeachtúlacht oibriúcháin, rud a léiríonn ár dtiomantas d'fheabhas agus do dhul chun cinn leanúnach.

Sábháilteacht Uisce

Leanamar ag cur ár gclár sábháilteachta uisce i bhfeidhm ar fud an chontae, chomh maith le seirbhís Garda Tarrthála roinnte a sholáthar laistigh den Chathair agus den Chontae araon ar fud 16 limistéar snámha ainmnithe. Tá na hiarrachtaí seo rithabhachtach chun sábháilteacht ár gcónaitheoirí agus ár gcuariteoirí a chinntiú. Tá an fhoireann faoi stiúir ár nOifigeach Forbartha Sábháilteachta Uisce agus tá 55 Garda Tarrthála ann, atá tiomanta d'ardchaighdeáin sábháilteachta a chothabháil agus chun freagairt go héifeachtach d'éigeandálaí ar bith.



Seirbhís do Chustaiméirí, Caitheamh Aimsire agus Áiseanna a Fheabhsú, agus An Ghaeilge a Chur Chun Cinn

I mí Mheán Fómhair, d'óstáil foireann Oifig na Gaeilge Scoil an Phiarsaigh, imeacht a reáchtáladh in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc. Léirigh an ócáid seo spiorad cultúrtha agus fiontraíochta Chonamara trí mheán na Gaeilge. Bhí éagsúlacht gníomhaíochtaí cultúrtha, ceoil agus ceardlanna idirghníomhacha ar siúl i Scoil an Phiarsaigh, rud a chuir eispéireas tumtha ar thraidisiúin agus ar oidhreacht shaibhir Chonamara ar fáil don lucht freastail.

Ionad Léirmhínithe Eachroma



Tugadh ár sraith léachtaí Samhraidh saor in aisce ag Ionad Léirmhínithe Eachroma ar ais in 2024. Tá an t-ionad seo dírithe ar Chath Eachroma, ceann de na cathanna is suntasaí agus is fuilte i stair na hÉireann, a tharla ar an 12 Iúil 1691. Cuireann an t-ionad eispéireas idirghníomhach agus tumthach ar fáil, lena n-áirítear cuir i láthair closamhairc agus taispeántais theagmhálacha, a chuireann beocht sna himeachtaí stairiúla. Mar shócmhainn luachmhar turasóireachta d'Oirthear na Gaillimhe, meallann Ionad Léirmhínithe Eachroma cuairteoirí a bhfuil suim acu i stair agus in oidhreacht na hÉireann, rud a chuireann le fás eacnamaíoch áitiúil agus caomhnú cultúrtha. Chuireamar fáilte roimh 785 cuairteoir chuig Ionad Eachroma sa tréimhse ó 16 Bealtaine go 1 Meán Fómhair, 2024.

Áineas agus Conláistí

Fuair ár bhfoireann Áineasa agus Conláistí maoiniú in 2024 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige do thionscadal Athchóirithe Clós Súgartha na Páirce Móire i dTuaim. Arna chómhaoiniú ag an gcomhairle, áiríodh leis an tionscadal trealamh a dheisiú, aonad il-imirte agus sleamhnán a athsholáthar, agus painéil súgartha chéadfacha a shuiteáil. Tá na hoibreacha críochnaithe anois. Ina theannta sin, cuireadh míreanna nua le Clós Súgartha Gharraí Bhríde agus le Clós Súgartha Bhóthar an Ghoirt i mBaile Locha Riach le linn 2024 faoin larratas ar Dheontas Ciste Aitheantais Pobail a rinneadh ar son Obair d'Ógra Éireann.



Raon Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe

Chomhoibrigh ár bhfoireann Oibríochtaí le Sportskey Technology chun córas nua eochaircheap Rialaithe Rochtana a shuiteáil, atá le bheith i bhfeidhm ó thús Eanáir 2025. Tabharfaidh an córas seo deis do ghrúpaí am, idir 5 pm agus 9 pm, agus roimh 9 am gach maidin, a chur in áirithe ar líne, cosúil leis an gcoincheap Mo Leabharlann Féin. Spreagann an tionscnamh seo rannpháirtíocht an phobail leis an mana “Rith chomh tapa agus is féidir leat.”

Trádáil Ócáideach

Le linn 2024, d’eisigh foireann na Seirbhíse do Chustaiméirí 117 cead Corrrhrádála do Thrádálaithe Bliantúla agus d’Imeachtaí Speisialta ar fud Chontae na Gaillimhe. Chuaigh ceadanna corrrhrádála go mór chun sochair don gheilleagar áitiúil trí dheiseanna a chur ar fáil do ghnólachtaí beaga agus d’fhiontraithe teacht ar lucht féachana níos leithne. Cuireann na ceadanna seo le beogacht na margáí agus na n-imeachtaí áitiúla freisin, ag cur le comhtháthú pobail agus fás eacnamaíoch.

Staitisticí Meáin Shóisialta

Idir 2023 agus 2024, fuaireamar 5,000 leantóir breise ar ár n-ardáin meán sóisialta. Léiríonn an méadú seo ar líon na leantóirí ár rannpháirtíocht mhéadaitheach leis an bpobal agus cuireann sé lenár gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le cónaitheoirí. Ligeann ár láithreacht ar na meáin shóisialta dúinn nuashonruithe tábhachtacha a roinnt, imeachtaí a chur chun cinn, agus braistint pobail a chothú, ag cinntiú go bhfuil eolas forleathan ar ár gcuid seirbhísí agus tionscnaimh agus go bhfuil rochtain orthu go forleathan.

Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe: Ag Ceiliúradh 100 Bliain de Sheirbhís

In 2024, rinne Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe 100 bliain de sheirbhís phoiblí a cheiliúradh. Thosaigh Samuel Maguire ag obair i nGaillimh in 1924 ar son lontaobhas Carnegie agus ceapadh é ina Leabharlannaí Contae in 1926 nuair a ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe smacht ar an tseirbhís. Rinne an leabharlann ceiliúradh le cainteanna, taispeántais, imeachtaí ceoil, ceardlanna scríbhneoireachta, agus deiseanna do bhaill foirne atá ar scór a dtaithí a roinnt.



Sáraíonn Rannpháirtíocht Tionscnaimh Náisiúnta 3,000 Rannpháirtí

Spreagann Réaltaí an tSamhraidh, mar chuid den tionscnamh náisiúnta An Ceart chun Léamh, leanaí chun léamh thar laethanta saoire an tsamhraidh. I mbliana, chláraigh breis agus 3,000 leanbh, ag fáil 36,635 leabhar ar iasacht ó Mheitheamh go Lúnasa. D’eagraigh foireann na leabharlainne breis is 150 imeacht, rud a fhágann gur áit do theaghlaigh í an leabharlann. Chríochnaigh an clár le searmanais bhronnta do rannpháirtithe.

Cruinniú na nÓg: Lá Náisiúnta na Cruthaitheachta

Ar an 15 Meitheamh, d’óstáil Leabharlanna na Gaillimhe breis agus 10 n-imeacht ar fud na cathrach agus an chontae do Chruinniú na nÓg, Lá Náisiúnta na Cruthaitheachta do Leanáí agus Daoine Óga. I measc na n-imeachtaí bhí léirithe amharclainne, garraíodóireacht, déanamh balún, scéalaíocht, ceardlann chleite, agus ealaín mósáice, iad seo ar fad saor in aisce agus ag ceiliúradh na cruthaitheachta.

Ceiliúradh Fhéile Leabhar na bPáistí

Is é Book It! Féile Leabhar na bPáistí a reáchtáiltear gach Deireadh Fómhair i nGaillimh. I measc na n-imeachtaí i mbliana, bhí scéalaíocht, cainteanna údar, scríbhneoireacht chruthaitheach, cruthú greannán, agus ceardlanna ealaíne. Reáchtáil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe 41 imeacht do 502 leanbh ar fud an chontae.


Digitiú an Bhailiúcháin Iomláin agus Infhaighteacht Ar Líne

Chríochnaigh Cartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe digitiú bhailiúcháin Bhord Caomhnóirí na Gaillimhe (GPL6/), agus tá imleabhair ó 1889-1921 ar fáil anois ar an gCartlann Dhigiteach. Tá an cnuasach seo, ina bhfuil os cionn 144 imleabhar, ar fáil go héasca do thaighdeoirí, ag éascú iniúchadh ar stair theach na mbocht i nGaillimh, an Ghorta Mhóir, dálaí sóisialta agus athruithe polaitiúla.

Éachtaí na Seirbhísí Cartlainne in 2024 Aistriú go Córas Bainistíochta Bailiúcháin Leictreonach Nua

Ba mhór an éacht do Sheirbhísí Cartlainne in 2024 an t-aistriú go dtí córas nua bainistíochta bailiúcháin leictreonach na Cartlainne (CMS) a chríochnú agus catalóg nua ar líne a sheoladh. Tharla sé seo tar éis blianta d'obair ullmhúcháin, tástáil agus fíorú, le cúnamh fíorluachmhar ónár bhfoireann TFC, go háirithe Morgan Matthews agus JP Meaney.

Nascadh leis an Am a Chuaigh Thart: Clann Chambers



Ba bhuaicphointe suaithinseach é bualadh le garmhac (Chris) agus gariníon (Ingrid) le George Chambers (1873-1960), a raibh a albam grianghraf le feiceáil in “Island Images: Ó Chartlann Chambers, 1929-1938,” a d’fhoilsigh Cartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2022. D’ainneoin taighde fairsing, ní dhearnadh aon teagmháil lena shliocht go dtí gur thug Ingrid cuairt ar Ionad an Bhlascaoid i gCiarráí chun eolas a fháil ar an bhfoilseachán. D’fhóiraigh Clann Chambers go leor d’eolas an leabhair agus thug siad cúla breise ar George. Ba mhór an t-ábhar misnigh é a mbród agus a n-áthas a fheiceáil agus iad ar an eolas go mbeidh cuimhne

George agus a ghrianghraif caomhnaithe. Cuireann an nasc seo béim ar chumas na gcartlann an t-am atá thart a cheangal leis an lá atá inniu ann agus tógáil croí a thabhairt do dhaoine.

Comóradh Céad Bliain de Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe

Ba bhuaicphointe eile do Sheirbhísí Cartlainne in 2024 ná a bheith rannpháirteach in imeachtaí a rinne céad bliain de Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe a cheiliúradh. Chuireamar le taighde, coimeád agus eagrú roinnt imeachtaí comórtha agus chuidíomar le comhghleacaithe leabharlainne painéil a dhearadh dá leabharlanna brainse. Sheol Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comh. Albert Dolan, an taispeántas iomlán i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe i mí Iúil



Saoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Saoráil Faisnéise

Fuair Chomhairle Chontae na Gaillimhe 140 iarraidh le linn 2024 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Cinneadh	Líon
Iarraidh a Ceadáíodh	31
Iarraidh a Ceadáíodh go páirteach	57
Iarraidh a Diúltaíodh	19
Iarraidh a Aistríodh	0
Iarraidh a Tarraingíodh siar	15
Tarraingthe siar agus láimhseáilte lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	18

Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 30 iarraidh san iomlán le linn 2024 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007-2018.

Cinneadh	Líon
Iarraidh a Ceadaíodh	17
Iarraidh a Ceadaíodh go páirteach	4
Iarraidh a Diúltaíodh	7
Iarraidh a Aistríodh	0
Iarraidh a Tarraingíodh siar	1
Iarratais a Tarraingíodh Siar agus a láimhseáladh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise	0
Breithníodh é a dhiúltú	1

Cosaint Sonraí

Le linn di a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh, ceanglaítear ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe méideanna suntasacha “Sonraí Pearsanta” a phróiseáil de réir bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá meas ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar chearta príobháideachta na ndaoine a bpróiseálaimid a gcuid sonraí pearsanta, agus táimid feasach ar ár n-oibleagáidí faoin Dlí um Chosaint Sonraí. I dtaobh na sonraí pearsanta a d’fhéadfadh go gceanglófaí ar dhaoine aonair a chur ar fáil dúinn, geallann Comhairle Chontae na Gaillimhe:

- go bhfaighfear iad ar bhealach dleathach, cóir agus trédhearcach
- go bhfaighfear iad chun críocha sonraithe, follasacha, agus dlisteanacha amháin
- go mbeidh siad leordhóthanach, ábhartha, agus teoranta don mhéid atá riachtanach chun na críche sin dá bhfuarthas iad
- go ndéanfar iad a thaifeadadh agus a stóráil go cruinn agus go slán agus go gcoinneofar cothrom le haimsir iad nuair is gá
- nach gcoinneofar iad ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch sin dá bhfuarthas iad.
- go gcoinneofar iad i bhfoirm lena gceadaítear an t-ábhar sonraí a aithint
- go bpróiseálfar iad ar bhealach a chinntíonn slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, cosaint ar phróiseáil neamhdhártha nó neamhdhleathach san áireamh.

Tá Córas Bainistíochta Cosanta Sonraí curtha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fud na heagraíochta chun cabhrú le comhlíonadh leanúnach na Comhairle leis an RGCS agus leis an dlí um Chosaint Sonraí.

Oiliúint Foirne 2024

Reáchtáladh cláir oiliúna agus ionductaithe ar líne maidir le Cosaint Sonraí agus Cibearshlándáil do bhaill foirne reatha agus nua. Ina theannta sin, cuireadh seisiún Oiliúna Feasachta Foirne ar fáil go pearsanta, agus foilsíodh Nuachtlitir Ráithiúil Foirne chun feasacht ar Chosaint Sonraí a fheabhsú.

Iarratais ar Rochtain Sonraí 2024

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 21 Iarratas ar Rochtain ar Shonraí san iomlán le linn 2024 faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoin RGCS.

Cinneadh	Líon
Iarratais Faighte	21
Iarraidh a Ceadaíodh	14
Iarraidh a Diúltaíodh	7

Fuarthas 6 Iarraidh ar Rochtain ar Shonraí ó Thríú Páirtithe (e.g. ón Garda Síochána) agus freagraíodh dóibh.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle mar chuid den Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis ar ríomhphost ag: dpo@galwaycoco.ie nó ar an bhfón ag: (091) 509319.

Acmhainní Daonna

Bainistíocht/Earcaíocht Fórsa Saothair

Tá an Roinn Acmhainní Daonna freagrach as lucht oibre na Comhairle a bhainistiú trí shannadh foirne a éascú ar fud na heagraíochta. Is é an príomhchuspóir ná an seachadadh seirbhíse is éifeachtaí agus is éifeachtúla a chumasú leis na hacmhainní foirne atá ar fáil. Reáchtálann an Roinn Acmhainní Daonna comórtais earcaíochta chun poist fholmha agus poist nua a líonadh agus chun a chinntiú go bhfuil na daoine cearta a bhfuil na scileanna cearta acu ag an eagraíocht chun freastal ar riachtanais seachadta seirbhíse. Oibríonn foireann acmhainní daonna go dlúth le bainisteoirí ar fud na Comhairle chun riachtanais acmhainní foirne agus riachtanais um oiliúint agus um fhorbairt foirne a aithint.

Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna comhionannas agus éagsúlacht chun cinn san ionad oibre agus cinntíonn sí go mbíonn próisis earcaíochta na Comhairle cothrom, trédhearcach, agus go gcomhlíonann siad an reachtaíocht ábhartha. Tá an Rannóg Acmhainní Daonna freagrach as plean fórsa saothair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais soláthair seirbhíse na comhairle faoi láthair agus amach anseo. Tá ról ríthábhachtach ag an Rannóg Acmhainní Daonna maidir lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sna róil chearta chun seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar don phobal.

Seo a leanas mar a bhí Líon na bhFostaithe i gComhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh Ráithe 4, 2024:

Catagóir	Líon na nDaoine
An Bhunfhoireann	893
Comhraiceoirí Dóiteáin Coinnithe	125
Neamh-RTRÁO	73

Reáchtáil an Rannóg Acmhainní Daonna 70 comórtas earcaíochta suas go dtí deireadh Ráithe 4, 2024.

Bíonn foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag athrú go minic mar gheall ar mhargadh láidir na bhfostaithe agus éileamh ard ar oibrithe oilte. Le linn 2024, líon an Rannóg Acmhainní Daonna 172 post nua nó folamh. Fágadh 127 post agus chuaigh 30 ball foirne ar scor.

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe ag éascú Socrúcháin Scéim Fostaíochta Pobail agus socrúcháin taithí oibre ó Institiúidí Tríú Leibhéal.

Pinsin

In 2024, chuaigh tríocha fostaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar scor. Bhain 7 mball foirne leas as Scéim Iomarcaíochta Deonaí na Seirbhísí Uisce.


Ba mhaith le Bainistíocht agus foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe an deis a thapú buíochas a ghabháil leis na daoine atá ar scor go léir as a seirbhís thiomanta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Is é príomhfhócas na rannóige oiliúna Acmhainní Daonna ná Oiliúint Reachtúil agus Sláinte agus Sábháilteachta a thabhairt. Tacaíonn Deontais Oiliúna Náisiúnta i réimsí an Chomhshaoil agus na mBóithre Neamhnáisiúnta leis an gComhairle i soláthar na hoiliúna seo.

Lean an Chomhairle de bheith ag tacú leis an bhfoireann i mbreisoideachas, i bhforbairt ghairmiúil, i gCláir Rialtais Áitiúil an Fhorais Riaracháin, agus le freastal ar sheimineáir agus ar chomhdhálacha ábhartha.

Ba é líon iomlán na Laethanta Oiliúna in 2024 ná 2347 mar atá leagtha amach anseo:



Leas na Foirne

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe raon de scéimeanna cothromaíochta oibre is saoil agus scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh ar fáil don fhoireann chun an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht oibre is saoil d'fholláine na foirne a aithint.

I measc na scéimeanna a chuirtear ar fáil tá: An Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra, Saoire Mháithreachais, Scéim Thuismitheoireachta, Saoire Atharthachta, Saoire Tuismitheoirí Nua, Postroinnt, Saoire Cúramóirí, Saoire Force Majeure agus Saoire Méala. Riarann an rannóg AD an scéim Pas Taistil agus an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre freisin.

Leanann an Rannóg Acmhainní Daonna d'fhorálacha caighdeánaithe na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreioiteachta), 2014 a chur i bhfeidhm agus éascaíonn sí soláthar Seirbhíse Cúnaimh d'Fhostaithe (SCF) neamhspleáiche. Is seirbhís chomhairleoireachta saor in aisce, rúnda agus neamhspleách é SCF agus cuireann sé tacaíocht ar fáil maidir le saincheistean teaghlaigh, saincheistean a bhaineann leis an obair, andúil, méala agus cúrsaí airgeadais.

Stiúirthóireacht: Forbairt Fhisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, Athrú Aeráide

Tionscadal Athfhorbartha Ché Inis Oírr

Is éard atá i gceist le Tionscadal Athfhorbartha Ché Inis Oírr ná tógáil 135 méadar de bheartlann agus d'fheabhsuithe ar chosaint stoirme, ar chostas measta €30 milliún. Tá an tionscadal seo maoinithe go hiomlán ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP).

Ar na príomhgharspriocanna a baineadh amach tá éadail talún a thabhairt chun críche agus soláthar conraitheora beagnach críochnaithe, agus táthar ag súil le ceapacháin go luath in 2025, faoi réir fhaomhadh an RFTP.

Ina theannta sin, tá an próiseas soláthair don fhoireann Chónaitheach Innealtóireachta tugtha chun críche, agus an ceapachán ar feitheamh faomhadh RFTP freisin.



Scáthlái bus Chasla agus Indreabháin (Séipéal An Chnoic)



I mí na Samhna, rinne Rachel Lowe (Forbairt Fhisiciúil) agus Mary McGann (Forbairt Pobail) ceiliúradh ar Ghradam Iompair Éireann a Thacaíonn le Daoine Breacaosta Chomhairle Chontae na Gaillimhe le Rehabcare i gCasla. D'éascaigh an fhoireann Rehabcare, in éineacht le comhairleoirí áitiúla, suiteáil scáthlái bus i gCasla agus in Indreabháin. Rinne Oifig Cheantair (Bóithre) na Ceathrún Rua an tionscadal seo a bhainistiú agus ba é Padraig Folan Civil Engineering a thóg é. Bhí tionchar dearfach suntasach ag suiteáil na scáthlái bus seo ar an bpobal áitiúil, rud a chuir le hinrochtaineacht agus compord na gcónaitheoirí.

Stoirmeacha Bert agus Darragh

In 2024, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe bainistiú éifeachtach ar na dúshláin a bhain le Stoirm Bert agus Stoirm Darragh. Le linn Stoirm Bert, thug ár bhfoirne aghaidh ar thuilte suntasacha agus damáiste mór do bhóithre i gConamara. Maidir le Stoirm Darragh, d'éisigh an Chomhairle réamhrabhaidh, agus in ainneoin na ngaoth ard a d'fhág go raibh go leor crann tite agus bac ar bhóithre, laghdaigh freagairtí sciobtha ó chriúna Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ó na seirbhísí dóiteáin, ó na Gardaí agus ó chosaint shibhialta an cur isteach.



Ionad Cóireála Fuíolluisce an Spidéil

Coimisiúnaíodh Plean Cóireála Fuíolluisce an Spidéil in 2024 agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán anois agus ag obair laistigh dá Luachanna Teorainneacha Astaíochta. Arna aithint ag an GCC (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) mar cheann de 39 réimse tosaíochta, tá an áis chóireála nua seo rithabhachtach chun cáilíocht ár n-uisce snámha a chosaint. Tá cumas dearaidh de 1,000 Coibhéis Daonra (C.D.) ag baint leis an bplean agus baintear úsáid as Teagmhálaithe Rothlacha Bitheolaíocha (TRBanna) le haghaidh cóireála tánaistí éifeachtaí.

Stáisiún Dóiteáin Bhaile Átha an Rí

Tháinig an stáisiún dóiteáin nua i mBaile Átha an Rí, ar luach €2.8 milliún, i bhfeidhm ar an 25 Deireadh Fómhair. D'oscail an tAire Stáit Anne Rabbitte TD agus an Cathaoirleach Albert Dolan an tsaoráid úrscothach seo go hoifigiúil ar an 15 Samhain. Tagann sé in áit sean-stáisiún Shráid Uí Chléirigh, a bhí in úsáid ó na 1960idí. Tá ard-áiseanna oiliúna agus feithiclí talún gan fhoireann feistithe ag an stáisiún nua le haghaidh cian-chomhrac dóiteáin agus freagairt d'ábhair ghuaiseacha, rud a chuireann go mór lenár gcumas práinnfhreagartha.



Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta

Ráiteas Sábháilteachta agus Beartas Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe

In 2024, lean Rannóg Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag cur cultúr sábháilteachta, comhlíonta agus folláine chun cinn ar fud na réimsí seirbhíse go léir. Rinne an rannóg raon cuimsitheach tionscnamh, lena n-áirítear breis is 60 cigireacht sábháilteachta láithreáin, iniúchtaí rialta sábháilteachta, agus go leor seisiúin oiliúna inmheánacha sláinte agus sábháilteachta a bhí saincheaptha do ról foirne agus réimsí riosca. Rinneadh dul chun cinn seasta ar fheidhmiú céimneach an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta nuashonraithe, agus cuireadh nósanna imeachta feabhsaithe i bhfeidhm maidir le measúnuithe riosca agus tuairisciú teagmhas.

Ba chloch mhíle mhór i rith na bliana é an t-ailíniú leanúnach le ISO 45001, an caighdeán idirnáisiúnta do Chórais Bhainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde. D'éirigh le Comhairle Chontae na Gaillimhe dhá iniúchadh sheachtracha a rinne an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) a chur i gcrích, a dhearbhaigh

tiomantas láidir na Comhairle d'fheabhas leanúnach ar fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta agus comhlíonadh cheanglais ISO 45001.

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach agus ar an mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta araon chun an reachtaíocht reatha, na cleachtais oibríochtúla agus an struchtúr eagraíochtúil a léiriú. Treisíonn na nuashonruithe seo tiomantas na Comhairle do thimpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a sholáthar don fhoireann, do na conraitheoirí agus d'úsáideoirí seirbhíse ar fad.

Chinntigh iarrachtaí comhoibríocha le rannóga amhail Bóithre, Tithíocht agus Comhshaoil agus an tSeirbhís Dóiteáin tacaíocht spriocdhírthe i réimsí oibríochta ardriosca, agus neartaíodh prótacail bhainistíochta conraitheoirí trí dhoiciméadú feabhsaithe agus cleachtais mhonatóireachta.

I rith na bliana, bhí cur chun cinn sláinte ina phríomhfhócas i gcónaí, le feachtais feasachta ag tabhairt aghaidh ar mheabhairshláinte, láimhsiú, agus eirgeanamaíocht trealaimh scáileáin taispeána. Go háirithe, chonacthas treocht dhearfach i laghdú na n-eachtraí agus na neasteagmhais a tuairiscíodh, rud a léirigh feasacht agus iompar sábháilteachta feabhsaithe.

Bainistíocht Móréigeandálaí

Lean an Coiste Forbartha Móréigeandála a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Náisiúnta Nua um Bainistíocht Móréigeandála lena chuid oibre. Imlíníonn Plean Móréigeandála CCG na nósanna imeachta agus na struchtúir atá i bhfeidhm chun móréigeandálaí sa chontae a bhainistiú. Sonraíonn sé ról agus freagrachtaí an phríomhphearsanra, prótacail ghníomhachaithe, meicníochtaí comhordaithe agus comhtháthú gníomhaireachtaí éagsúla le linn staideanna éigeandála.

Bhí roinnt cruinnithe ag an gCoiste Forbartha Móréigeandála in 2024 ag díriú ar ullmhacht agus cumais freagartha Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn. I measc na bpríomhfhorbairtí bhí obair leanúnach ar shocruithe cumhachta cúltaca ag an Lárionad Comhordaithe Áitiúil. Comhtháthaíodh an córas SWEMS tuilleadh i sreafaí oibre éigeandála le feidhmiúlacht leathnaithe agus rannpháirtíocht ó ghníomhaireachtaí eile. Leag mioncheistiú ar Stoirm Ashley béim ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid chomhordaithe agus gabháil sonraí le linn imeachtaí aimsire crua. D'fhan oiliúint mar thosaíocht le cleachtaí amhail EEPanna Circle K agus Tynagh Energy, cásanna CBRN, agus ionsamhlúcháin bunaithe ar aerfoirt agus d'fhreastail na príomhghníomhaireachtaí freagartha ar fad orthu. Rinneadh dul chun cinn ar an Dréachtphean um Thruailliú Ola agus ar phleanáil éigeandála d'áiseanna ardriosca. Thosaigh an coiste freisin ag athbhreithniú idir-inoibritheacht raidió Tetra agus úsáid drón. Aithníodh ceannaireacht na Gaillimhe i gcórais éigeandála digiteacha agus cur chuige comhoibríoch go réigiúnach agus go náisiúnta, agus ailíniú méadaithe idir pleanáil agus oibríochtaí éigeandála Cathrach agus Contae.

Bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe réamhghníomhach agus comhordaithe ar fhreagraí ar roinnt imeachtaí aimsire crua lena n-áirítear Stoirmeacha Ashley, Bert agus Darragh. Ag baint úsáid as an gcóras SWEMS, rinneamar taifead éifeachtach ar eachtraí amhail bóithre blocáilte, tuilte agus chuireamar in iúl don phobal agus do ghníomhaireachtaí freagartha eile amhail na Gardaí agus Seirbhís Otharchairr FSS.

Athrú Aeráide

In 2024, chomhordaigh Aonad Aeráide Chomhairle Chontae na Gaillimhe iarrachtaí fairsinge um ghníomhú ar son na haeráide. Áirítear 107 gníomh i bPlean Gníomhaíochta Aeráide Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024-2029, a glacadh i mí Feabhra. Rinneadh uasghrádú ar 364 teach in iarfheistis tithíochta, rud a chuir le compord agus le laghdú billí fuinnimh. Thacaigh Crios Dícharbónaithe Chontae na Gaillimhe le tionscadail fuinnimh ghlain. Mhaoinigh an Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide 32 tionscadal arbh fhiú €762,000 iad. Mar thoradh ar rannpháirtíocht le Pobail Fuinnimh Inmharthana an ÚFIÉ forbraíodh Máistirphleananna Fuinnimh. Reáchtáladh cláir oiliúna agus tacaíochta don phobal ar fud an chontae. Áiríodh le hiarrachtaí laghdaithe tomhaltais fuinnimh soilsiú poiblí a iarfheistiú le soilse LED. I measc na dtionscnamh oiriúnaithe bhí an feachtas Cosain Ár nDumhcha. Forbraíodh straitéisí maidir le Soláthar Poiblí Glas leis an OTA. Rinneadh dul chun cinn ar thionscadail taistil ghníomhaigh atá dírithe ar astuithe a laghdú. Mar chuid de na hiarrachtaí cosanta bithéagsúlachta glacadh le Plean Oidhreacht agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach le do thoil ar an gcuid den tuarascáil seo maidir le [Gníomhú ar son na hAeráide](#).

Stiúrthóireacht: Forbairt, Comhtháthú agus Timpeallacht Tuaithe agus Pobail

Scéimeanna Bonneagair Áineasa Allamuigh 2023/2024



Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA) – 2023/2024

Bhí sé mar chuspóir againn maoiniú a uasmhéadú do Chontae na Gaillimhe chun tionscadail áineasa tuaithe a fhorbairt. Tá áthas orainn a thuairisciú gur éirigh le 13 thionscadal as 14 a cuireadh isteach, maoiniú a fháil. Ba é an maoiniú iomlán a fuarthas faoi scéim 2023 ná €740,750. Léiríonn an t-éacht seo ár dtiomantas maidir le deiseanna áineasa tuaithe a fheabhsú agus caighdeán na beatha a fheabhsú do chónaitheoirí agus do chuariteoirí araon.

Tionscadail Áineasa Allamuigh

In 2024, chuireamar tacaíocht shuntasach ar fáil do phobail áitiúla chun tionscadail a fhorbairt agus iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú. Mar thoradh air sin, críochnaíodh agus forchúitíodh 15 thionscadal go rathúil, rud a d'fhág gur seoladh áiseanna nua d'úsáid phoiblí.

Forbhreathnú ar Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe 2024

I mbliana, tá dul chun cinn suntasach déanta againn inár dtionscnaimh rannpháirtíochta agus forbartha pobail:

- **Cláir:** D'éirigh linn níos mó ná 160 clár a sheachadadh, agus bhí 12,057 duine san iomlán páirteach. Chuimsigh na cláir seo réimsí éagsúla, lena n-áirítear forbairt pobail, sláinte agus folláine, agus gníomhaíochtaí cultúrtha.
- **Cúrsaí Oiliúna agus Oideachais:** Chuireamar 61 cúrsa oiliúna agus oideachais ar fáil, ar fhreastail 1,957 rannpháirtí orthu. Bhí sé mar aidhm ag na cúrsaí seo scileanna a fheabhsú, deiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar, agus tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil.
- **Deontais Forbartha Club:** Bhronnamar €30,000 i nDeontais Forbartha Club ar 28 deontaí. Thacaigh na deontais seo le clubanna áitiúla a n-áiseanna a fheabhsú, a gcuid gníomhaíochtaí a leathnú, agus spiorad pobail a chothú.
- **Seachtain na Rothar:** D'éirigh thar barr lenár Seachtain na Rothar bhliantúil, ina raibh 28 imeacht le 3,213 rannpháirtí san iomlán. Chuir na himeachtaí rothaíocht chun cinn mar mhodh iompair sláintiúil agus inbhuanaithe agus spreag siad rannpháirtíocht an phobail.

Foireann Imeashta Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Ba é an sprioc a bhí againn ná tacú le himeashta dídeanaithe agus imircigh éigeantais isteach i gContae na Gaillimhe, agus d'éirigh linn. I measc ár n-éachtaí tá:

- Tacú le 389 Iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta
- Cabhrú le 1,215 Tairbhí Cosanta Sealadacha
- Cabhrú le 239 Dídeanaí Cláir
- Fáiltiú roimh 255 Úcránach i mBéal Átha na Sluaighe
- An Clár “Teach a Thairiscint” a chur i bhfeidhm, 52 réadmhaoin a sholáthar do 174 Úcránach

Ó Bhealtaine go Nollaig, rinneamar:

- 183 cruinniú
- 12 imeacht
- 67 cruinniú le páirtithe leasmhara
- 24 seisiún grúpa



Rothaí Bhaile Átha an Rí – Féile Rothaíochta Bhaile Átha an Rí

Straitéis Turasóireachta 2023-2031

Tá straitéis chuimsitheach nua turasóireachta curtha le chéile ag Comhairle Chontae na Gaillimhe atá dírithe ar earnáil turasóireachta athléimneach agus éagsúlaithe a chothú. Díríonn an straitéis seo ar líon na gcuariteoirí a mhéadú, fad na saoire a mhéadú, agus caiteachas cuairteoirí a fheabhsú. Áirítear ar thorthaí réamh-mheasta na straitéise seo:

- **Fás Eacnamaíoch agus Cruthú Poist:** Trí níos mó cuairteoirí a mhealladh agus tréimhsí níos faide a spreagadh, tá sé mar aidhm againn fás eacnamaíoch áitiúil a spreagadh agus deiseanna fostaíochta nua a chruthú laistigh den earnáil turasóireachta agus tionscail ghaolmhara.
- **Caighdeán Beatha Feabhsaithe do Chónaitheoirí:** Tá an straitéis deartha chun caighdeán na beatha a fheabhsú do chónaitheoirí trí chleachtais inbhuanaithe turasóireachta a chur chun cinn a théann chun sochair an phobail áitiúil agus an chomhshaoil.
- **Contae na Gaillimhe a Bheith mar Phríomháit Turasóireachta Inbhuanaithe:** Is é an sprioc atá againn Contae na Gaillimhe a bhunú mar áit den scoth don turasóireacht inbhuanaithe, a bhfuil clú air mar gheall ar a tharraingtí uathúla, a oidhreacht chultúrtha, agus a thiomantas do mhaoirseacht chomhshaoil.



Scéimeanna Feabhsaithe Sráid-dreacha

I mbliana, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le feabhas a chur ar aghaidheanna siopaí agus aghaidheanna foirgneamh i bPort Omna agus sa Spidéal. Fuair gach láthair deontas €100,000, rud a chuidigh le feabhsú an tsráid-dreacha áitiúil.

Bhain 48 réadmhaoin i bPort Omna agus 32 réadmhaoin sa Spidéal leas as na feabhsúcháin seo, le comhinfeistíocht de €311,000.



Picture: Dunkellin Terrace, Portumna. Before and After Property Main Street An Spidéal.

An Oifig Ealaíon: Ócáid Dhéanach Oíche Chultúir Lumina, Tuaim 2024

Ar Oíche Chultúir, rinneamar óstáil ar thaibhiú amhairc ardchaighdeán amuigh faoin aer i dTuaim. Bhí an t-imeacht seo indéanta trí mhaoiniú a thabhairt do thionscadal mapála digití a rinne oidhreacht shaibhir chultúrtha Thuama a chumasc gan stró le healaín dhigiteach chomhaimseartha. Bhí comhoibriú le healaíontóirí áitiúla agus idirnáisiúnta araon, chomh maith le hÁiteanna Cruthaitheacha i dTuaim, mar chuid den tionscadal. Mheall an léiriú lucht féachana éagsúil de 960 duine, agus léirigh sé radharc cultúrtha

bríomhar Thuama.

Tionscnaimh Chomhshaoil: Ócáid Chladaigh Thrá an Dóilín ar an gCeathrú Rua

Mar chuid den tSeachtain Oidhreacht Náisiúnta, bhí Tóraíocht Taisce, Bith-Blitz Cladaigh, Glanadh Bruscair, Dúshlán Dealbhóra Gainimh agus Staidéar Bruscair chun bithéagsúlacht a chur chun cinn mar chuid den imeacht seo. Chuamar i ngleic le breis is



60 ball den phobal,
go háirithe daoine
óga, chun
bithéagsúlacht
áitiúil a chosaint
i gcomhar le
Galway
Atlantaquaria agus



Cóstaí Glana. I measc na dtionscadal comhshaoil eile i mbliana bhí úinéireacht fhreagrach madraí a chur chun cinn trí cheardlanna leanaí le MADRA, Comórtas Póstaer Frithbhruscair ar chuir 1,000 duine isteach air, Tionscnamh Frithdhumpála trí 9 dtionscadal nua, agus an Clár Ambasadóir Frithbhruscair – 150 Ambasadóir ó Bhealtaine 2024.

Stiúrthóireacht: Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach

Forbairt agus Pleanáil Gheilleagrach

Thug an tAonad um Pleanáil Chun Cinn agus baill na gCeantar Bardasach dhá Phlean Ceantair Áitiúil tríd an bpróiseas PCÁ do Bhaile Átha an Rí agus do Bhaile Locha Riach. D'aontaigh an tAire leis an dá cheann in 2024, rud a thug treochlár soiléir d'fhorbairt laistigh den dá bhaile contae seo. Faoi dheireadh mhí na Samhna 2024, deonaíodh 86% de cheadanna pleanála bliain go dáta, rud a léiríonn rath ár gcruinnithe réamhphleanála.

Tionscadal Athnuachana Uirbí ag Stáisiún Traenach Órán Mór

Tá tionscadal spreagúil á chur ar fáil againn chun Forbairt atá Dírithe ar lomp ar chur chun cinn chun spleáchas ar charranna a laghdú trí úsáid talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú. I measc na bpríomhghnéithe tá feabhas a chur ar an mbonneagar iarnróid le lúb thrasnaithe agus ardán eile, éiceapháirc, agus áiseanna nua pobail lena n-áirítear athdhearadh scoile agus carrchlóis.



Ollscoil na Gaillimhe

I mí Feabhra 2024, chomhoibrigh mic léinn agus léachtóirí ó MA sa Phleanáil agus Forbairt in Ollscoil na Gaillimhe le mic léinn dara leibhéal agus múinteoirí tíreolaíochta ó Choláiste na Toirbhirte, Baile Átha an Rí, ar chleachtadh pleanála miondíola lenár Rannóg um Pleanáil Chun Cinn. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal pleanáil spásúlachta a nascadh le rannpháirtithe óige agus iad a bheith páirteach i múnú a bpobail. Tá cleachtadh den chineál céanna beartaithe do R1 2025, rud a d'fhéadfadh mic léinn a spreagadh chun gairmeacha pleanála a leanúint.

Tionscadail Chiste Séadchomharthaí Pobail Chontae na Gaillimhe 2024

Fuair ocht gcinn dár dtionscadail os cionn €285,000 ó Chiste Séadchomharthaí Pobail 2024, ag tacú le hOibreacha Caomhantais (Díseart Ceallaigh agus Teampall Jarlath i dTuaim), Pleananna Bainistíochta (Naomh Grellan i mBéal Átha na Sluaighe, Cill Mhian i mBaile Locha Riach, agus Caisleán Mhaigh Locha), Taifeadadh Digiteach (Ardeaglais Naomh Breandán i gCluain Fearta), Imscrúduithe Sábháilteachta (Uaimheanna talún Shuí Finn i gCreachmhaoil), agus StoryMaps (Cill Chraobhanta, Cill Bhocht, Mainistir Ó gCormacáin, agus Naomh Caireall i nGoirtín). Cuidíonn an maoiniú seo go mór le láithreáin oidhreacht na Gaillimhe a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn, ag spreagadh dea-chleachtas agus athléimneachta in aghaidh athrú aeráide.

Dámhachtainí LAMA Dámhachtainí Pobail agus Comhairle na hÉireann

- Roghnaigh OFÁ na Gaillimhe Solar Structure (sa Ghort Réidh) chun ionadaíocht a dhéanamh ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe do Ghradam Micrighnólacht Nuathionscanta is Fearr sna Dámhachtainí LAMA a bheidh ar siúl i mí Feabhra 2025.

Áiríodh na nithe seo a leanas le roinnt imeachtaí eile de chuid na hOifige Fiontair Áitiúil i mbliana:

- Tá cuir i láthair ag Pulse Club Bhéal Átha na Sluaighe ag méadú iarratas nua agus tacaíochtaí a deonaíodh in Oirthear na Gaillimhe.
- Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan ag díriú ar Fhiontraíocht, Líonrú, Dúshláin Ghnó, agus Folláine a chuir Síle Seoige, an príomhchainteoir, i láthair.
- Ócáid Aonach Bia agus Ceardaíochta Áitiúil le breis is 50 seastán ag taispeáint dearthóirí, ceardaithe agus ceardaithe áitiúla. I measc na gcomhpháirtithe carthanachta agus Ospís na Gaillimhe, agus bhí Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe rannpháirteach freisin. Thuairiscigh gnólachtaí méadú ar dhíolacháin, agus dúbailt a ndíolachán i gcuid acu i gcomparáid le 2023.

Dul Chun Cinn Suntasach i dTionscadail Athnuachana agus Máistirphlean

- Athnuachan Teach Cúirte Phort Omna:** Fuarthas €2.9 milliún ón gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe chun an teach cúirte stairiúil nua-Chlasaiceach 1847 a athfhorbairt ina spás ealaíon, taibhithe, cianoibre agus sóisialta.
- Athnuachan Bhaile Átha an Rí:** Fuarthas €6 milliún ón gCiste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe do Chéim 1, atá dírithe ar lár an bhaile a athbheochan trí fhoirgneamh atá folamh go fadtéarmach a athúsáid agus lár an bhaile stairiúil a nuachóiriú.

- **Halla an Bhaile, Baile Locha Riach:** Bronnadh €4.2 milliún air ón gCiste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe chun saoráid chultúir lán-inrochtana, mol cianoibre/mol fiontraíochta cruthaithí, agus acmhainn turasóireachta a chruthú. Cuirfidh an tionscadal seo spás ar fáil do ghrúpaí cultúrtha agus pobail, tacóidh sé le fiontraíocht áitiúil, meallfaidh sé cuairteoirí, agus cuirfidh sé cosc ar scrios.
- **Máistirphlean Cheathrú Stáisiún Thuama:** Fuarthas €200,000 ó Thionól Réigiúnach an Iarthuaiscirt chun Máistirphlean “Ceathrú an Stáisiúin” a fhorbairt. Áirítear leis seo athfhorbairt Fhoirgneamh an Stáisiúin thar dhá chéim, ina bhfuil mol iompair le críochfort cóiste/bus, stad tacsaithe, páirceáil rothair, áiseanna páirceála agus taistil, agus inrochtaineacht iarnróid sa todhchaí.



Stiúrthóireacht: Airgeadas, Mótarcháin, TFC agus Claoclú Digiteach

Airgeadas, Mótarcháin

In 2024, rinne an Rannóg Airgeadais maoirsiú ar chaiteachas £181 milliún, ag tacú le stiúrthóireachtaí éagsúla na Comhairle. Léirigh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil staid beagnach cothrom. Ginfidh méadú 15% ar an gCáin Mhaoine Áitiúil thar cúig bliana £12 milliún do sheirbhísí lárnacha. Chuir scéimeanna tacaíochta gnó £10.4 milliún ar fáil do ghnóthaí áitiúla. Ginfidh scéim dreasachta rátaí tráchtála nua £2.4 milliún in aghaidh na bliana. Phróiseáil an Chomhairle 58,076 idirbheart mótarchánach, ag bailiú breis agus £9.5 milliún, agus críochnaíodh 84.5% ar líne. B’ionann ranníocaíochtaí forbartha agus £1.44 milliún, agus éilíodh £8.347 milliún breise faoi tharscaoileadh sealadach. Phróiseáil an Chomhairle níos mó ná 26,000 sonrasc le hús ar íocaíocht dhéanach íosta. Tá tuilleadh sonraí ar fáil sa [chuid forbhreathnaithe airgeadais](#) den tuarascáil seo.

TFC

Le linn 2024 chuir Rannóg na gCóras Faisnéise tacaíocht leanúnach ar fáil don phobal agus do bhaill foirne chun teacht ar Sheirbhísí Digiteacha. Le dúthracht na foirne agus infheistíochtaí leanúnacha ní raibh aon sárú cibearshlánaithe ag an gComhairle i rith na bliana.

Le linn 2024, cuireadh na tionscadail agus na tionscnaimh seo a leanas chun cinn:

- Deiseanna Faisnéise Gnó a sholáthar chun príomhchatagóirí caiteachais airgeadais a rianú
- Tairiscint a bhronnadh agus tús a chur le dearadh ar shuíomh gréasáin nua gaillimh.ie ag baint úsáid as bogearraí foinse oscailte Rialtais Áitiúil sainchuspóra
- Ceangal Oifigí an Chlocháin, An Cheathrú Rua, an Ghoirt agus Bhaile Átha an Rí agus na Leabharlanna in aice láimhe le líonra cnámh droma náisiúnta 10G an Rialtais
- Haingear Aerfort na Gaillimhe agus Nascacht Líonra Tógála chun tacú le hOiliúint Seirbhíse Dóiteáin
- Ardáiseanna cultaca i bhfeidhm do shonraí Seirbhísí Microsoft
- Díoltóir a thabhairt chun críche agus a cheapadh le haghaidh athsholáthar trealamh líonra iomlán tríd an OGP (An Oifig um Sholáthar Rialtais)
- Nascacht a sholáthar d’fhoireann na Leabharlainne agus d’úsáideoirí poiblí ag na trí shuíomh ar Oileáin Árann
- Teagmháil le GBRÁ (Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil) chun gníomhartha a oiriúnú agus a chur in ord tosaíochta chun tacú le Straitéis Dhigiteach agus TFC Rialtas Áitiúil na hÉireann 2030
- Ríomhairí Glúine Nua a chur ar fáil do gach Comhairleoir le bearta slándála iomlána chun cosaint a fheabhsú
- Imscaradh Windows 11 deartha chun gach ríomhaire glúine agus ríomhaire de chuid na Comhairle a nuashonrú
- Ceapadh post tiomnaithe foirne dar teideal Treoraí Cibearshlándála
- Chuir clár earcaíochta céimithe GBRÁ suíomh TFC ar fáil i bhforbairt bogearraí.

Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2024			
SPRIOC STRAITÉISEACH: RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL AGUS IONCHUIMSIÚ SÓISIALTA			
“An rannpháirtíocht is leithne agus is féidir a éascú le saoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae”			
STRAITÉIS TACAÍOCHTA	GNÍOMH PLEAN SEIRBHÍSE	SPRIOC	TORTHAÍ
Oibriú i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear grúpaí pobail áitiúla, maidir le cur chun cinn na hoidhreachta, cosc dóiteáin, sábháilteacht uisce, athrú aeráide agus feabhsú/feasacht comhshaoil.	Clár Scoileanna a sheoladh chun oideachas a chur ar leanaí óga maidir leis an tábhacht agus na gnéithe a bhaineann le Sábháilteacht agus Cosc Dóiteáin	Leanúnach	Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta forbartha in 2024
	Leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh um Shábháilteacht Dóiteáin Pobail le grúpaí pobail agus grúpaí leochaileacha den tsochaí		Cuireadh Seachtainí, Deontais agus imeachtaí Oidhreachta agus Bithéagsúlachta ar siúl
	Oibriú le comhairleoirí um Shábháilteacht Dóiteáin chun a chinntiú go mbainfidh gach tionscadal tógála agus forbartha atá beartaithe an leibhéal riachtanach sábháilteachta ó dhóiteán amach chun beatha agus maoin a chosaint.		Idir lámha
	Oibriú le Tithíocht CCG agus Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (SCCI) chun caighdeán sábháilteachta ó dhóiteán chuí a chinntiú do chóiríocht éigeandála do dhaoine easáitithe agus d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.		Idir lámha
Comhairle agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun tacú le pobail agus le forbairt inbhuanaithe an chontae.	Seachadadh an Chláir Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019 - 2021 a chur i gcrích ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil, agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn chun Clár Ilbhliantúil nua Uisce Tuaithe 2024 -2026 a chur i bhfeidhm d’earnáil na ngrúpscéimeanna sa chontae. Cuimsíonn an Clár Uisce Tuaithe deontais ghrúpscéime a íoc chun grúpscéimeanna uisce tuaithe a thógáil agus a uasghrádú agus tacaíocht leanúnach do na scéimeanna trí fhóirdheontas grúpscéime uisce. Cuimsíonn an clár ceanteideal maoinithe freisin chun deontais toibreacha a sholáthar do thithe incháilithe.	Nollaig-24	Rinne Uisce Tuaithe seachadadh ar an gclár uisce tuaithe laistigh de na hacmhainní a bhí ar fáil agus chuaigh sé i dteagmháil le coistí grúpscéimeanna uisce agus leis an Roinn chun tacú le grúpscéimeanna agus deontais toibreacha.

Tacú leis an tionscnamh Aoisbhá agus a chinntiú go gcuireann an pobal atá ag dul in aois bonn eolais faoi bheartais agus gníomhartha.	Cuimsítear cách inár seirbhís agus cuireann nádúr oscailte saor bhallraíocht na leabharlainne oiriúnach le hionchuimsiú sóisialta grúpaí imeallaithe.	Cur chun cinn leanúnach na n-acmhainní éagsúla a chuirimid ar fáil dár bpobail Rannpháirtíocht leanúnach ar fud na n-ardán go léir chun feasacht a chruthú ar raon feidhme agus ar shainchúram na leabharlann ina gceantair féin.	Áiseanna teicneolaíochta: scáileáin oiriúnaitheacha nua agus méarchláir mhóra. Seisiúin bhreise duine le duine le hAmbasadóirí an Tionscnaimh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Freastal ar imeachtaí for-rochtana pobail a thaispeánann seirbhísí leabharlainne - ag freastal ar na seisiúin 'déan an nasc' sa phobal. Aiseolas ó úsáideoirí chun cláir Éire Shláintiúil a chinneadh le fócas ar Shláinte Chnámh, Titim agus bearta coisctheacha agus riosca stróc mar aon le saincheisteanna sláinte choise ar theastaigh ó dhaoine aghaidh a thabhairt orthu.
--	--	--	---

	Tiomantas do Straitéis Aoisbháúil na Gaillimhe le tacaíocht ó na comhpháirtithe eagraíochtúla éagsúla a chinntíonn rochtain dóibh siúd a bhfuil fadhbanna nó deacrachtaí soghluaisteachta acu.	Leanfaimid orainn ag déanamh athbhreithnithe, le tacaíocht ónár nAmbasadóirí Aoisbháúla, ar ár gcraobhacha agus ar ár seirbhísí agus cuirfimid na nithe seo a leanas ar fáil: • Suíocháin chuí • Bailiúcháin a bhfuil cló mór acu • Seirbhís ríomhleabhair fuaime • Ár seirbhísí digiteacha leabharlainne a chur i láthair	Rinneadh obair ullmhúcháin don Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a mheas in 2024. Troscán Aoisbháúil a sholáthar i mbrainsí lena n-áirítear suíocháin inathraithe airde le haghaidh úsáid ríomhairí. Méarchláir formáid mhóra a sholáthar.
Oibriú leis na Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna), an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), agus an Comhchoiste Póilíneachta (CCP) chun cur chuige comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm maidir le forbairt áitiúil agus pobail.	* Tacú leis an CBS Pobail agus Cultúir agus an CBS um Fhorbairt Gheilleagrach agus Fiontar maidir le pleananna, straitéisí agus beartais a fhorbairt * Tacú leis an CFPÁ agus lena fhochoistí chun cur chuige comhcheangailte a bhaint amach maidir le seachadadh seirbhíse agus seachadadh PÁEP (Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail)	4 Chruinniú CBS 6 Chruinniú CFPÁ 2 Chruinniú in aghaidh an Fhochoiste Líon beartas a pléadh agus a comhaontaíodh.	Cruinnithe ar siúl mar a bhí pleanáilte.

Oibriú i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear grúpaí pobail áitiúla, maidir le cur chun cinn na hoidhreacht, cosc dóiteáin, sábháilteacht uisce, athrú aeráide agus feabhsú/feasacht comhshaoil.	* Sábháilteacht dóiteáin agus oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn in áiseanna pobail trí gach scéim maoinithe chuí, agus i dtithe trí Scéim na nAláram Deataigh. Cumas grúpaí pobail áitiúla a fhorbairt i réimsí an athraithe aeráide chomh maithe le feasacht / feabhsú comhshaoil trí chlár oiliúna spriocdhírithe LRP a sholáthar.	Ar bhonn leanúnach, áirítear le PTFanna: • Líon na ndeontas a bronnadh le haghaidh uasghrádaithe áiseanna pobail agus tionscnaimh na mbailte slachtmhara • Líon daoine i Scéim na nAláram Deataigh • Líon na gClár Oiliúna LRP	• 55 Deontas STP (Scéimeanna Tacaíochta Pobail) le haghaidh áiseanna pobail agus spásanna poiblí • 6 dheontas STP le haghaidh iniúchtaí / oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh. • Oiliúint LRP ar Athléimneacht Aeráide trí Bhuantalmhaíocht”
Rannpháirtíocht i spórt agus caitheamh aimsire a chur chun cinn i gcomhar le gníomhaireachtaí eile agus leis an bpobal, chun deiseanna atá ar fáil le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (CSG) agus le scéimeanna cuí eile a uasmhéadú.	* Tacú leis an CSG chun rochtain straitéiseach ar spóirt a éascú. * Deiseanna Oiliúna agus Oideachais a chur ar fáil * Clár rannpháirtíochta spóirt a chur chun cinn agus a fhorbairt do dhaoine ar gach cumas agus ó gach pobal agus líon na gclár agus na rannpháirtithe a uasmhéadú laistigh den bhuiséid atá ar fáil. *Deontais Forbartha Club a sholáthar faoi réir Mhaoiniú Spórt Éireann * Scéimeanna maoinithe eile a ghairáil chun rannpháirtíocht grúpaí agus pobal faoi mhíbhuntáiste i gclár spóirt a uasmhéadú.	4 Chruinniú CSG. Líon na gCúrsaí a Cuireadh ar Fáil Líon Rannpháirtithe ar Chúrsaí Líon na gclár. Líon na rannpháirtithe ar chlár Líon na nDeontas a Tugadh Leibhéal gearála agus rannpháirtíochta grúpaí imeallaithe.	• 4 Chruinniú CSG • 61 Cúrsa • 1,957 Rannpháirtí ar Chúrsaí • 137+ Clár • 11,000+ Rannpháirtí ar Chlár • €30,000 i maoiniú Deontais do 28 Club/Eagraíocht • €28,000 ar Bhonneagar Snámha Éire Shláintiúil • €50,000 ar Mhaoiniú Náisiúin Rannpháirtíochta

Comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gClár Forbartha Pobail ábhartha agus scéimeanna maoinithe, lena n-áirítear an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) i gcomhar leis an CFPÁ agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.	* Monatóireacht a dhéanamh ar SICAP chun seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú agus cuairteanna suímh a dhéanamh chun eolas an CFPÁ a mhéadú. * Plean Éire Shláintiúil a fhorbairt chun tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn ón bpaindéim Covid-19 a aithint le seachadadh trí Chlár Oibreacha faoi Bhabhta 4 den Chiste Éire Shláintiúil. * Freastal ar gach Cruinniú Meastóireachta LEADER agus cloí le hiarratais Alt 48. Maoiniú an Chláir Feabhsaithe Pobail (CFP) a leithdháileadh chun áiseanna pobail a fheabhsú.	Áirítear le PTFanna leanúnacha Comhlíontacht leis an sceideal monatóireachta bliantúil agus gnóthachtáil PTFanna SICAP. Tá gá le comhlíonadh agus ailíniú spriocdhátaí agus cuspóirí HIF. Líon deontas CFP a tugadh agus spriocdhírú cuí deontas	• 54 deontas bheaga agus 45 meándheontas bronnta faoi CFP, maoiniú imfhálaithe do Ghrúpaí na mBan. • €75,000 leithdháilte faoi Chlár Oibre Éire Shláintiúil.
Seirbhís ealaíon a chothabháil agus a fhorbairt de réir Phlean Ealaíon Chontae na Gaillimhe chun a chinntiú go gcuireann na healaíona le saol na ndaoine agus go dtacófar agus go ndéanfar ceiliúradh ar thraidisiúin agus ar chultúr uathúil Chontae na Gaillimhe.	* Plean na nEalaíon 2020-2024: leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag tacú leis an gClár Ealaíon; iarratas ar mhaoiniú tacaíochta a chur faoi bhráid na Comhairle Ealaíon de réir an Chreat-Chomhaontaithe. * I gcomhairle leis an nGrúpa Bainistíochta Ealaíne Poiblí, clár ealaíne poiblí a chur i bhfeidhm ar aon dul le Beartas Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020-2024. * Clár agus tionscnaimh éagsúla Ealaíon le cur chun cinn trí Chlár na hOifige Ealaíon * Deontais an Achta Ealaíon a Sheachadadh (Deontais Chultúrtha STP) * Páirt a ghlacadh mar Chomhpháirtí i dtionscadal Erasmus+ Culture Up Babhta 2 * Tacaíocht a thabhairt do Scéim Phíolótach Áiteanna Cruthaitheacha Thuama * Tacaigh le Giniúint Ceoil, Áras Éanna, Cathair Scannán EOECA, Ciste Wrap * Tacaigh le Pleanáil Straitéiseach d'Fhéilte Ealaíon sa chontae agus féilte nua a fhorbairt i gcomhar le pobail * Leag amach Oíche Chultúir	Líon na dtionscnamh agus na gclár a fhaigheann tacaíocht ó Dheontais Ealaíon -50 Plean Clár Bliantúil Ealaíon forbartha chun an Plean Ealaíon a chur i bhfeidhm. - 35 tionscnamh Oíche Chultúir - 50 imeacht Líon na bhFéilte Ealaíon ar tugadh tacaíocht dóibh - 10 Líon na dTionscadal Ealaíne Poiblí - 4	• Deontais Ealaíon Bronnta: 69 • Tionscnaimh Chláir Bhliantúla: 38 tionscnamh: Rannpháirtithe (108 ealaíontóir, 1630 leanbh/duine óg, 4841 rannpháirtí pobail) • Oíche Chultúir: 41 imeacht, 6800 rannpháirtí • Líon na bhFéilte: 10 • Líon na hEalaíne Poiblí: 2

Clár Éire Chruthaitheach a chothabháil agus a fhorbairt ar aon dul le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe 2023-2027.	* Clár agus sparánacht Éire Chruthaitheach 2024 a sheachadadh agus a leagan amach * Comhoibriú ar thionscadail leis an bhFoireann Chultúir ar fad (Ealaíona, Oidhreacht, Leabharlanna, OFÁ, Cartlanna, Bithéagsúlacht, Athghiniúint, Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide) *Leag Amach Cruinniú na nÓg 2024 *Cláir a fhorbairt le grúpaí pobail trí Oifigeach Rannpháirtíochta Éire Chruthaitheach	Líon na dtionscnamh ar tugadh tacaíocht dóibh faoi Sparánacht Éireann Cruthaitheach - 15 Líon tionscnamh chlár na Foirne Cultúir – 7 Líon na dtionscnamh a fhaigheann tacaíocht ó Chruinniú na nÓg - 30	Tionscadail Sparánachta: 13 Tionscadail Foirne Cultúir: 5 Tionscadail Shuaitheanta: 7 Cruinniú – 37 imeacht
Comhairle agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun tacú le pobail agus le forbairt inbhuanaithe an chontae.	* Tacú leis an LRP mar ionad ilfhreastail chun faisnéis agus tacaíocht maidir le cúrsaí maoinithe a sholáthar le ceardlanna faoi chúrsaí maoinithe, le Leabhrán Eolais faoi Dheontais, agus le traenáil forbartha acmhainní. * Pobail a spreagadh chun cur isteach ar chomórtais náisiúnta amhail an comórtas ‘Mórtas Ceantair’. Uasmhéadú a dhéanamh ar dheiseanna maoinithe a chuirtear ar fáil faoi Scéimeanna Tuaithe na Roinne lena n-áirítear CLÁR chun feabhsuithe ar áiseanna tuaithe a sheachadadh i gcomhar le grúpaí pobail agus deonacha.	Eolas soiléir curtha ar fáil do Bhaill LRP. Líon na n-iarrthóirí ar chomórtais náisiúnta agus a bhfeidhmíocht Líon na dtionscadal CLÁR a forbraíodh agus a cuireadh ar an ngearrliosta agus an Líon Maoinithe ag RFTP go Bliantúil - Sprioc 15 in aghaidh na bliana ar mheándeontas caipitil 50k.	• Ceardlanna maoinithe spriocdhírthe agus 4 chúrsa oiliúna do Bhaill LRP. • Fuair 2 phobal tacaíocht le Mórtas Ceantair agus d’éirigh leo an dara háit a fháil i 2 chatagóir. • 15 Thionscadal CLÁR 2023 Curtha ar Fáil – €643,000 Infheistithe. • €724,755 bronnta ar 15 Thionscadal CLÁR 2024 • Measúnú déanta ar 68 larratas.

Athbheithniú a dhéanamh ar ghnéithe an phobail laistigh den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) agus iad a chur i bhfeidhm chun forbairt pobail agus ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus tacú leo.	*Na céimeanna creata éagsúla de phróiseas PÁEP 2024-2028 a thabhairt chun críche agus an plean críochnaithe a thabhairt ar aghaidh chuig an gComhairle iomlán lena ghlacadh	*Spriocanna ardleibhéil a mhol an PÁEP a bheith sínithe agus píosa oibre conartha á úsáid chun an próiseas a thabhairt trí na céimeanna éagsúla lena n-áirítear comhairliúchán poiblí. Is é an sprioc an plean nua a thabhairt ar aghaidh lena ghlacadh ag an gComhairle iomlánach i rith 2024	• PÁEP glactha ag cruinniú iomlánach na Comhairle i mí na Nollag 2024.
Tacú leis an tionscnamh Aoisbhá agus a chinntiú go gcuireann an pobal atá ag dul in aois bonn eolais faoi bheartais agus gníomhartha.	* Tacú leis an gComhaontas Aoisbhá agus le Comhairle na nDaoine Scothaosta chun gníomhaíochtaí agus feabhsuithe a sheachadadh maidir leis an teagmháil a dhéantar le daoine aosta. * Plean Oibre Bliantúil a chur i bhfeidhm * Coiste Idir-rannach a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar an ngné thras-rannach a bhaineann le Contae Aoisbháúil a fhorbairt	4 chruinniú in aghaidh na bliana. Líon na dtionscnamh ar tugadh tacaíocht dóibh.	• 3 chruinniú den Chomhaontas Aoisbhá agus den Chomhairle Daoine Scothaosta.
Tacú le forbairt struchtúir an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) ar mhaithe le rannpháirtíocht agus folláine an phobail, agus a chinntiú go gcuireann na struchtúir seo bonn eolais faoi, agus go bhfuil siad ag teacht le, beartas agus gníomhaíocht an rialtais áitiúil.	* Tacú le Rúnaíocht LRP chun Ballraíocht agus buiséad LRP a bhainistiú, agus Plean Oibre Bliantúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá dírithe ar fhorbairt acmhainní, comhroinnt faisnéise agus ar ionadaíocht éifeachtach a bheith ar Choistí.	Líon na mBallghrúpaí LRP agus an % díobh sin i gcoláiste ICS agus líon na n-ionadaithe ICS ar CFPÁ (PTF Bliain 2) Líon na gCoistí a bhfuil ionadaíocht LRP iontu. Líon na laethanta oiliúna d'fhoireann an ÚA agus do bhaill thofa LRP.	• 1,348 Ballghrúpaí LRP le 20% sa Cholún um Ionchuimsiú Sóisialta. • Chláraigh 80 ballghrúpa in 2024. • 5 lá oiliúna in 2024.

Cuimsiú sóisialta agus laghdú neamhionannais sóisialta a chur chun cinn trí dhul i dteagmháil le pobail agus le gníomhaireachtaí eile chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do ghrúpaí imeallaithe, lena n-áirítear an óige, imircigh, an lucht siúil agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus airgeadais.	* Comhairle na nÓg a bhainistiú agus tacú le príomhthopaicí bliantúla agus Plean Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara a sheachadadh * Tacaíochtaí a chomhordú le Fóram Freagartha Pobail na hÚcráine d'Úcránaigh faoin Scéim um Chosaint Shealadach. * Tacú leis an nGrúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil chun Plean Straitéiseach áitiúil a fhorbairt do phobal an Lucht Siúil sa Chontae. * An Ciste Rannpháirtíochta agus Feasachta Míchumais a chur i bhfeidhm chun deiseanna a mhéadú do Dhaoine faoi Mhíchumas sa phobal * Guth na nDaoine Scothaosta a chumasú trí Chomhairle na nDaoine Scothaosta. * Clár imeachtaí cuimsithe sóisialta a fhorbairt chun éagsúlacht agus cuimsiú sa phobal a cheiliúradh.	% scoileanna atá rannpháirteach in CNN (PTF - Bliain 1). Dul chun cinn ar phríomhábhair CNN. Líon chruinnithe an Ghrúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil. Líon na n-imeachtaí ICS.	• Comhdháil Bhliantúil na nÓg a reáchtáladh ar an 30 Deireadh Fómhair le 66 duine i láthair. • 2 thopaic curtha chun cinn ag Coiste na Comhairle de 29 duine óg le 4 chruinniú den Ghrúpa Stiúrtha.
An leas is fearr agus is féidir a bhaint as deiseanna Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, oidhreacht an ainmnithe don phobal áitiúil agus don gheilleagar áitiúil.	*Deiseanna a lorg chun tacú le comhoibriú cruthaitheach ar Thionscadail Eorpacha le Tíortha AE eile agus le heagraíochtaí agus ealaíontóirí eile atá ina gcónaí sa Chontae. * Tacú le seachadadh Chruinneog na Gaillimhe in 2020 chuig na sé shuíomh a úsáideadh le haghaidh Shearmanais Oscailte na Gaillimhe, 2020, ar aon dul le moltaí maidir le Feabhsaithe Bailte agus na CBanna. Ag obair le foirne na nOifigí Ceantair, Pobail agus CAFT (An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe). Comhordaithe ag an Oifig Ealaíon.	• Idir lámha trí Ghlaonna Oscailte agus Malartuithe Cónaitheachta Idirnáisiúnta. • 5 Chruinneog fágtha le cur in áit in 2024	• 4 Chruinneog fágtha le cur in áit
Oibriú leis na Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna), an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), agus an Comhchoiste Póilíneachta (CCP) chun cur chuige comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm maidir le forbairt áitiúil agus pobail.	Forbairt PÁEP 6 bliana a chomhordú leis an nGrúpa Stiúrtha Comhairleach Cabhrú leis an gComhalta Tofa agus leis an Ionadaí Pobail laistigh den struchtúr daonlathach chun an ról ionadaíochta a chomhlíonadh mar fhreagra ar riachtanais an Phobail	Deireadh 2024 4 chruinniú in aghaidh na bliana.	Bhí ról suntasach ag CBS agus CFPÁ sa phróiseas PÁEP.

Oibriú i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear grúpaí pobail áitiúla, maidir le cur chun cinn na hoidhreachta, cosc dóiteáin, sábháilteacht uisce, athrú aeráide agus feabhsú/feasacht comhshaoil.	Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe: Is príomhghnéithe iad Stair agus Cartlanna Áitiúla a úsáideann Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe chun dul chun cinn a dhéanamh trí thaifid, ábhair agus foilseacháin a fháil, a chatalógú agus a chur chun cinn go leanúnach. Ár mbailiúcháin reatha a chur chun cinn trínár líonra ollmhór eagraíochtaí agus grúpaí pobail agus rochtain a sholáthar do shaoránaigh ar na bailiúcháin agus ar na cartlanna. A chinntiú go bhfuil an pobal ar an eolas faoi na hacmhainní ar líne go léir atá ar fáil faoi láthair. Taispeántais agus feachtais ar na Meáin Shóisialta a fhorbairt i gcomhar leis an bhFoireann Bolscaireachta chun tábhacht na mbailiúchán seo a léiriú. Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh náisiúnta amhail Seachtain na hOidhreachta agus imeachtaí, taispeántais agus léirithe a chur ar fáil a chuireann béim ar ár n-ábhair.	Fós ar siúl ar feadh na bliana lena n-áirítear mar is cuí do Sheachtain na hOidhreachta (17 - 24 Lúnasa 2024) agus tionscnaimh feasachta náisiúnta agus áitiúla eile.	Deontais Phlean Forbartha Oidhreachta agus Bithéagsúlachta agus cláir eile curtha i gcrích
Cuimsiú sóisialta agus laghdú neamhionannais sóisialta a chur chun cinn trí dhul i dteagmháil le pobail agus le gníomhaireachtaí eile chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do ghrúpaí imeallaithe, lena n-áirítear an óige, imircigh, an lucht siúil agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus airgeadais.	Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe: Tá ár seirbhís leabharlainne uilechuimsitheach agus cuireann nádúr oscailte saor in aisce na ballraíochta leabharlainne le cuimsiú sóisialta grúpaí imeallaithe. Cur chun cinn leanúnach na n-acmhainní éagsúla a chuirimid ar fáil dár bpobail. Rannpháirtíocht leanúnach ar fud na n-ardán go léir chun feasacht a chruthú ar raon feidhme agus ar shainchúram na leabharlann ina gceantair féin. Tá gníomhaíochtaí imeaschta lena n-áirítear clinicí faisnéise agus imeachtaí imeaschta pobail tar éis a bheith rollta amach ar fud an Chontae ag an bhFoireann Imeaschta. Tacaímid faoi láthair le: • 1294 Tairbhí de Chosaint Shealadach thar 33 ionad cóiríochta • 380 Iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta thar 7 n-ionad cóiríochta In 2024: 1. Chuireamar 212 clinic faisnéise ar fáil 2. Chomhoibríomar ar 13 imeacht comhtháthaithe 3. D'oibríomar le 75 soláthraí seirbhíse agus eagraíochtaí nasc	Fós ar siúl i rith na bliana lena n-áirítear de réir mar is cuí chun tacú le himeachtaí agus tionscnaimh náisiúnta agus áitiúla.	Ceardlanna scileanna digiteacha duine le duine Rannpháirtíocht i seachtain na dteifeach agus cur chun cinn seirbhísí leabharlainne do phobail imirceacha. Cláir litearthachta amhail Clár Réalta an tSamhraidh; cláir luathbhlianta agus seisiúin réamhscoile. Rannpháirtíocht i seachtain an Lucht Siúil agus seisiúin ceardaíochta/pócaí coiríní a óstáil i Leabharlann Thuama agus Bhéal Átha na

Tacú leis an tionscnamh Aoisbhá agus a chinntiú go gcuireann an pobal atá ag dul in aois bonn eolais faoi bheartais agus gníomhartha.	Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe: Tiomantas do Straitéis Aoisbháúil na Gaillimhe le tacaíocht ó na comhpháirtithe eagraíochtúla éagsúla a chinntíonn rochtain dóibh siúd a bhfuil fadhbanna nó deacrachtaí soghluaisteachta acu.	Lean ar aghaidh ag soláthar: Spásanna sainithe aoisbháúla, bailiúcháin mhórchló, soláthar áiseanna amhairc, ár seirbhísí leabharlainne digiteacha agus cláir dhírithe a chur i láthair.	Áiseanna teicneolaíochta lena n-áirítear méarchláir mhóra agus scáileán mór, meaisíní formhéadúcháin amharcléiritheora chun breathnú ar stair áitiúil. Suíocháin fheabhsaithe i gceithre leabharlann chun tacú le soghluaisteacht. Tralaithe nua i leabharlanna chun cabhrú le soghluaisteacht agus iompar leabhar.
---	--	--	---

Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2024			
SPRIOC STRAITÉISEACH: FORBAIRT GHEILLEAGRACH AGUS FIONTRAÍOCHTA			
“Forbairt leanúnach agus inbhuanaithe gheilleagrach agus fiontraíochta ár gcontae a uasmhéadú.”			
STRAITÉIS TACAÍOCHTA	GNÍOMH PLEAN SEIRBHÍSE	SPRIOC	TORTHAÍ
Máistirphleananna a fhorbairt do phríomhshuíomhanna straitéiseacha chun a chinntiú go mbainfidh siad a n-acmhainneacht amach de réir na bpleananna agus ar bhealach inbhuanaithe.	Comhairleoirí a fháil le bheith i gceannas ar an máistirphlean don Iarshuíomh Aerfoirt	R2 2024	Céim 1 measúnú críochnaithe
Iarratais ar mhaoiniú do chlár athnuachana uirbeacha agus tuaithe, chomh maith le clár mhaoinithe eile, a fhorbairt agus a threorú chun athnuachan a dhéanamh ar bhailte agus ar shráidbhailte.	Iarratais phleanála Cuid8 agus Cuid10 a sheachadadh agus maoiniú CAFT/CAFU a fháil trí iarratais iomaíocha do raon tionscadal ar tugadh tosaíocht dóibh trí Phleananna Lár an Bhaile agus Pleananna Athnuachana. Seachadadh caipitil tionscadal trí chéimeanna mionsonraithe dearaidh agus tógála.	Idir lámha	Tionscadail CAFT forbartha agus ar siúl i mBaile Locha Riach, Port Omna, An Gort, Baile Átha an Rí agus an Clochán. Pleananna Lár an Bhaile críochnaithe sa Ghort agus ar siúl in áiteanna eile CAFU – Stáisiún traenach Órán Mór ag an gcéim phleanála ag deireadh 2024

An Straitéis Dhigiteach a chur i bhfeidhm, agus deiseanna a aithint do mhoil/spásanna comhionaid ar leibhéal an phobail.	Forbairt inbhuanaithe leanúnach fiontraíochta agus eacnamaíoch an Chontae a uasmhéadú		
	Leathadh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a éascú	Idir lámha	Tá sé i gceist faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) líonra leathanbhanda snáthoptaice a chur ar fáil do 544,000 áitreabh in Éirinn. Tá 39,434 de na háitribh seo lonnaithe i gContae na Gaillimhe agus is é an infheistíocht réamh-mheasta thar shaolré an tionscadail sa chontae ná €153 milliún. Faoi dheireadh 2024, beidh 24,474 (61%) de na háitribh Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (NBI) “ar fáil le seirbhís Réamhordú/Ordú”. Imscaradh Líonraí Tráchtála Snáthoptaice agus Soghluaiste sa Chontae – Idir Lámha
	Tacú le Cur i bhFeidhm na Straitéise Digití nua	R2, 2024	(TFC)
	Soláthar BCPanna (Pointí Nasctha Leathanbhanda) agus láithreacha WiFi4EU a éascú agus leanúint de thacaíocht a thabhairt d’iarratais mhaoinithe	Idir lámha	Gach pointe WiFi4EU curtha in áit. Conradh cothabhála Idir lámha. Chuaigh an chéad dearbhán AE don scéim in éag in 2024, agus rachaidh na 3 dhearbhan atá fágtha in éag in 2025. Tá nascacht ardluais ag gach ceann de na 22 BCP. Thacaigh an t-oifigeach tacaíochta Leathanbhanda le BCPanna in 2024 agus spreagann siad tionscnaimh nua i réimsí amhail ríomhshláinte agus scileanna

	Maoirseacht a dhéanamh ar oibriú agus ar bhainistiú Dhídean Madraí na Comhairle	Idir lámha	Tá bainistiú leanúnach ar dhídean ina bhfuil ardlíon madraí ar siúl trí sheirbhís fós.
Creat rialála a chur chun feidhme maidir le leas ainmhithe lena n-áirítear rialú madraí agus capall.	Páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Oibre Náisiúnta um Rialú Madraí faoi stiúir Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach	Idir lámha	Ar siúl de réir mar is gá
	Oiliúint leanúnach do mhaoir mhadraí/maoir phobail a chur ar fáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar NIOCanna reatha. Prótacail i bhfeidhm maidir le hidirghníomhú le Rannóg Tithíochta na Comhairle agus leis an nGarda Síochána.	Idir lámha	Reáchtáladh oiliúint maidir le sainaitheint Bulaí XL i mí Dheireadh Fómhair.
	Prótacal Náisiúnta Maor Madraí an Gharda Síochána / Údaráis Áitiúil a chur i bhfeidhm agus leanúint le hidirchaidreamh áitiúil le cigireacht an Gharda Síochána	Idir lámha	Ar siúl de réir mar is gá
	An tAcht um Bunachais Pórúcháin Madraí a chur chun feidhme trí iniúchtaí agus trí anailís riosca ar áitribh chláráithe bunachais pórúcháin madraí. Gach gearán faoi bhunachais pórúcháin madraí le fiosrú.	Idir lámha	Rinneadh iniúchadh ar gach ceann de na 8 mbunachas pórúcháin madraí sa tír in 2024. Feidhm le haistriú chuig RTBM ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh
	Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag tacú le tionscnaimh a chabhraíonn le húinéireacht fhreagrach madraí a chinntiú ar fud an chontae	Idir lámha	Tugadh tacaíocht leanúnach do Thionscnamh Neodraithe Chiste Millie de chuid MADRA do mhadraí baineannacha in 2024. Rinneadh comhpháirtíocht le MADRA maidir le sraith phíolótach, ceardlanna bunscoile 'Talking Dog'

			i scoileanna i Meáraí agus i dTuaim i mí na Nollag 2024
	Comhairle agus cúnamh a sholáthar do Rannóg Tithíochta CCG maidir le cur i bhfeidhm an Achta um Rialú Capall agus maidir le rialú madraí i réadmhaoine údarás áitiúil freisin	Idir lámha	Teagmháil rialta leis an rannóg Tithíochta maidir le rialú madraí i réadmhaoine tionóntaithe CCG.
	Comhairle agus cúnamh a chur ar fáil maidir le Leas Ainmhithe/Rialú Capall/Mamaigh Mhuirí. Idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile de réir mar is gá. Cinntigh go ndéantar gach gearán a fhaightear a logáil agus a ghníomhú.	Idir lámha	Taifeadadh gach gearán leasa agus crostúairiscíodh do RTBM iad de réir mar ba chúí.
	Leanúint de bheith ag déanamh maoirseachta ar oibreacha uasghrádaithe ar Dhídean na Comhairle	Idir lámha	Rinneadh obair shuntasach sa dídean in 2024 maidir le feabhsú inslithe agus bithshlándála, rud ar áiríodh leis oibreacha urlártaigh agus soláthar téitheoirí leictreacha.
	Comhairle agus cúnamh a chur ar fáil maidir le Leas Ainmhithe/Rialú Capall/Mamaigh Mhuirí. Idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile de réir mar is gá. Cinntigh go ndéantar gach gearán a fhaightear a logáil agus a ghníomhú.	Idir lámha	Leanadh le comhoibriú le RTBM agus le tacaíocht a thabhairt di mar an comhlacht inniúil le haghaidh ceisteanna faoi leas Ainmhithe – Tá gach gearán taifeadta agus curtha i ngníomh inár mbunachar sonraí.
	Maoirseacht a dhéanamh ar phunt mór ainmhithe de réir reachtaíochta (Acht na bPunt) agus idirchaidreamh a dhéanamh de réir mar is gá le gníomhaireachtaí poiblí agus seachtracha maidir lena úsáid m.sh An Garda Síochána, carthanachtaí athlonnaithe ainmhithe	Idir lámha	Idir lámha
	Measúnú a dhéanamh ar gach gearán leasa agus crostúairisc a dhéanamh don gníomhaireacht ábhartha más gá.	Idir lámha	Rinneadh measúnú leanúnach ar gach cás tuairiscithe agus chuathas i mbun plé le RTBM de réir mar is gá
	Cabhrú leis an gcomhairle idirghabháil a dhéanamh i gcásanna casta ina gcoinnítear líon mór madraí ag maoin amháin i.e. rannpháirtíocht tréidliachta maidir le baint, measúnú, cóireáil, athchóiríocht, treoir dhlíthiúil a bhaineann le cásanna	Idir lámha	De réir mar is gá
	Dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí tarrthála éagsúla maidir le háiteanna a lorg do líon mór madraí seachráin agus madraí nach dteastaíonn a thagann faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe	Idir lámha	De réir mar a éilítear-níl aon chásanna móra le tuairisciú in 2024.
Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur chun feidhme le páirtithe leasmhara	Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ghlacadh Tosaíocht a thabhairt do na gníomhartha gearrthéarmacha sa Straitéis Oiriúnaithe agus oibriú leis na ranna ábhartha chun iad a chur chun cinn.	R1 Idir lámha	Críochnaithe
	An Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe a bhainistiú agus tacú	Idir lámha	Reáchtáladh 5 chruinniú de na foirne Aeráide/Fuinnimh

	leo. Tacú leis an bhfoireann chun gníomhartha a chur i bhfeidhm agus ceannairí a fhorbairt ar fud na heagraíochta.		
	Straitéis rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a fhorbairt agus rannpháirtíocht fhiúntach a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir. Córas tíolactha a fhorbairt.	Idir lámha	Forbraíodh córas tíolactha. Rannpháirtíocht ag imeachtaí ar fud an chontae.
	Oibriú leis an nGrúpa Stiúrtha um Chriosanna Dícharbónaithe agus Gníomhaíochtaí CD a chur chun feidhme	R4 2024	Grúpa Páirtithe Leasmhara bunaithe. Tá tionscadail a d'fhéadfadh a bheith ann sainaitheanta agus á saothrú.
	Tacú le Clár Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe ÚFIÉ agus le Máistirphleananna Fuinnimh a fhorbairt lena n-áirítear Máistirphlean Fuinnimh Leibhéal an Chontae faoi stiúir an phobail.	Idir lámha	Tá tacaíocht á tabhairt do roinnt pobal.
	An Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme. Measúnú ar iarratais ó Ghrúpaí Pobail faoi 5 théama, tionscadail roghnaithe a chur isteach le haghaidh bailíochtú deiridh chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráde agus Cumarsáide agus tacú le pobail a fhaigheann maoiniú chun tionscadail a chur chun feidhme	Idir lámha	Leithdháileadh maoiniú ar 32 tionscadal. Cuireadh clár fairsing oideachais agus tacaíochta i gcrích.
	Comhpháirtíochtaí le hearnálacha fiontair, pobail, deonacha, institiúidí tríú leibhéal agus an pobal taighde a chothú agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu chun tionscnaimh a sholáthar a laghdaíonn tionchar ar an aeráid, lena n-áirítear na tionscadail seo a leanas: PBC an Ghrúpa um Théarnamh Glas LRP; CONNECTED; LEAP; EMERGE; Cities4Forests; An Margadh Glas Comhroinnte	Idir lámha	Obair ar thionscadail ar siúl.
Leanúint orainn ag cur Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh i bhfeidhm chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun ceanglais Náisiúnta agus Idirnáisiúnta a chomhlíonadh.	Foireann Fuinnimh CCG a bhainistiú agus tacú le forbairt agus cur chun feidhme cláir oibre atá in ord tosaíochta chun a chinntiú go mbainfear spriocanna fuinnimh amach. An t-ionchur ón mBiúró Réigiúnach Fuinnimh agus ón Oifigeach Biúró Fuinnimh a uasmhéadú chun an clár oibre tosaíochta a fhorbairt agus a sheachadadh.	Idir lámha	Suiteáladh córas bainistíochta sonraí. Críochnaíodh deimhnithe fuinnimh taispeána. Forbraíodh doiciméid ISO50001.
	Saineolas a fhorbairt laistigh d'Fhoireann Fuinnimh CCG trí riachtanais oiliúna a shainaithint agus oiliúint ábhartha a eagrú.	Idir lámha	Críochnaíodh oiliúint ISO50001 le haghaidh úsáidí fuinnimh suntasacha.
	Tacú le Comhairle Contae Dhún na nGall Straitéis Réigiúnach maidir le Feithiclí Leictreacha a fhorbairt.	R3 2024	Comhaontú ar leibhéal na seirbhíse le Comhairle Contae Dhún na nGall a dhéanamh. Suíomhanna sainaitheanta agus curtha chun cinn
	Tacú le leictriú cheanglais soláthair an fhlít	R3 2024	
	Iarratas a dhéanamh arís ar ISO50001 i gcomhairle leis an mBiúró Fuinnimh Réigiúnach agus le ÚÁna réigiúnacha/CARO	R4 2024	Curtha siar go 2025
	Deiseanna a fhiosrú agus a fhorbairt chun comhpháirtíochtaí le hInstitiúidí Tríú Leibhéal a thógáil agus a neartú, cumarsáid agus comhar trasearnála a chur chun cinn agus tionscadail fuinnimh/Astaíochta iomchuí á saothrú agus á gcur chun feidhme.	Idir lámha	Obair ar thionscadail ar siúl.
Seirbhís dóiteáin agus tarrthála a chur ar fáil atá dírithe ar a phearsanra, an	Freagra éifeachtach a chinntiú ar gach éigeandáil a chomhlíonann PTFanna maidir le hamanna “slógaidh” agus “i láthair”	Idir lámha	Idir lámha

pobal, maoin agus an comhshaol a chosaint.	A chinntiú go gcuirtear oiliúint leanúnach ar phearsanra na Seirbhíse Dóiteáin chun a bheith cothrom le dáta maidir le modheolaíochtaí nua um chomhrac dóiteáin, agus scileanna a athnuachan ar bhonn leanúnach.	Idir lámha	Oiliúint leanúnach ar sheirbhís agus earcaigh nua
	Oiliúint innealtóireachta Dóiteáin a chur i bhfeidhm do phearsanra comhraic dóiteáin chun tuiscint níos fearr a thabhairt dóibh ar dhearadh foirgneamh agus chun cur ar a gcumas tuiscint níos fearr a fháil ar conas a fhorbróidh tine agus conas is fearr stop a chur leis an bhforbairt sin	Idir lámha	Oiliúint leanúnach ar sheirbhís agus earcaigh nua
A chinntiú gur féidir déileáil go sábháilte agus go héifeachtach le Móréigeandálaí i gcomhar lenár bPríomhghníomhaireachtaí Freagartha (PGF) comhpháirteacha.	Athbhreithniú a dhéanamh ar Phleanáil i ndáil le Móréigeandáil (PMÉ) Chomhairle an Chontae, oiliúint a chur ar phríomhphearsanra freagartha agus athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna éigeandála seachtracha de réir an Chreata um Bainistíocht Móréigeandála agus na Rialachán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2015	Timthriall leanúnach	Idir lámha
Plean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm.	Plean nua Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála 2023 - 2027 a fhorbairt	R2	Idir lámha
An Straitéis um Oiriúnú Aeráide a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe leasmhara agus an Straitéis um Maolú Aeráide a fhorbairt laistigh de na tacaíochtaí a chuireann an Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Creat Náisiúnta um Oiriúnú agus Pleananna Maolaithe, agus maoiniú an AE ar fáil san Eoraip 2020.	Iníúchadh a dhéanamh ar sholáthar uirlisí, trealamh agus feithiclí astaíochtaí ísealcharbóin nuair a chuirfear trealamh nua in ionad trealamh atá ann cheana nó nuair a cheannófar trealamh nua	Idir lámha	Idir lámha
Leanúint le laghdúithe ar úsáid fuinnimh le tionscnaimh amhail athsholáthar soilsithe sráide, bainistíocht tuile agus soláthar pointí luchtaithe leictreacha.	Clár Athsholáthair Soilsithe Phoiblí - tairiscint le haghaidh iarfheistiú Soilsithe Phoiblí. Comhairle Contae Mhaigh Eo mar Phríomhúdarás a éascú le haghaidh an chonartha réigiúnaigh maidir leis an Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh um Shoilsiú Phoiblí.	Táthar ag súil le dámhachtain tairisceana in 2024. Cuireadh an dámhachtain siar de bharr agóid dhlíthiúil in aghaidh soláthair, táthar ag fanacht le breithiúnas na cúirte	Dul ar aghaidh leis an iarfheistiú soilsithe phoiblí faoin gconradh cothabhála le clár luathaithe
Tionchar ghníomhaíochtaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an gcomhshaol a íoslaghdú, bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdú astuithe carbóin san áireamh.	Faigheann na straitéisí tacaíochta sin go léir tacaíocht ó obair fhoirne oibríochtaí na Comhairle i gcomhar le hUisce Éireann faoin Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe agus faoin gComhaontú Seirbhísí Tacaíochta.	Idir lámha	Idir lámha
Continue to implement an Energy Efficiency Strategy to deliver a reduction in greenhouse gas emissions to meet National and International obligations.			
Tacú le hUisce Éireann chun sceitheadh uisce a bhrath agus caomhnú uisce a chur chun cinn chun ídiú uisce a íoslaghdú.			

Caighdeán Uisce a Chosaint agus a Fheabhsú agus Dobharcheantair a Bhainistiú.			
Forbairt inbhuanaithe an chontae a chinntiú trí athbhreithniú agus cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Contae.	Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe: Seirbhís pleanála éifeachtúil, éifeachtach agus cothrom a sholáthar.	Táscaire Feidhmíochta CNMI: Costas P4 per Capita	P4: Costas per capita na Pleanála €30
	Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe: A chinntiú go ndéantar cinnteoireacht ar bhealach oscailte trédhearcach a thacaíonn le rannpháirtíocht an phobail agus a chothaíonn muinín an phobail sa phróiseas pleanála.	Córas iarratais pleanála ar líne a nuashonrú laistigh de 24 uair oibre ón gcinneadh. Leas a bhaint as an ardán consult.ie le haghaidh gach comhairliúcháin phoiblí le linn 2024.	Gach cinneadh pleanála a eisiúint laistigh den tréimhse Reachtúil Baineadh leas as consult.ie le haghaidh comhairliúcháin poiblí
	Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe: Córas Bainistíochta Forbartha a oibriú i gcomhréir le riachtanais reachtaíochta agus beartais lena n-áirítear próiseáil gach iarratais phleanála, achomhairc, dearbhaithe, sínidh ar iarratais ama agus Chuid 8 laistigh de thréimhsí ama reachtúla.	Táscaire Feidhmíochta CNMI: P2: Líon/% de Chinntí Pleanála deimhnithe ag an mBord Pleanála.	63%
	Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe: Córas forfheidhmithe a fheidhmiú chun monatóireacht, imscrúdú agus gníomh forfheidhmithe cuí a dhéanamh.	Táscaire Feidhmíochta CNMI: P3: % de chásanna Forfheidhmithe Pleanála dúnta anois tar éis iad a réiteach.	Imeachtaí Dlíthiúla 2% Idirbheartaíochtaí 17% Faoi urchosc reachta agus gan tábhacht 81%
	Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe: Creat beartais éifeachtach agus freagrúil maidir le pleanáil áitiúil a fhorbairt laistigh de riachtanais reachtaíochta agus bheartais. Cruinnithe den CBS um Pleanáil, Comhshaol, Talmhaíocht agus Seirbhísí Éigeandála a eagrú le linn 2024.	4 chruinniú ar a laghad.	Bainte amach go páirteach – bliain toghcháin áitiúil agus níos cuireadh comhaltai grúpa den CBS ar bun
Forbairt inbhuanaithe an chontae a chinntiú trí athbhreithniú agus cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Contae.	Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe: Tionscadal CAFU an Gharráin a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le hIarnród Éireann mar is cuí leis an méid seo a leanas a chur san áireamh: 1. Uasghráduithe ar an mBonneagar Iarnróid lena n-áirítear lúb iarnróid 1km ag Stáisiún Traenach Órán Mór atá ann cheana féin, lena n-áirítear ardán agus bonneagar gaolmhar breise. 2. Dearadh ionaid áitiúil (ag Stáisiún Traenach Órán Mór) agus tailte laistigh den stáisiún traenach lena n-áirítear dearadh mionsonraithe an ionaid áitiúil; carrchlós gaolmhar (atá ann cheana) (sonraí ailtireachta/innealtóireachta struchtúir) agus plean tírdhreachaithe (le haghaidh úsáid phoiblí).	Táthar ag súil le hIarnród Pleanála ag deireadh R1 2024, iarraidh ar thairiscint ag deireadh R1 2024 Dul i mbun plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI)	Deonaíodh cead pleanála le haghaidh oibreacha iarnróid i mí Feabhra/mí an Mhárta 2025 Dámhadh conradh le haghaidh dearadh ionaid áitiúil, éiceapháirce agus Staidéar ar Thíopeolaíocht Dlúis i mí Feabhra 2025. Oibreacha ar siúl le sainchomhairleoirí.

Forbairt inbhuanaithe an chontae a chinntiú trí athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) agus tacú le hullmhú agus críochnú Straitéis Iompair Cheantar Cathrach na Gaillimhe (GMATS).	3. Staidéar ar Fhorbairt Dearaidh na dTípeolaíochtaí chun an Creatphlean Uirbeach ar glacadh leis a chur i bhfeidhm. Athrú féideartha ar Phlean Forbartha Contae na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus rinneadh athbhreithniú ar fhigiúirí daonra CNP mar thoradh ar dhaonáireamh 2022	Táthar ag súil leis in R4 2024	Pléití le ÚNI maidir le dearadh an charrchlóis Rinneadh athbhreithniú ar CNP in 2024. Figiúirí deiridh CNP le foilsiú
	Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe: Ullmhú dréachtléarscáileanna bliantúla a éascú chun críocha na Cánach ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí agus tacaíocht don phróiseas achomhairc reachtúil gaolmhar.	De réir na tréimhse ama reachtúla ábhartha.	Foilsíodh Léarscáileanna Deiridh agus Dréachtléarscáileanna. Is é an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí ná 01 Aibreán 2025
	Pleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe: Plean Ceantair Áitiúil do Bhaile Locha Riach a chríochnú Tús a chur le hullmhú an Phlean Ceantair Áitiúil don Ghort. Sainchomhairleoirí a fhostú le haghaidh an Chreatphlean nó le haghaidh thailte R2 i gCathair Ruain, Baile Átha an Rí.	Críochnaithe laistigh d’fhrámaí ama reachtúla tar éis tosú an phróisis. Le tosú in R2/R3	Glacadh Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach in R3 2024. Tá athbhreithniú ar PCÁ an Ghoirt á dhéanamh faoi láthair. Táthar ag súil go gcríochnófar é in Q3, 2025
	Pleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe: Dul i mbun plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun Straitéis Iompair Cheantar Cathrach na Gaillimhe (GMATS) a ullmhú	I gcomhréir leis na tréimhsí ama atá leagtha amach ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI).	Tá an obair sin fós ar siúl.
	Pleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe: Feasacht ar fhoirgnimh agus áiteanna stairiúla a chur chun cinn chomh maith leis na scileanna agus na hábhair thraidisiúnta atá riachtanach chun a chinntiú go mairfidh siad amach anseo.		Déanta 2024
	Cur isteach ar mhaoiniú faoin gCiste um Struchtúir Stairiúla agus faoin Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha.	Cuireadh isteach suas le 30 iarratas ar mhaoiniú.	Déanta 2024
Timpeallacht nádúrtha an chontae a chosaint agus a chothabháil agus gníomhaíochtaí ár bPlean Bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ón bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021 agus pleananna ina dhiaidh sin.	Pleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe: Oidhreacht agus bithéagsúlacht a chur i gcróilár shaol an phobail sa chontae. Bainfear an aidhm sin amach trí fheasacht, rannpháirtíocht, taitneamh, eolas agus tuiscint ar n-oidhreacht roinnte a mhéadú chun a caomhnú, a bainistiú, a cosaint agus a cumhdach ceart a chinntiú. Bainfear amach é sin trí thús a chur le Plean Oidhreacht agus Bithéagsúlachta 2024 - 2030 do Chontae na Gaillimhe	Críochnaíodh an dréachtphlean faoi mhí na Nollag 2024.	Ghlac comhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe Plean Oidhreacht agus Bithéagsúlachta 2024 – 2030 do Chontae na Gaillimhe ar an 16 Nollaig 2024.
Ár bPlean Oidhreacht & Bithéagsúlachta a chur chun feidhme chun an timpeallacht nádúrtha agus thógtha a chosaint agus a fheabhsú.	Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe: Comhairle a thabhairt don oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha i gContae na Gaillimhe agus í a chur chun cinn. Feasacht, eolas agus tuiscint ar ár n-acmhainní oidhreacht éagsúlachta a chur chun cinn leis an oiread sin páirtithe leasmhara	10 dTionscadal le déanamh in 2024.	Seo a leanas na Tionscadail Oidhreacht a rinneadh: 1. Seandálaíocht Phobail na Gaillimhe

	agus is féidir. Cur isteach ar mhaoiniú agus tionscadail oidhreachta agus bithéagsúlachta a sheachadadh sa chontae. Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta agus Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta, 2024 a chur chun cinn.	10 nIarratas Tionscadail ar mhaoiniú chuig Gníomhaireachtaí agus Ranna éagsúla.	2. Iniúchadh ar Thoibreacha Beannaithe Chontae na Gaillimhe, 2024 3. Mapáil Dhigiteach ar Reiligí 4. Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí 5. Clár Oibreacha Caipitiúla Bhaile Átha an Rí 6. Forbairt Mapaí Scéala Oidhreachta 7. Taighde ar Bhailte Fearainn 8. Tionscadal Taighde ar Chartlann Phobail na hÉireann 9. Tionscadal Scoileanna BEO 10. Cúrsa Oiliúna maidir le hOidhrecht Bhéil 11. Iniúchadh Oidhreachta Béil – Conamara Iarratais na hOifige Oidhreachta ar mhaoiniú: 1. Iniúchadh ar Thoibreacha Beannaithe – an Chomhairle Oidhreachta 2. Mapáil Dhigiteach ar Reiligí – an Chomhairle Oidhreachta 3. Iniúchadh ar Oidhrecht Béil Chonamara – an Chomhairle Oidhreachta 4. Seandálaí Pobail na Gaillimhe – an Chomhairle Oidhreachta 5. Lá na mBailte Múrtha i mBaile Átha an Rí – an Chomhairle Oidhreachta 6. Tionscadal Oibreacha Caipitiúla um Ballaí Baile Bhaile Átha an Rí – an Chomhairle Oidhreachta 7. An Chomhdháil ‘Harvesting our Heritage’:
--	--	--	--

			Deich mBlíana na gCuimhneachán 8. Cloch na Rón 100: Deich mBlíana na gCuimhneachán 9. Geataí Gaibhnithe Uachtar Ard: Éire Ildánach 10. Iarratais maoinithe chuig Ciste na Séadchomharthaí Pobail ar éirigh leo. Reáchtáladh 111 imeacht i bpearsa agus 6 thionscadal oidhreacht digití i gContae na Gaillimhe. D'oibrigh Oifig Oidhreacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe le go leor pobal, scoileanna agus grúpaí sa chontae chun a n-imeachtaí agus a dtionscadail a bhain le Seachtain na hOidhreacht a sheachadadh.
Soláthar foirgneamh sábháilte agus inbhuanaithe a chinntiú laistigh den chontae trí na Rialacháin um Rialú Foirgníochta a chur i bhfeidhm agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh orthu.	Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe: Foirgnimh atá sábháilte agus inbhuanaithe a chinntiú tríd an sprioc íosta (12-15%) a bhaint amach le haghaidh iniúchtaí laistigh de thréimhsí ama reachtúla.	Táscaire Feidhmíochta CNMI: P1: Foirgnimh Nua a ndearnadh Cigireacht orthu	17.39%
Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus tacú léi agus aitheantas a thabhairt don mhéid a chuireann sí le héagsúlacht chultúrtha ár gcontae.	Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe: Tiomantas leanúnach do sholáthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge	Ceannach réamhghníomhach leabhar Gaeilge le dáileadh laistigh de líonra brainse na leabharlainne. Cláir imeachtaí a chur ar fáil i nGaeilge i rith na bliana. Úrscéalta ranga a sholáthar trí líonra leabharlann na scoile.	Bainte amach

Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2024

SPRIOC STRAITÉISEACH: SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ

“A chinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí i gcroílár gach a ndéanaimid”

STRAITÉIS TACAÍOCHTA	GNÍOMH PLEAN SEIRBHÍSE	SPRIOC	TORTHAÍ
Tacú le tabhairt isteach agus le cur i bhfeidhm na ríomhPhleanála.	Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe: Leanúint ar aghaidh ag cur ríomhPhleanáil chun cinn do ghníomhairí agus do gach custaiméir d’fhonn líon na n-iarratas pleanála a dhéantar go leictreonach a uasmhéadú, seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar agus éifeachtúlachtaí oibríochtúla a bhaint amach.	Íosmhéid de 80% de na hiarratais phleanála ábhartha atá le cur isteach trí ríomhPhleanáil i rith 2024.	83%
Seachadadh seirbhíse agus cúram custaiméirí a bharrfheabhsú trí athbhreithniú agus cur i bhfeidhm ár gCairt Custaiméirí agus ár gCód Iompair.	Cairt Custaiméirí agus Cód Iompair a chur i bhfeidhm	Go laethúil	Idir lámha
Ár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí a athbhreithniú agus a chur chun feidhme.	Leanúint ar aghaidh leis an bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí a chur chun feidhme i gcomhréir leis na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis um Sheirbhísí Ardchaighdeán do Chustaiméirí.	Go laethúil	Idir lámha
Seirbhísí éifeachtacha a sholáthar dár gcustaiméirí inmheánacha agus seachtracha ar bhealach cothrom agus cúirtéiseach.	Ráta comhsheasmhach freagartha glaonna isteach a choinneáil ar ár bPríomhuimhir Fóin (091) 509000 i rith an lae oibre	Ar a laghad 90% de ghlaonna a fhreagairt i níos lú ná 25 soicind	Bainte amach
	Gach comhfhreagras a admháil (litir agus ríomhphost)	Laistigh de 5 lá oibre	Idir lámha
	Iarracht a dhéanamh freagra a thabhairt ar gach comhfhreagras (litir agus ríomhphost)	Laistigh de 15 lá oibre	Idir lámha
	Líon na ngearán ar sheas Oifig an Ombudsman leo	Níos lú ná 5	Bainte amach
	Líon na leantóirí ar Twitter @GalwayCoCo	17,500	16,894
	Líon na leantóirí ar Facebook (Comhairle Chontae na Gaillimhe)	18,000	19,331
	Líon na leantóirí ar Instagram (@galwaycountycouncil)	1,500	1,609
	Líon na leantóirí ar LinkedIn	-	2,562
	Líon na gCuirteanna ar an Suíomh Gréasáin	1,500,000	1,492,480

Pobal: Comhairliúchán Poiblí agus Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta

Tá rannpháirtíocht na saoránach sa saol poiblí agus an ceart atá acu tionchair a imirt ar chinntí a théann i bhfeidhm ar a saol agus ar a bpobail i gcroílár an daonlathais bhreithniúcháin. Tá rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail, trédhearcacht agus cuntasacht fheabhsaithe, forbairt acmhainne sibhialta agus níos mó tacaíochta agus cinnteoireacht níos fearr mar thoradh ar cheapadh beartais atá oscailte agus cuimsitheach. Agus muid ag déanamh ár gcomhairliúcháin agus ár ngníomhaireachtaí rannpháirtíochta, tugann an Chomhairle aird ar 'Treoir maidir le Rannpháirtíocht Phobail Chuimsitheach i bPleanáil agus i gCinnteoireacht Áitiúil' a d'fhoilsigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i mí Dheireadh Fómhair 2023, ina dtacaítear le comhairliúchán cuimsitheach agus rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil. Le rannpháirtíocht chuimsitheach, cinntítear go bhfuil deiseanna ag na pobail atá níos imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste is mó páirt a ghlacadh i bpleanáil agus i gcinnteoireacht áitiúil. Soláthraítear léargas ar chomhairliúchán agus ar ghníomhaireachtaí rannpháirtíochta ó cheann ceann na bliana sna réimsí seo a leanas.

Próisis Comhairliúcháin Phoiblí:

I rith 2024, rinne an Chomhairle comhairliúcháin phoiblí chun a chinntiú go raibh na próisis chinnteoireachta trédhearcach agus cuimsitheach. Sna comhairliúcháin sin cuireadh ardán ar fáil do shaoránaigh a dtuairimí, a gcuid imní, agus a moltaí a chur in iúl ar shaincheisteanna éagsúla a ndeachaigh i bhfeidhm orthu, rud a lig do Chomhairle Chontae na Gaillimhe cinntí eolasacha a dhéanamh lena léirítear riachtanais agus mianta an phobail ar fud an raoin seo a leanas de phleananna agus de bheartais:

- Plean Corparáideach 2024-2029
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2030
- Plean Oidhreacht & Bithéagsúlachta 2024-2030 do Chontae na Gaillimhe
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí, 2024-2030
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029
- Bileog Eolais - Scéim Taistil Ghníomhaigh um Órán Mór go dtí an Stáisiún Traenach
- Fógra Rúin le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun Forbairt a dhéanamh ar Eastát na Páirce Móire, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Tuaim
- Fógra Rúin le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun Forbairt a dhéanamh ar Hillcrest, Baile Locha Riach
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach, 2024-2030 –
- Athruithe Ábhartha Beartaithe ar an Léarscáil Bhliantúil um Cháin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe – 2024
- Béal Átha na Sluaighe R446 ó acomhal Shráid an Droichid go hacomhal Bhóthar Uí Earcha - Scéim Taistil Ghníomhaigh
- LA02/24 - Iarratas Chuid 8 ar Thaitneamhacht agus ar pháirc bithéagsúlachta ar a dtabharfar 'Éiceapháirc na Gaillimhe Thoir'
- LA03/24 - Iarratas Chuid 8 ar Uimh. 4 Corrán Chluain Laighean, Béal Átha Ghártha, Co. na Gaillimhe
- Scéimeanna feabhsaithe acomhail chun sábháilteacht a fheabhsú feadh R446 le R348 ag Doire Uí Dhónaill
- Scéimeanna feabhsaithe acomhail a shuiteáil chun sábháilteacht a fheabhsú feadh R446 ag acomhal L-7107 agus L-8101 ag Órán Beag (Cros Furey).
- Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2024-2028
- LA04/24 Iarratas Chuid 8 ar Fhorbairt ar Bharr Coill, an Ghráig, Co. na Gaillimhe
- Comhairliúchán Poiblí Réamhphleanála – Feabhsú Páirce Bhóthar Bhéal Átha Ghadaí, Tuaim
- LA-E/03/24 Fógra Rúin le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun Forbairt a dhéanamh ar Mhaigh Locha, Co. na Gaillimhe
- LA-E/04/24 Fógra Rúin le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun Forbairt a dhéanamh ar Chnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe

- Oibreacha Cumasúcháin Scáthlín Bus ag Béal Átha Mó, an Creagán, Maigh Locha, Áth Cinn, Creachmhaoil & Maigh Cuilinn
- Ceansú tráchta ag Eastát Radharc an Locha, Gleann na Madadh
- An Scéim um Bealaí Sábháilte do Scoil Naomh Pól, Uachtar Ard
- Trasrian Coisithe, L4103, Seanbhóthar Luimnigh (gar do LIDL), Órán Mór
- Trácht ar Bhóthar (Luasteorainneacha Speisialta) Fodhlíthe Uimh. 1 & Uimh. 2 de chuid Chontae na Gaillimhe, 2024
- Iarratas le haghaidh Stáisiún Dóiteáin Bhaile Locha Riach
- Iarratas le haghaidh Reilig Leitir Móir
- Tionscadal Feabhsaithe Taitneamhachta an Phoirt Fhada, Baile Locha Riach - Iarratas Pleanála Chuid 10
- Iarratas ar Shíneadh le haghaidh Reilig Chill Chon Iarainn
- LA08/24 - Cead pleanála Chuid VIII le haghaidh tógáil tionscadail chónaithe ag Cois Móna, Baile Locha Riach
- Scéim an Chlocháin um Fheabhsú na Ríochta Poiblí
- Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhéal Átha na Sluaighe R446 ó acomhal Shráid an Droichid go hacomhal Bhóthar Uí Earcha
- Scéim Taistil Ghníomhaigh - Órán Mór go dtí an Stáisiún Traenach
- Conair Bhaile Phort Omna

Comhairliúcháin chuimsitheacha trí struchtúir rannpháirtíochta- Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP), Clár Aoisbháúil agus Comhairle na nÓg:

Chomh maith leis an soláthar faisnéise ar díol spéise í do Bhallghrúpaí a éascú, go háirithe maidir le deiseanna maoinithe, cuireann an LRP ar chumas a Bhallghrúpaí a dtuairimí a chur in iúl i raon comhairliúcháin atá tábhachtach dóibh. Cuirtear fógra faoi na deiseanna comhairliúcháin sin ón údarás áitiúil chuig na hOibrithe LRP agus féadfaidh freagairt a bheith ina bhfoirmeacha comhairliúcháin ar líne nó ina suirbhéanna, fócasghrúpaí nó imeachtaí comhairliúcháin le Ballghrúpaí. I measc na bpríomhshásraí eile chun rannpháirtíocht agus comhairliúcháin a mhéadú tá na struchtúir rannpháirtíochta aitheanta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine óga, i.e. Comhairle i leith Daoine Breacaosta agus Comhairle na nÓg. Seo a leanas roinnt den ghníomhaíocht le linn na bliana sna réimsí sin:

- Forbraíodh an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus ba é an LRP an príomhshásra rannpháirtíochta. Chun rannpháirtíocht pobail fhairsing a chumasú, d'eagraigh an LRP comhairliúcháin seisiúin bualadh isteach le haghaidh comhairliúcháin i bpearsa i ngach Ceantar Bardasach, lena n-áirítear tob-sheisiúin in 10 n-áit agus 10 seisiún fócasghrúpa spriocdhírthe. Shroich feachtas spriocdhírthe na meán sóisialta 27.1k duine agus bhain suirbhé poiblí ar líne 540+ freagairt amach agus bhain suirbhé gnó spriocdhírthe 139 freagairt amach.
- Chun a chinntiú go raibh an próiseas comhairliúcháin maidir le Plean Oidhreacht & Bithéagsúlachta 2024-2030 chomh cuimsitheach agus ab fhéidir, rinneadh suirbhé ina raibh meascán de leaganacha amach ilroghanna agus freagraí oscailte - níor ceanglaíodh ar na rannpháirtithe clárú agus ní raibh na ceisteanna éigeantach. Glacadh le haighneachtaí trí ríomhphost chuig na hOifigigh Oidhreacht agus Bithéagsúlachta freisin. San iomlán, fuarthas 177 freagairt tríd an tairseach comhairliúcháin ar líne agus 11 fhreagairt bhreise trí ríomhphost laistigh den spriocdháta aighneachta. Reáchtáladh ceardlanna comhairliúcháin phoiblí i bpearsa idir an 15-20 Aibreán in Órán Mór, Baile an Mhuilinn, Cill Fhir Iarainn, an Mhainistir, Béal Átha Ghártha, Uachtar Ard agus Leitir Mealláin. Idir an 16-25 Aibreán, rinneadh sraith comhairliúcháin le grúpaí mionlaigh ar fud Chontae na Gaillimhe, i gcomhar leis an 'Wishing Tree Project', ina raibh 117 rannpháirtí, agus seachadadh na comhairliúcháin sin trí 6 cheardlann chruthaitheacha idirghníomhacha a chur ar siúl.
- Déanann Comhairle na nDaoine Scothaosta (OPC) ionadaíocht do ghuth na ndaoine scothaosta agus is príomhstruchtúr í don údarás áitiúil agus do ghníomhaireachtaí eile ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh i seirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh, rud a imríonn tionchar ar chaighdeán na beatha do dhaoine scothaosta. Le linn na bliana, reáchtáil OPCanna na Cathrach agus an Chontae comhchruinniú chun oiliúint a fháil ó Aoisbhá Éireann maidir le ról CDB agus an Chláir Aoisbhá agus chun páirt a ghlacadh in imeacht comhchomhairliúcháin maidir le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn le haghaidh forbairt Straitéise

Aoisbháúil ar son na Cathrach agus an Chontae. Tá Comhairle na nDaoine Scothaosta ar cheann de na fócasghrúpaí a ndíríodh air le haghaidh comhairliúcháin maidir leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail.



Mary McGann, Bainisteoir an Chláir Aoisbhá, ag labhairt le comhchruinniú de Chomhairlí Chathair agus Chontae na Gaillimhe Daoine Scothaosta ar an 1 Márta 2024

- Is é Comhairle na nÓg an struchtúr ionadaíoch do ghuth na ndaoine óga agus tá sí ina príomhfhóram comhairliúcháin ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta. Le linn na bliana, ghlac comhaltaí de Chomhairle na nÓg i gContae na Gaillimhe páirt i gcomhairliúcháin náisiúnta maidir le Straitéis LADTA+, bhí siad páirteach i nDáil na nÓg agus d'fhreastail siad ar imeacht líonraithe réigiúnach. Ar an leibhéal áitiúil, rinneadh suirbhé ar gach Meánscoil maidir le Meabhairshláinte Daltaí agus reáchtáladh rannpháirtíochtaí spriocdhírthe le grúpaí a rinne ionadaíocht don óige ar annamh a fhaightear eolas uaithi amhail Scoileanna um Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, Cúramóirí Óga, Oibrithe Imeasctha do na hÚcránaigh, Grúpaí Ionadaíochta don Lucht Siúil agus Eagraíochtaí Óige. Bhí 66 duine óg i láthair ag Imeacht Comhairliúcháin Ceantair Áitiúil agus ag Dáil na nÓg chun tuilleadh plé a dhéanamh ar an ábhar Meabhairshláinte Óige, arb é an réimse tosaíochta a roghnaigh Comhairle na nÓg.



Daoine i láthair ag Dáil na nÓg i gContae na Gaillimhe, 2024 a bhí ar siúl i Seomra na Comhairle ar an 20 Samhain 2024.

Príomhcholún is ea rannpháirtíocht an phobail sa Phlean Oidhreacht agus Bithéagsúlachta agus tá sí rithábachtach do sheachadadh an phlean. Bhainistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt príomhchlár agus thacaigh sí leo, lena n-áirítear:

- Lá Domhanda na mBogach

- Seachtain Náisiúnta na gCrann
- Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta (17 n-imeacht a reáchtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe)
- Seachtain na Speiceas Ionrach
- Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta
- Seachtain an Fháil Seach

Ó cheann ceann na bliana 2024, rinne an Oifig Oidhreachta agus Bithéagsúlachta comhairliúcháin phoiblí fhairsinge maidir le forbairt Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta 2024 – 2030 do Chontae na Gaillimhe chun a chinntiú go mbeadh na próisis chinnteoireachta trédhearcach agus cuimsitheach. Áiríodh leis na comhairliúcháin sin sraith ceardlann ealaíon, rud a chabhraigh le rannpháirtíocht le raon leathan daoine a chruthú. Áiríodh leo siúd ceardlanna spriocdhírithe le bunscoileanna agus meánscoileanna, daoine scothaosta, an Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas agus ár bpobail nua

Ionchur isteach i bpróisis chinnteoireachta trí ionadaíocht LRP ar raon Bord agus Coistí.

Ceann de na príomhchuspóirí de chuid an LRP ná toghadh ionadaithe a éascú chun ionadaíocht a dhéanamh ar phobail ar raon Bord Údaráis Áitiúil agus Coistí. D'éascaigh an Chomhairle ionadaíocht don phobal ar na Boird seo agus ar na Coistí seo a leanas le linn na bliana:

Bord Comhairliúcháin / Coiste:	Líon na bPost Ionadaíoch:
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil	5
Coistí um Beartais Straitéiseacha	11
Comhchoiste Póilíneachta	7
Coiste Cúraim Leanaí Chathair & Chontae na Gaillimhe	1
Tascfhórsa Drugaí & Alcóil an Iarthair	1
Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe	2
An Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh (GÁGI)	1
Forbairt Tuaithe na Gaillimhe	3
An Coiste Feidhmiúcháin do Dhaoine Breacaosta	15

Clár spriocdhírithe chun tacú le comhairliúchán cuimsitheach agus le rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil.

I gcomhar leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus struchtúir idirghníomhaireachta eile, chomhordaigh an Chomhairle roinnt príomhchlár chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus míbhuntáiste sóisialta a laghdú trí rannpháirtíocht spriocdhírithe an phobail agus thacaigh sí leo, lena n-áirítear:

- Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP): áiríodh le bearta imeachtaí sóisialta chun dul i ngleic le haonrú sóisialta agus le huaigheas, oiliúint agus tacaíochtaí do dhaoine aonair agus do ghrúpaí, tacaíochtaí do Ghairdíní Pobail, Botháin na bhFear agus na mBan, Pobail Nua, etc.
- Clár Cumasú Pobail: áiríodh le bearta rannpháirtíocht ó dhoras go doras i gceantair ina bhfuil ardleibhéil díothachta, bearta chun dul i ngleic le hiompraíocht fhrithshóisialta, imeachtaí maidir le feasacht ar an gcomhshaol agus tacaíochtaí 'Réitigh Mhalartaigh Díospóidí'.
- Ciste Éire Shláintiúil: áiríodh le bearta imeachtaí Sláinte & Folláine, an tionscadal um Stionsail Clóis Súgartha, Páirceanna Gníomhacha agus an tionscnamh um threalamh spóirt, an Scéim Deontais um Ghairdíní Pobail agus Imeachtaí maidir le Sláinte na bhFear agus Sláinte na mBan.

- An Clár Feabhsúcháin Áitiúil: áiríodh le bearta deontais chaipitil ar scála beag chun inrochtaineacht a fheabhsú agus dul i ngleic le haonrú sóisialta agus le huaigheas, agus deontais spriocdhírthe a bhfuil sé mar aidhm acu inbhuanaitheacht grúpaí beaga an ghnáthphobail a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt maidir le costais reatha.
- D'oibrigh an Fhoireann Údaráis Áitiúil um Imeascadh le 75 soláthraí seirbhísí agus eagraíocht naisc chun 212 clinic faisnéise agus 13 imeacht imeasctha pobail a sholáthar lenar tugadh tacaíocht do 1,294 Tairbhí de Chosaint Shealadach ar fud 33 ionad cóiríochta agus do 380 Iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta ar fud 7 n-ionad cóiríochta.

Gníomhaíochtaí nuálacha chun rannpháirtíocht phoiblí a chur chun cinn

Is údar bróid don Chomhairle dul i gcomhpháirtíocht lenár bpobail áitiúla chun rannpháirtíocht a chur chun cinn go gníomhach i raon gníomhaíochtaí a bhfuil tairbhí sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha, comhshaoil agus folláine acu don Chontae. Seo a leanas sampla de na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl le linn na bliana:

- Tá ról lárnach ag Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe chun rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn i measc mhuintir Chontae na Gaillimhe. Le linn Lá Náisiúnta Súgartha agus Sheachtain na Rothar, ghlac thart ar 4,000 duine páirt i ngníomhaíochtaí fisiciúla.
- D'fhorbair ár nOifig Oidhreachta raon oiliúna do Ghrúpaí Oidhreachta agus do Chleachtóirí Oidhreachta ar fud an Chontae lena n-áirítear Cúrsa Oidhreachta Béil 6 seachtaine, oiliúint maidir leis na meáin shóisialta agus scannánóireacht & eagarthóireacht físeán ar an bhfón cliste.
- Chuaigh ár Rannóg Comhshaoil i gcomhpháirtíocht leis an gcarthanacht tarrthála madraí MADRA maidir le sraith phíolótach, Ceardlanna Bunscoile 'Talking Dog', chun sraith ceardlann oideachais agus spráil atá dírithe ar mhadraí a sholáthar do dhaltaí i rang a 3 agus i rang a 4 i Scoileanna Chontae na Gaillimhe. Tacaíonn na ceardlanna le béim na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) ar úinéireacht mhadra fhreagrach a chur chun cinn ar fud na hÉireann agus tá sé mar aidhm acu oideachas a chur ar leanaí faoi úinéireacht mhadra fhreagrach agus faoi conas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le madraí. D'éirigh go hiontach leis an gclár píolótach i mí na Nollag 2024 i mbunscoileanna i Meárait agus i dTuaim agus tá sé beartaithe againn é a chur i bhfeidhm i gcomhar le MADRA i níos mó scoileanna ar fud an Chontae in 2025.
- Mar chuid de Thionscnamh Frithdhumpála 2024, chuir an Chomhairle tús le tionscadal píolótach a bhí dírithe ar athúsáid éidí scoile i roinnt scoileanna i mBaile Locha Riach. D'oibrigh an Rannóg Comhshaoil leis na scoileanna sin chun líon éidí scoile a chaitear amach gan ghá a laghdú agus tugadh tacaíocht trí ráillí éadaí, modhanna stórála agus costais ghlanta a sholáthar. Is é Bikes for Africa an tionscadal eile a bhí i mbéal an phobail. Thug an daoine den phobal rothair nár theastaigh uathu a thuilleadh, agus rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe socruithe ionas go ndeiseofaí na rothair agus go seolfaí chuig an Afraic iad le haghaidh athúsáide.
- Reáchtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe dhá thráthnóna faisnéise i gcomhar le comhairleoirí talmhaíochta na bhFeirmeoirí maidir le hiniúchtaí ar fheirmeacha arna ndéanamh ag na húdaráis áitiúla inar sonraíodh na ceanglais ar fheirmeoirí, an méid atá rompu maidir le hiniúchadh ar fheirm, sárúithe coitianta a fhaightear ar fheirmeacha. Mar chuid de na tráthnóna faisnéise freisin, bhí comhairle ar fáil d'úinéirí tí maidir le dabhcha séarachais agus le saincheisteanna a bhaineann le córais nach ndéantar cothabháil mhaith orthu agus úsáid conraitheoirí ceadúnaithe chun sloda a bhaint.
- Chomhordaigh ár Rannóg Pobail tionscadal um Oileáin Shláintiúla agus mar chuid den tionscadal thug baill foirne ón Rannóg Pobail, an Rannóg um Deontais Tithíochta, Seirbhís Leabharlainne, Gaillimh Shláintiúil, Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, Sláinte & Folláine FSS agus Cumann Bhotháin na bhFear in Éirinn, cuairt ar na 4 oileán amach ón gcósta chun faisnéis ar sheirbhísí a sholáthar agus dul i dteagmháil le daoine scothaosta maidir le raon na ngníomhaíochtaí sóisialta & fóillíochta atá ar fáil. Mar thoradh air sin, cuireadh Paca Sóisialta & Fóillíochta spriocdhírthe ar fáil do shaoráidí pobail ar gach oileán, chomh maith le maoiniú spriocdhírthe ar threalamh spóirt agus ar chlár gníomhaíochta fisiciúla, garraíodóireacht phobail agus gníomhaíochtaí pobail eile a choimeádfadh gníomhaíochtaí sóisialta & fóillíochta de bheith ar siúl san am atá romhainn.
- Chuaigh an Clár Aoisbháil i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Ospise na hÉireann agus leis an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta chun seisiúin eolais "Putting Your House in Order" i mBéal Átha na Sluaighe agus in Uachtar Ard inar soláthraíodh faisnéis ar Uachtanna, Cumhacht Mharthanach Aturnae agus socruithe eile chun cúrsaí pearsanta, leighis agus dlíthiúla a bhainistiú amach anseo.

- Do Lá sa Chomhairle 2024: Reáchtáil ár bhfoireann Seirbhísí do Chustaiméirí ‘Do Lá sa Chomhairle 2024’ ar an 5 Iúil mar chuid den bhéim a cuireadh ar ról Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le tacú le maireachtáil ar ardchaighdeán ar fud an Chontae. Chuireamar #YourCouncilDay /#DoLásChomhairle in airde ar ár n-ardáin meán sóisialta chun ár mbaill foirne a chur in aithne do dhaoine agus chun níos mó feasachta ar ár seirbhísí agus ar ár dtaitneamhachtaí a chruthú chomh maith le mionsonraí a scaipeadh ar imeachtaí a bhí le teacht. Ar an lá, cuireadh an tionchar an-dearfach atá ag údarais áitiúla chun cinn. Ar bhonn laethúil, úsáideann daoine laistigh dár bpobal raon fairsing sheirbhísí Chomhairle Chontae na Gaillimhe amhail: páirceanna, áiseanna fóillíochta, áiseanna spóirt, leabharlanna, áiseanna ealaíona, áiseanna oidhreacht agus seirbhísí pobail gan trácht ar a bheith chun tosaigh maidir le cosaint ár dtimpeallachtaí beo le seirbhísí amhail glantachán sráideanna, rialú bruscair, rialú madraí, monatóireacht ar uiscebhealaí agus ar thránna, scéimeanna athnuachan uirbeacha agus sráidbhailte, chomh maith le cothabháil a dhéanamh ar ár mbóithre agus ar ár gcosáin. Tá Do Lá sa Chomhairle mar chuid bhunúsach dár bhféilire bliantúil chun feasacht ar na seirbhísí sin a chur chun cinn. Comhroinneadh postálacha agus an méid a foghlaimíodh ó fhoirne na Comhairle ar fad lena n-áirítear Comhshaol, Bithéagsúlacht, Bóithre, Oidhreacht, Cartlanna agus Leabharlanna gan ach cúpla ceann a lua!
- Tá Lónra Ghrúpaí Bailte Slachtmhara Chontae na Gaillimhe bunaithe mar Ghrúpa Ceangail laistigh den LRP ina gcumasaítear faisnéis spriocdhírthe ó raon Ranna a chur ar aghaidh chuig gach Grúpa Bailte Slachtmhara. Bhí rannpháirtíocht thras-rannach ar siúl le gach Grúpa Bailte Slachtmhara ag Cruinniú Lónraithe a reáchtáladh ag Tearmann Dúlra Bhoirne, Cinn Mhara, ar an 9 Márta agus a d’óstáil Bailte Slachtmhara Chinn Mhara. Ba é cuspóir an chruinnithe sin ná cur ar chumas na nGrúpaí Bailte Slachtmhara líonrú agus dul i gcomhairle maidir le saincheistanna coitianta agus réitigh chomhleasa a shainaithint.
- D’oibrigh an LRP leis an bhFoireann Forbartha Pobail agus Tuaithe chun cabhrú le cur i bhfeidhm sraith Seimineár Gréasáin maidir le scéimeanna maoinithe ó cheann ceann na bliana 2024 lena n-áirítear conas an tArdán Deontas nua ar líne a aistriú nó a úsáid – arna óstáil ag Submit.com -de réir mar a aistríonn grúpaí chuig iarratais mhaoinithe a dhéanamh ar líne chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Chuaigh ár Rannóg Bóithre i dteagmháil le heagraíochtaí míchumais áitiúla agus le saoráidí agus grúpaí do dhaoine scothaosta chun suíomhanna a shainaithint le haghaidh Scáthlán Bus ag Indreabhán agus ag Casla.

Chomh maith leis an suíomh ab fhearr a chinntiú chun

inrochtaineacht a chur chun cinn, rothlaíodh na scáthlái bus 180 céim chun úsáideoirí a chosaint in aghaidh na ngaoth aniar ó dheas atá ann, rud a d’uasmhéadóidh compord na n-úsáideoirí ag na saoráidí sin. Mar thoradh ar an mbéim sin ar ionchuimsiú sóisialta, nascacht agus inrochtaineacht, bhuaigh an tionscadal sin an Gradam Náisiúnta um Iompar Aoisbháúil ag an Searmanas um Ghradaim Náisiúnta Aoisbhá a reáchtáladh i mí na Samhna 2024.



Bhronn an Roinn Iompair agus Fear an Tí, Marty Whelan, an Gradam Náisiúnta um Iompar Aoisbháúil ar bhaill foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Rannpháirtíocht sa Phobal: Imeachtaí Faisnéise um Thithe Folmha Eanáir – Nollaig 2024:

D'fhreastail an tOifigeach Tithe Folmha (OTF) ar imeachtaí faisnéise ar fud na gcúig Cheantar Bhardasacha in 2024. Reáchtáladh na himeachtaí faisnéise i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), Comhlachas Tráchtála na Gaillimhe agus an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) chun na scéimeanna atá ar fáil chun tithe folmha a chur in úsáid arís a chur chun cinn. Soláthraíodh faisnéis ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, an Scéim Údaráis Áitiúil um Iasacht Tí, an Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas, an Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta. Reáchtáladh imeachtaí faisnéise i nDroichead an Chláirín, Tuaim, Baile an Doirín, an Baile Mór, Leacach, Naomh Tomás i gCill Chríost, an Clochán, an Gort, na Forbacha, Árainn agus Inis Meáin.



D'fhreastail an OTF ar Chruinniú Cinn Bliana de Chomharchumann Forbartha Árann, Árainn, a reáchtáladh in Ionad TF Eoghanachta ar Árainn ar an 10 Meán Fómhair 2024.

Imeacht faisnéise sa Chlochán arna óstáil ag Comhlachas Tráchtála Chonamara i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe, ÚFIÉ, an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) ar an 22 Aibreán 2024.



D'fhreastail an OTF agus comhalta den fhoireann Deontas Tithíochta ar "Imeacht Geimhridh Iomlánach LRP" de chuid Líonra Rannpháirtíochta Poiblí na Gaillimhe ar an 19 Samhain 2024 in Óstán Cóstá Chonamara (Na Forbacha).



Reáchtáladh imeacht faisnéise i Leacach ar an 5 Aibreán 2024 i gcomhar le seoladh an Mháistirphlean Fuinnimh do Chontae na Gaillimhe agus le ÚFIÉ agus leis an LRP. D'fhreastail an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe a bhí ann an tráth sin, Paschal Donohue, ar an imeacht faisnéise.





Imeacht faisnéise a reáchtáladh in Ionad Pobail ar Inis Meáin ar an 16 Bealtaine agus san Oifig Comharchumainn/Comhar Caomhán ar Árann ar an 23 Bealtaine i gcomhar le hAoisbhá Éireann agus Sláinte & Folláine FSS mar chuid den Tionscadal um Oileáin Shláintiúla.



Reáchtáladh imeacht faisnéise i mBaile an Doirín ar an 04 Aibreán 2024 i gcomhar le seoladh an Mháistirphlean Fuinnimh do Chontae na Gaillimhe agus le ÚFIÉ agus leis an LRP.



Seoladh Scéim Sráid-Dreacha an Ghoirt ar an 25 Meitheamh 2024

Comhairliúchán Poiblí maidir le forbairtí tithíochta Sóisialta faoi chead pleanála Chuid 8

Tá gné de chomhairliúchán poiblí i gcead pleanála Chuid 8 faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2000 agus faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2001.

Tugtar fógra maidir leis an bhforbairt don phobal nuair a thaifeadtar iarratas Chuid 8 trí fhógra nuachtáin i nuachtán áitiúil a scaiptear go forleathan (An Curadh Connachtach) agus trí fhógra láithreáin atá suite in áit infheicthe ag slí isteach an tsuímh. Ina dhiaidh sin, tá tréimhse taispeántais phoiblí a mhaireann 4 seachtaine chomh maith le 2 sheachtain sa bhreis le haghaidh aighneachtaí/tuairimí ó dhaoine den phobal. Admhaíonn agus breithníonn na pleanálaithe aighneachtaí agus tuairimí agus iad ag dréachtú na tuarascála pleanála agus ag déanamh a moladh.

Cuireadh trí fhorbraíocht tithíochta sóisialta chun cinn trí phróiseas Chuid 8 in 2024, mar a leanas:

Uimhir.	Suíomh na forbraíochta tithíochta sóisialta	Cur Síos	Dátaí
1	Corrán Chluain Laighean, Béal Átha Ghártha	1 aonad cónaithe Atógáil tí a ndearnatine damáiste dó	- Taifeadadh Cuid 8 07-06-2024 - Deireadh le haighneachtaí 22-07-2024 - Ceadaíodh Cuid 8 ag Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe
2	Barr Coill, an Ghráig	2 aonad cónaithe	- Taifeadadh Cuid 8 19-07-2024 - Deireadh le haighneachtaí 02-09-2024 - Níor cuireadh Cuid 8 ar aghaidh.
3	Cois Móna, Baile Locha Riach	56 aonad cónaithe 44 teach 12 árasán	- Taifeadadh Cuid 8 18-10-2024 - Deireadh le haighneachtaí 02-12-2024 - Ceadaíodh Cuid 8 ag Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach

Leabharlanna Rannpháirtíochta Pobail

Obair straitéiseach le haghaidh Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil (LAS)

Straitéis uile-rialtais agus uile-shochaí a mhairfidh 10 mbliana is ea Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil (LAS) atá tiomanta do dhul i ngleic leis na riachtanais litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití nach bhfreastalaítear orthu ar mhaithe le daoine ar fud na hÉireann. Tá Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe agus Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ar thús cadhnaíochta maidir le straitéis LAS a sheachadadh trí rochtain a sholáthar ar sheisiúin bualadh isteach faoi scileanna digiteacha dóibh siúd a bhféadfaidh siad a bheith ag teastáil uathu. I gceithre leabharlann, in Órán Mór, Tuaim, Baile Átha an Rí agus Baile Locha Riach, cuireadh teagascóir ar fáil maidin amháin in aghaidh na seachtaine a d'oibrigh le daoine agus a d'fhreastail ar a gcuid riachtanas litearthachta digití. Sholáthraíomar rochtain ar ríomhaire glúine nó thug daoine a ngléas féin leo le haghaidh cúnamh. Bhí na seisiúin gnóthach agus bhí siad ar siúl ón Earrach go dtí an Fómhar, an dá shéasúr sin san áireamh. Tá an t-aiseolas ar fad thar a bheith dearfach, agus tá teagascóirí agus foireann leabharlainne tiomanta do chur ar chumas daoine páirt a ghlacadh sa tsochaí go hiomlán trí scileanna digiteacha feabhsaithe.



Éire Shláintiúil ag do Leabharlann

Sheachaid leabharlanna poiblí na Gaillimhe an clár náisiúnta Éire Shláintiúil Ag Do Leabharlann a bhunaigh leabharlanna mar fhoinsé thábhachtach laistigh den phobal le haghaidh faisnéise sláinte. De bharr an mhaoinithe a dheonaigh Éire Shláintiúil, tá bailiúchán leabhar sláinte agus folláine feabhsaithe (cóipeanna digiteacha agus cruachóipeanna), agus tá oiliúint foirne, imeachtaí agus cur chun cinn á soláthar.

Clársceidealú:

Shainaithin an Clár Éire Shláintiúil Ag Do Leabharlann le haghaidh 2024 príomhthéamaí maidir le seachadadh cláir agus d'oibrigh sé i gcomhar le comhpháirtithe straitéiseacha chun cainteanna, ceardlanna agus imeachtaí a fhorbairt agus a sheachadadh maidir leis na téamaí seo a leanas:

- Cnámhshláinte agus Sláinte Pheilbheach
- Stróc agus galar croí
- Bia sláintiúil agus nósanna itheacháin le haghaidh sláinte chroí fheabhsaithe
- Pilates chun titim a chosc
- Uathachas a Thuiscint
- Strus mar gheall ar scrúduithe agus brú ar dhaltai
- Dul in Aois go Sláintiúil
- Cloíteacht a bhainistiú



Seoladh clár an Earraigh le himeachtaí i Leabharlann na Ceathrún Rua, Leabharlann Thuama agus Leabharlann an Ghoirt. Chuir Aoife Ní Eochaidh na himeachtaí sin i láthair agus chuir sí béim ar chnámhshláinte agus ar shláinte pheilbheach i bhfir agus i mná araon. Sna ceardlanna, soláthraíodh deiseanna chun cleachtaí aclaíochta a dhéanamh chun cabhail a neartú agus iompar an choirp a fheabhsú. Labhair an cosla Marie Hegarty faoi gach rud a bhaineann leis an gcós thar dhá sheisiún ag Leabharlann an Taoibh Thiar.

Le for-rochtain phobail chlár an Earraigh Éire Shláintiúil Ag Do Leabharlann, áiríodh ceardlanna agus cláir i Leabharlann Mhaigh Locha. Thug Becca Dorsett ó Chroí caint shuimiúil faoi conas saol a bhainistiú tar éis stróic nó teagmhas croí. Bhí an caint sin mar chuid de shraith cainteanna ó Chroí faoi stróc agus faoi ghalair croí.



Reáchtáil an diaitéiteach Aisling Harris seisiún faisnéise faoi bhia shláintiúil agus nósanna itheacháin le haghaidh sláinte chroí fheabhsaithe agus thug sí aghaidh ar cholaistéaról. Lean seisiún ar aghaidh le Marie Hegarty; agus le ranganna Pilates inar cuireadh béim ar straitéisí chun titim a chosc.

I Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe, bhí caint faoi “Uathachas a Thuiscint: Treoir do thuismitheoirí linbh atá ag fanacht le diagnóis nó ar diagnóisíodh go raibh uathachas orthu” i mí Aibreáin.

Rinne Michael Ryan (MA/MIACP) cur i láthair ar “Ag Tacú le Daltai le linn Tréimhsí Scrúduithe”. Thug sé neart leideanna agus smaointe úsáideacha do dhaltai agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ionas gur féidir leo fanacht socair agus fócas a choimeád.

Léim isteach san Am Scéalaíochta

Tá Léim Isteach san Am Scéalaíochta mar chuid den Tionscnamh An Ceart chun Léamh agus tá sé mar aidhm aige spéis i leabhair a spreagadh i measc leanaí in aois réamhscoile agus i raon aoiseanna bunscoile trí sheisiúin scéalaíochta idirghníomhacha. Baineann leanaí an-tairbhe as spéis a fhorbairt i léamh agus léirítear i staidéir nach amháin go bhfeabhsaíonn sé a scileanna litearthachta ach go gcabhraíonn sé lena samhlaíocht agus lena gcruthaíocht a fhorbairt freisin.





Tá gach leabharlann ar fud na Gaillimhe páirteach in imeachtaí, amanna scéalaíochta agus ceardlanna. Éascaíonn siad cuairteanna ranga freisin agus tairgeann siad deiseanna chun triail a bhaint as leabhair, foghlaim agus spraoi do dhaltaí réamhscoile.

Rinneadh ceiliúradh cultúrtha de na hamanna scéalaíochta i Leabharlann an Bhaile Bháin ag a bhfuil gníomhaíochtaí, scéalta agus amhráin ilteangacha ar siúl ar bhonn seachtainiúil anois. Tá sé sin ag cur le rannpháirtíocht roimhe seo laistigh den phobal agus soláthraítear leis deis don phobal ar fad a n-oidhreacht a cheiliúradh. Léirítear sa chlársceidealú sa Spás Déantóirí nua éagsúlacht an phobail freisin agus tá an iliomad gníomhaíochtaí ar siúl ó dhéanamh masc go péinteáil charraige – tá rud éigin do chách. I gcomhpháirtíocht le Glúin Cheoil Chathair na Gaillimhe, leanann Am Ríme do Leanáí de bheith ag bailiú líon mór daoine agus tá na seisiúin sin ar siúl i dtrí leabharlann sa chathair mar chuid den Chlár Luathbhlianta.



Cuairt an Bhéirín ar Leabharlann Bhaile Locha Riach ag a raibh am scéalaíochta agus ceardaíocht do dhaltaí réamhscoile, a thug a mbéiríní féin go dtí an leabharlann chun scéalta a chloisteáil agus suaithantas agus deimhniú “Thug mé cuairt ar an leabharlann inniu”

a dhéanamh dá mbéiríní ina dhiaidh sin.



Tionscnaimh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Mar chuid de na Tionscnaimh Aoisbháula inár leabharlanna, bhain Leabharlann an Taoibh Thiar triail as seisiúin bualadh isteach maidir le litearthacht dhigiteach leis an Ambasadóir Aoisbháuil. De bharr na seisiúin duine le duine sin bhí deis ag na rannpháirtithe foghlaim conas ár stór ollmhór acmhainní ar líne a úsáid, acmhainní amhail Borrow Box, Transparent Languages agus Universal Class.

Sheol Leabharlann Chathair na Gaillimhe imeacht Scrabble nua do dhaoine scothaosta. Tacaíonn COPE na Gaillimhe leis sin.



Seachtain um Aosú Dearfach

Chomhroinn 27 laoch áitiúil ar fud chathair agus chontae na Gaillimhe a scéalta spreagúla mar chuid den tSeachtain um Aosú Dearfach (#PositiveAgingWeek), a bhí ar siúl ón 30 Meán Fómhair go dtí an 6 Deireadh Fómhair. Is é an téama i mbliana ná ‘Aoiseachas a Cheistiú – Tuiscint nua a chur ar conas a smaoinimid, a mhothaímid agus a ghníomhaímid i leith aosaithe agus daoine scothaosta.’

An tSeachtain um Aosú Dearfach seo déanaimid na daoine scothaosta inár saol agus an obair iontach a rinne siad inár bpobail a cheiliúradh agus tugaimid urraim dóibh.

Is cairde agus pátrúin de chuid Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe iad beirt de na laochra áitiúla. Sholáthar Patricia Egan as Daraídh Braoin cupáin tae agus sólaistí do bhaill foirne na leabharlainne taistil ar feadh roinnt mhaith blianta.



Tá Mary Mannion go mór ar son sheirbhís na leabharlainne agus tá sí an-ghníomhach i ngrúpaí pobail áitiúla i Maigh Locha.



Suíocháin Aoisbháúla

D’oscail Leabharlann Chathair na Gaillimhe spás suíochán Aoisbháúil nua, le Katie Fahy ó Chomhairle Chathair na Gaillimhe agus le Joan Kavanagh ón gComhairle na nDaoine Scothaosta. Mhaoinigh RFTP an spás suíochán nua sin i gcomhar leis an gClár Aoisbháúil.


Gníomhú ar son na hAeráide

Rialachas agus Acmhainní Foirne

Tacaíonn an tAonad Aeráide leis an obair fairsing maidir le Gníomhú ar son na hAeráide atá ar siúl ar fud na heagraíochta tríd an nGrúpa Stiúrtha um Gníomhú ar son na hAeráide, an Fhoireann Fuinnimh agus an Fhoireann um Gníomhú ar son na hAeráide agus comhordaíonn sé an obair sin.

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Tar éis dul i gcomhairle go forleathan le baill foirne, grúpaí pobail, ionadaithe earnála agus ionadaithe tofa, glacadh Plean Chomhairle Chontae na Gaillimhe um Gníomhú ar son na hAeráide 2024-2029 i mí Feabhra 2024. Áirítear leis 107 gníomh le cur chun feidhme ar fud an údaráis áitiúil.



Iarfheistithe Tithe agus an tAistriú Cóir

Tá iarfheistiú Tithíochta Sóisialta ina ghné thábhachtach den Aistriú Cóir chuig geilleagar ísealcharbóin. Tá sé mar aidhm ag an gClár Náisiúnta Iarfheistithe tacú le hiarfheistiú 36,500 teach faoi úinéireacht an údaráis áitiúil faoi 2030. Faoi mhí na Nollag 2024, d'iarfheistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe 364 teach, arb ionann é sin agus thart ar 12% dár stoc iomlán. Áiríodh leis an obair seo córais téimh breoslaí iontaise a bhaint agus teaschaidéil agus painéil ghréine a shuiteáil. Mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar chompord agus laghdú tagtha ar bhillí fuinnimh.



Crios Dícharbónaithe – Oileáin Árann

Sainnithníodh na trí oileán in Oileáin Árann mar Chrios Dícharbónaithe do Chontae na Gaillimhe. Áirítear leis na tionscadail a bhfuil tacaíocht acu:

- *Fuinneamh Glan d'Oileáin AE*: Soláthraíonn an tionscnamh seo creat fadtéarmach chun cabhrú le hoileáin a gcuid fuinneamh inbhuanaithe, ísealchostais féin a ghiniúint. Thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le hiarratais ar éirigh leo thar ceann Oileáin Árann agus Inis Bó Finne araon faoin gclár 30 oileán faoi 2030. Tá an tacaíocht shuntasach theicniúil agus eagraíochtúil á soláthar ag an rúnaíocht anois maidir leis an aistriú chuig fuinneamh glan.
- *Gníomhaireachtaí Fuinnimh Áitiúla sna Réigiúin Fhorimeallacha, tionscadal atá á mhaoiniú ag LIFE*: Tá an tAonad Aeráide ar an ngrúpa stiúrtha le haghaidh an tionscadail seo trínar bunaíodh Gníomhaireacht Fuinnimh Áitiúil GFI chun tacú le tionscadail iarfheistithe tí i gConamara agus ar na hOileáin. Tá Údarás, OTA agus roinnt Údarás Áitiúil i measc na gcomhpháirtithe.

Pobal agus Fiontraíocht

An Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide: Tar éis feachtas fairsing feasachta agus oideachais, fuair 32 tionscadal ar luach €762,000 maoiniú faoin gCiste um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide 2024. Tá obair ar siúl chun tionscadail a chur i gcrích lena n-áirítear uasghráduithe foirgneamh, painéil ghréine, stáisiúin deisiúcháin rothar, siopa malartaithe agus gairdíní pobail.



An Clár Pobal Fuinnimh Inmharthana (PFI) de chuid ÚFIÉ: Faoin gClár Pobal Fuinnimh Inmharthana (PFI) de chuid ÚFIÉ, chuaigh an tAonad Comhshaoil i dteagmháil le roinnt PFIanna chun tacú leo a Máistirphleananna Fuinnimh (MPFanna) a fhorbairt.

Rannpháirtíocht Phobail agus Oideachas: Ceann de na gníomhartha tosaíochta atá sainaitheanta sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ná clár oiliúna phoiblí, faisnéise agus thacaíochta a sholáthar. Chuige sin, ghlac an tAonad Aeráide páirt in imeachtaí ar fud an chontae lena n-áirítear an Clochán, Tuaim, Baile an Doirín, an Baile Mór, Leacach, Cinn Mhara, Gleann na Madadh, Inis Oírr agus Maigh Cuilinn agus bhí ionchuir ó ÚFIÉ, an Rannóg Tithíochta, an Rannóg Pleanála, OFA agus an Rannóg Pobail.



Cruinniú an Lónra Bailte Slachtmhara

Comhráite faoi Ghníomhú ar son na hAeráide sa Phobal: D'fhorbair Jacinta Barrins, iar-chomhordaitheoir cónaitheach NA agus POF ar eagraíocht Tiomána Aeráide do dhaoine os cionn 60 bliain d'aois, clár oiliúna do dhaoine os cionn 60 bliain d'aois, clár a seoladh ag imeachtaí ar fud an chontae ar thug Comhairle Chontae na Gaillimhe tacaíocht dóibh.

Úsáid Fuinnimh Inmheánach

Is ionann Ídiú Fuinnimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus 17GWh in aghaidh na bliana, agus úsáideann sí 42% ar leictreachas, 37% ar iompar agus 21% ar théamh teirmeach, arb ionann an méid sin agus 4,679 tona d'astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Tá an caiteachas ar fhuinneamh thart ar €2.5 milliún in aghaidh na bliana, arb ionann é agus thart ar 2% den Bhuiséad Bliantúil. Tá obair ar siúl chun úsáid fuinnimh a laghdú ar fud na heagraíochta agus tá ídiú ag titim go ginearálta. Is tionscadal suntasach faoin gclár sin é iarfheistiú an chórais soilsithe phoiblí le soilsíú ísealfhuinnimh LED. Tá méadú tagtha ar % de LED ó 35% i mí na Nollag 2021 go 77% i mí na Nollag 2024.

Tá Córas Bainistíochta Fuinnimh á fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm aige deimhniú ISO 50001 a bhaint amach. Cuireadh Córas Bailithe Sonraí uathoibrithe i bhfeidhm in R4 2024 a thacóidh le hanailís ar úsáid fuinnimh laistigh den eagraíocht.

Oiriúnú

Bhí an tAonad Aeráide páirteach i bhforbairt an fheachtais feasachta náisiúnta Cosain Ár nDumhcha agus i dtacú leis sin. Tá damáiste do dhumhcha le feiceáil ar fud an chósta agus tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas béim a chur ar thábhacht agus ar leochaileacht na gcosaintí cósta nádúrtha agus na ngnáthóg tábhachtach sin.

Lean an Rannóg Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála de bheith ag cur an Chórais Bainistíochta Drochaimsire i bhfeidhm d'fhonn Córas Náisiúnta láidir a fhorbairt chun freagairt a thabhairt ar theagmhais aeráide agus ar theagmhais eile.

Soláthar Poiblí Glas

Tá an tAonad Aeráide páirteach i gcomhar le OTA mar chuid den chlár Cities4Forests, atá ag lorg ceangal atá chun tairbhe bhardasachtaí AE agus pobal foraoise trópaicí a bhunú. I measc thorthaí an tionscadail tá forbairt Dréachtstraitéise um Sholáthar Poiblí Glas do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus dearadh agus tógáil troscáin allamuigh do Bhaile an Chlocháin ag mic léinn/printísigh OTA agus iad ag baint úsáid as adhmaid caomhnaithe ó fhoraoisí comhpháirtíochta chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le soláthar inbhuanaithe adhmaid. Cuireadh roinnt píosaí ar taispeáint ag Áras an Chontae chun tacú le hardú feasachta.



Taisteal Gníomhach

Tá sé ríthábhachtach tacú le haistriú modha in Éirinn chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus inbhuanaitheacht ár mbailte a fheabhsú, agus tá an rialtas ag tacú le hinfheistíochtaí suntasacha i rothaíocht agus i mbonnagar siúil chun taisteal gníomhach a spreagadh. Áirítear le tionscadail atá á gcur chun cinn:

- Clár Athfheabhsaithe Scáthláin/Stad Bus de chuid ÚNI
- Ceangail Busanna ÚNI
- Ceangail Rothar ÚNI
- Glasbhealaí BIÉ, Taisteal Gníomhach & an Gréasán Náisiúnta Rothaíochta
- Scéim Taistil Ghníomhaigh - R446 Bhéal Átha na Sluaighe, acomhal Shráid an Droichid go hacomhal Bhóthar Uí Earcha
- Scéim Taistil Ghníomhaigh - Órán Mór go dtí an Stáisiún Traenach
- Pleananna Iompair Áitiúla agus Staidéir ar Iompar Pobail
- Tionscadail um Shlite Sábháilte chun na Scoile

Cosaint na Bithéagsúlachta

Tá sé ríthábhachtach an bithéagsúlacht a chosaint chun éiceachórais a choinneáil, rud a chabhraíonn leis an athrú aeráide a mhaolú trí linnte carbóin nádúrtha a chaomhnú agus trí thacú le hoiriúnú do thionchair na haeráide. Rinneadh clár fairsing maidir le cosaint na bithéagsúlachta in 2024, lena áiríodh an méid seo a leanas:

- Glacadh Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2030 do Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mí na Nollag 2024.
- Paiste pólótach Ná Lom i bPáirc Rinn Mhíl
- 200 iarratas ar éirigh leo ar Thionscadal Choirnéal an Ghiorria
- Ceardlanna faoi Gharraíodóireacht Inbhuanaithe le haghaidh na nGrúpaí Bailte Slachtmhara

Tacaíodh le tionscadail ar luach €161,624 san iomlán tríd an gCiste Áitiúil um Ghníomhú ar son na Bithéagsúlachta agus tríd an gCiste Contae um Plean Bithéagsúlachta.

Coistí um Beartais Straitéiseacha & Tuarascálacha na gCeantar Bardasach

Tuarascáil na gCoistí um Beartais Straitéiseacha

Cuireann struchtúr an CBS creat agus deis ar fáil d’ionadaithe tofa chun a ról mar lucht déanta beartas foriomlán a chomhlíonadh agus, ina theannta sin, cuireann sé deiseanna ar fáil do chomhpháirtíochtaí a bhfuil leasanna áitiúla acu agus d’ionadaithe pobail. Cuireann CBSanna fóram ar fáil chun ár gcumas a fheabhsú i dtaca le ról a imirt maidir le ceapadh, athbhreithniú agus luacháil beartas, le cabhair ionsuite ó leasanna earnála ábhartha agus le tacaíocht ón Stiúrthóir Seirbhísí.

An Scéim um Beartas Straitéiseach don tréimhse 2020-2024

Le linn na tréimhse 2020-2024, bhunaigh an Chomhairle sé Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) comhdhéanta de Chomhairleoirí agus d’Ionadaithe Earnálacha. Tá comhdhéanamh na gcoistí seo leagtha amach sa tábla thíos:

Scéim CBS 2020-2024	Comhaltaí Tofa	Ionadaithe Earnála	Coiste Iomlán	Líon na gCruinnithe a reáchtáladh Eanáir - Meitheamh 2024	Na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn
Tithíocht	7	4	11	2	- Plean Gníomhaíochta um Thithe Folmha 2024 go 2029 - Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 go 2029 - Tithíocht Inacmhainne - An Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta
Forbairt Gheilleagrach agus Fiontraíocht	6	4	10	1	- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail - Uasdátú ar Straitéis Turasóireachta a Fhorbairt do Gaillimh
Pleanáil, Comhshaol, Talmhaíocht agus Seirbhísí Éigeandála Pobal	7	4	11	2	- Cáin ar Thalamh Chríosaithe Cónaithe - Tarscaoileadh Ranníocaíochta Forbartha - Córas Réamhphleanála Ar Líne - Plean Cheantar Cathrach na Gaillimhe
Iompar & Bonneagar	7	4	11	2	Dréachtphlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn, Athbhreithniú Náisiúnta ar Luasteorainn
Forbairt Pobail agus Cultúir	6	4	10	0	I bhfianaise na hoibre suntasaí ar an gclár oibre agus i bhfianaise na n-athruithe ar bhallraíocht an choiste a bhfuiltear ag súil leo, measadh gurbh fhearr na saincheisteanna a chur chun cinn faoin gcoiste nua chun plé

Scéim CBS 2020-2024	Comhaltaí Tofa	Ionadaithe Earnála	Coiste Iomlán	Líon na gCruinnithe a reáchtáladh Eanáir - Meitheamh 2024	Na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn
					críochnúil agus seasmhach a chinntiú
An tAthrú Aeráide agus an Bhithéagsúlacht	6	4	10	2	Maoiniú Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, Dréachtphlean Comhairliúcháin Oidhreacht agus Bithéagsúlachta

An Scéim um Beartas Straitéiseach don tréimhse 2025-2029

CBS	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Tithíocht	Michael Owens	Brendan Kelly
Forbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Pleanáil	Liam Hanrahan	Eileen Keaveney
Forbairt Fhisiciúil, Iompar agus Éigeandáil	Uinsinn Finn	Geraldine Byrne
Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht agus Comhtháthú	Jackie Carroll & Eileen Ruane	Mary McGann
Cosaint an Chomhshaoil agus Talmhaíocht	Jackie Carroll	Denise Feeney
Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht & Oidhreacht	Uinsinn Finn & Liam Hanrahan	Anne Power

I mí Mheán Fómhair 2024, tar éis na dToghchán Áitiúil, d'fhorbair agus ghlac an Chomhairle nua le Scéim um Beartais Straitéiseacha nua don tréimhse 2025-2029. Cuireadh na coistí nua ar bun i Ráithe 4 2024, mar atá leagtha amach thíos:

Tithíocht

Ballraíocht

An Comh. Michael Maher, Cathaoirleach	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Peter Keaveney	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Eileen Mannion	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Shaun Cuniffe	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Jimmy McClearn	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Gerry Finnerty	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Declan Kelly	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Rachael Stewart	Gnó/Tráchtáil
AJ Dean	Forbairt/Foirgníocht
Helen Jennings	Cuimsiú Sóisialta
Seamus Duffy	Pobal/Deonach

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Tháinig an CBS um Thithíocht le chéile i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2024 agus rinne sé obair shuntasach ar roinnt réimsí agus d'éist sé le roinnt cur i láthair agus leis an eolas ba dhéanaí faoi réimsí éagsúla oibre. Ina measc sin bhí:

- ‘Tithíocht do Chách’ & Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta

- Clár Gníomhachtaíthe um Thithe Folmha
- Diúscairt Stoic Tithe Tréigthe – Athbhreithniú
- Athbhreithniú ar Chíosanna Dífreálacha - an tEolas Ba Dhéanaí
- Dréachtchlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2029
- Clár Caipitil Tithíochta - Ceanglas Iasachta
- Dréachtphlean Gníomhaíochta um Easpa Dídine i Réigiún an Iarthair 2025-2027
- Deontais Oiriúnaithe Tithe do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas
- An tEolas Ba Dhéanaí ar Sholáthar & Éileamh Tithíochta Sóisialta lena n-áirítear Measúnuithe Achoimre Tithíochta Sóisialta 2024
- Tithíocht Inacmhainne – an tEolas Ba Dhéanaí

Forbairt Gheilleagrach & Fiontar & Pleanáil

Ballraíocht

Teideal agus Ainm	Earnáil
An Cathaoirleach Mary Hoade	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Shelly Herterich Quinn	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Michael Connolly	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Dáithí Ó Cualáin	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. PJ Murphy	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Donagh Mark Killilea	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Michael Maher	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Mark Green	LRP
Aodán Mac Donnacha	LRP
Colm Ryan	Forbairt/Foirgníocht
Stephen Canavan	Talmhaíocht/Feirmeoireacht

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Tháinig an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch & Fiontar & Pleanáil le chéile dhá uair agus rinne sé obair shuntasach ar roinnt réimsí agus d'éist sé le roinnt cuir i láthair agus leis an eolas ba dhéanaí ar réimsí éagsúla oibre. Ina measc sin bhí:

- Cáin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe
- An Scéim um Tharscaoileadh Ranníocaíochta Forbartha
- Córas Réamhphleanála Ar Líne
- Plean Cheantar Cathrach na Gaillimhe
- An tEolas Ba Dhéanaí ar Phlean Forbartha an Chontae
- An tEolas Ba Dhéanaí ar Phlean Ceantair Áitiúil

Forbairt Fhisiciúil, Iompar agus Seirbhísí Éigeandála

Ballraíocht

Teideal agus Ainm	Earnáil
An Cathaoirleach Pádraig Mac An Iomaire	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Peter Feeney	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Peter Roche	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Albert Dolan	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Michael Connolly	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Louis O'Hara	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Tomás Ó Curraoin	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Aodán MacDonncha	Pobal/Deonach

Mark Green	Comhshaol/Caomhnú
Colm Ryan	Forbairt/Foirgníocht
Anne Mitchell	Talmhaíocht/Feirmeoireacht

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Ag an gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Fhisiciúil, Iompar & Seirbhísí Éigeandála, d’éist comhaltaí le cuir i láthair maidir le Dréachtphean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2024–2028 agus leis an Athbheithniú ar Luasteorainneacha atá ar siúl. Bhí comhairliúchán poiblí maidir leis an bPlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn agus cuirfear i gcrích é i mí na Samhna 2024, agus tá tuairisciú chuig GCC dlite i mí Eanáir 2025. D’ardaigh comhaltaí ábhair inné faoi thairseacha torainn, maoiniú agus an tionchar atá ag bonneagar amhail Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn. Maidir le luasteorainneacha, rinne comhaltaí plé ar chur chun feidhme criosanna 30 km/u, go háirithe i gceantair uirbeacha agus cónaithe, agus chuir siad roinnt ábhar inné in iúl faoi phraiticiúlacht agus faoi fhorfheidhmiú. Scaipeadh clár oibre chun pleanáil cláir oibre san am atá romhainn a threorú agus comhaontaíodh féilire cruinnithe agus sceidealaíodh an chéad chruinniú le haghaidh mhí an Mhárta 2025. Faoi AGE, chuir comhaltaí fáilte roimh an bPríomh-Oifigeach Dóiteáin a sholáthar an t-eolas ba dhéanaí ar na hacmhainní seirbhísí dóiteáin agus ar an uasghrádú caipitil ar stáisiúin dóiteáin agus ar fhearais.

Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht agus Comhtháthú

Ballraíocht

Teideal agus Ainm	Earnáil
An Cathaoirleach agus an Comh. Seamus Walsh	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Noel Thomas	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Alan Harney	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Evelyn Parsons	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Shane Curley	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Michael Leainde	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Máirtín Lee	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Paul Dillon	Pobal/Deonach
Chika Onyia	Cuimsiú Sóisialta
Paul Carey	Forbairt/Foirgníocht
Colleen Baxter	A Gnó/Tráchtáil

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Bhí cruinniú amháin den CBS nuathofa um Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht & Imeascadh ar siúl ar an 11 Samhain 2024. Ba chruinniú tosaigh é sin do na comhaltaí nua. Cuirfidh go leor den obair a rinneadh in 2024 le forbairt leanúnach pobail agus imeasctha na Gaillimhe agus beidh siad ina ngníomhartha tosaíochta sna blianta amach romhainn fós de réir PÁEP nuachomhaontaithe.

Cosaint an Chomhshaoil agus Talmhaíocht

Ballraíocht

Teideal agus Ainm	Earnáil
An Cathaoirleach agus an Comh. James Charity	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Andrew Reddington	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Geraldine Donohue	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Karey McHugh Farag	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Cillian Keane	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Dermot Connolly	Comhairle Chontae na Gaillimhe

Henry Walsh,	Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Noel Finnegan,	Pobal/Deonach
Kevin O’Crowley,	Comhshaol/Caomhnú
Elaine Murphy,	Gnó/Tráchtáil

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Reáchtáladh cruinniú amháin tar éis na Toghcháin Áitiúla ar an 12 Samhain 2024.

Seo a leanas achoimre ar na míreanna a ndearnadh breithniú orthu ag an gcruinniú sin:

- Fáilte agus Cuir in Aithne
- Éist le cur i láthair ar fhorléargas ar na réimsí feidhmiúla maidir le Cosaint an Chomhshaoil agus Talmhaíocht.
- Clár Oibre 2025
- Sceideal na nDátaí le haghaidh Chruinnithe 2025

Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht & Oidhreacht

Ballraíocht

Teideal agus Ainm	Earnáil
An Cathaoirleach agus an Comh. Martina Kinane	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Tomás Grealish	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Paul Killilea	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Ivan Canning	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Ollie Turner	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Stephen Canavan	Talmhaíocht / Feirmeoireacht
Justine Delaney	Gnó / Tráchtáil
Vincent Lyons	Pobal / Deonach – Cuireadh duine ina ionad i mí na Samhna 2024
Hazel Morrison	Pobal / Deonach
Peter Butler	Comhshaol / Caomhnú

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Gníomhú ar son na hAeráide: Ag cruinniú de chuid an CBS, cuireadh béim ar phríomhról an choiste maidir le glacadh an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ag tús 2024 agus ar an tábhacht a bhaineann le spriocanna oiriúnaithe agus maolaithe a bhaint amach faoi 2030, lena n-áirítear astaíochtaí an choiste agus an phobail a laghdú. Cuireadh béim ar an ngá le rannpháirtíocht láidir leis an bpobal, go háirithe tríd an gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide agus fógraíodh pleananna chun beartais soláthair phoiblí ghlais agus adhmaid a fhorbairt. Chuir comhaltaí den Choiste spéis in aghaidh a thabhairt ar chreimeadh cósta in iúl freisin.

Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí

Ceantar Bardasach	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Baile Átha an Rí	Liam Hanrahan	Margaret Jordan



Is éard atá i gCeantar Bardasach Bhaile Átha an Rí ná Toghcheantar Áitiúil Bhaile Átha an Rí agus Órán Mór. Toghtar Comhaltaí an Cheantair Bhardasaigh ar an gComhairle sna Toghcháin Áitiúla ar feadh téarma cúig bliana. Tháinig Comhaltaí Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí le chéile deich n-uaire in 2024 chun plé a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí don Cheantar Bardasach, ábhair bheartais, saincheistanna pobail agus ábhair imní agus ábhair a bhaineann lena ról ionadaíochta. Tionóladh na Cruinnithe in Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh agus ag Campas Nuálaithe Bia i mBaile Átha an Rí Síneann an ceantar ó Theorainn Thuaidh, Thoir agus Theas Chathair na Gaillimhe, agus áirítear leis príomhbhailte agus sráidbhailte Bhaile Átha an Rí, Órán Mór, Bhaile Chláir, Dhroichead an Chláirín agus Cor an Dola, chomh maith le ceantair thuaithe scaipthe a bhfuil fás leanúnach daonra iontu. Pléadh saincheistanna a bhaineann le cothabháil bóithre, taisteal gníomhach, iarnród Órán Mór, luasteorainneacha, sábháilteacht ar bhóithre agus bearta maolaithe tráchta ag na Cruinnithe agus thug Innealtóirí an cheantair an t-eolas ba dhéanaí do na Comhaltaí.

Le linn 2024, d’fhaomh Comhaltaí an Dearbhú go ndéanfaí Bóithre Poiblí de roinnt bóithre faoi réir Alt 11 d’Acht na mBóithre 1993 do na háiteanna seo a leanas:

- Tudor Vale, Órán Mór
- Cluain Glas, Baile Átha an Rí
- Ard Esker, Baile Átha an Rí
- Cúirt an Choill, Órán Mór,
- Ash Haven, Órán Mór
- Oileán Órán, Órán Mór

Ag Cruinniú mhí an Mhárta, cuireadh Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh, lena n-áirítear Clár na mBóithre 2024, faoi bhráid na gComhaltaí agus, tar éis dóibh breithniú agus plé a dhéanamh, d’fhaomh na Comhaltaí Sceideal na nOibreacha agus Clár na mBóithre.

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 25 Meitheamh 2024 agus toghadh an Comh. Feeney ina Chathaoirleach don tréimhse 2024-2025 agus toghadh an Comh. Dolan ina Leas-Chathaoirleach.

Tionóladh Cruinniú Buiséid an Cheantair Bhardasaigh ar an 15 Deireadh Fómhair 2024 chun Dréachtphlean Buiséadach don Cheantar Bardasach a bhreithniú (le leasú nó gan leasú). Tar éis dóibh breithniú agus plé a dhéanamh, dhiúltaigh na Comhaltaí do Dhréachtbhuiséad an Cheantair Bhardasaigh do Bhaile Átha an Rí agus Órán Mór.

Faomhadh Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí le haghaidh 2024-2029 ag an gcruinniú i mí Eanáir.

Rinneadh cuir i láthair maidir le Taisteal Gníomhach agus leis an gclár um Ambasadóir Frithbhruscair i rith na bliana. Rinne Coiste Bailte Slachtmhara Chluain Bú agus Lucht Bainistíochta Scoile Náisiúnta Bhaile Chláir dhá thoscaireacht chuig comhaltaí de Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí.

Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe

Ceantar Bardasach	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Béal Átha na Sluaighe	Jacqueline Carroll	Mary McGann



Reáchtáil comhaltaí de Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe 13 chruinniú i rith 2024, lena n-áirítear Cruinniú Buiséid, Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus Cruinniú Speisialta chun breithniú a dhéanamh ar Sceideal Bliantúil na nOibreacha do Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe.

Ag an gCruinniú Speisialta ar an 5 Márta, d’fhaomh na Comhaltaí Sceideal na nOibreacha don Cheantar Bardasach, de réir Alt 103A den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú). Phléigh agus d’fhaomh na Comhaltaí an Clár Oibreacha Bóthair Bliantúil do Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí freisin agus áiríodh leis leithdháileadh bliantúil le haghaidh feabhsuithe athchóirithe agus cothabháil athchóirithe.

Ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 26 Meitheamh, toghadh an Comh. Michael Connolly ina Chathaoirleach agus toghadh an Comh. Dermot Connolly ina Leas-Chathaoirleach.

Ag an gCruinniú Buiséid ar an 16 Deireadh Fómhair, d’fhaomh na Comhaltaí an dréachtphean buiséadach do Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí ina leagtar amach conas a chaithfear Leithdháileadh Bardasach Ginearálta ar luach €10,106,146 in 2025 i gcomhréir le hAlt 58 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Fuair na Comhaltaí tuairisc freisin ar an gCiste Caipitil Lánroghnach CMÁ nua atá dírithe ar mhaoiniú a ghíaráil le haghaidh tionscadal caipitil agus bonneagair ar mhórsála don Cheantar Bardasach.

Le linn na bliana, d’éist na Comhaltaí le cuir i láthair agus leis an eolas ba dhéanaí maidir leis an méid seo a leanas:

- Scéim Cosanta Tuilte Bhéal Átha na Sluaighe
- An Clár um Uasghrádú Stadanna agus Scáthlán Bus, an tAthbhreithniú Náisiúnta ar Luasteorainneacha ar Bhóithre Áitiúla
- Forbairt Tithíochta ag Cnoc Dhún Leo
- Éiceapháirc Chill Chonaill
- Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe
- An Clár um Pobal ar Aire, an Scéim um Sheanáirí ar Aire
- An Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil
- An Fhoireann Údaráis Áitiúil um Imeascadh
- Próiseas comhairliúcháin an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Clár Ambasadóir Frithbhruscair
- Scéimeanna Maoinithe amhail THRIVE, an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Aitheantais Pobail, Scéimeanna um Thacaíocht Pobal

Le linn 2024, fuair na Comhaltaí na Toscaireachtaí seo a leanas:

- Coiste Glasbhealaigh Bhéal Átha Feorainne ar fhorbairt cosáin a nascaidh an Carrchlós Glasbhealaigh leis an droichead ar Bhóthar Áth Eascrach L3406
- Seirbhísí Sóisialta agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhéal Átha na Sluaighe ar fhorbairt Ionaid Acmhainní Pobail & Teaghlaigh i mBéal Átha na Sluaighe

Le linn 2024, reáchtáil na Comhaltaí Fáiltithe Cathartha don mhéid seo a leanas:

- Baile Liam, chun ceiliúradh a dhéanamh mar gur bronnadh an Dara hÁit air sa chatagóir daonra 0-300 ag an gComórtas Uile-Oileáin ‘Mórtas Ceantair’.

- Nicola Ward, chun ceiliúradh a dhéanamh ar an éacht a bhain sí amach nuair ainmníodh mar Imreoir na Bliana 2024 do na Sárímreoirí í.

I gcomhréir le hAcht na mBóithre, 1993, dhearbhaigh Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe go mbeadh 6 bhóthar ina mbóithre poiblí. Bhí na bóithre sin lonnaithe ag: Radharc na Foraoise, Béal Átha Ghártha; Both Mhuiniún, an Creagán; Maigh Locha Mhór; Corrán Radharc na Coille, Cluain Bheirn; Ceathrú an Tobair, Gleann na Madadh Thoir; An Gleanntán, an Chríoch, Béal Átha na Sluaighe.

Phléigh agus d'fhaomh na Comhaltaí tuarascáil faoi Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 le haghaidh forbairt aon teach amháin ag Corrán Chluain Laighean, Baile Átha Ghártha.

Ceantar Bardasach Chonamara

Ceantar Bardasach	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Conamara	Uinsinn Finn	Ita Martyn

Reáchtáil comhaltaí de Cheantar Bardasach Chonamara deich gcruinniú in 2024, Cruinniú Bliantúil agus Cruinniú Buiséid ina measc. Ar an 5 Márta 2024, d'fhaomh na comhaltaí Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardsaigh le haghaidh 2024, rud lena gcuimsítear an Clár Bóithre agus an Sceideal deisiúchán agus cothabhála um Chomhshaol, Tithíocht, Áineasa agus Taitneamhacht don cheantar.



Bhí an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar siúl ar an 25 Meitheamh 2024, agus toghadh an Comh. Tom Welby ina Chathaoirleach agus an Comh. Gerry King ina Leas-Chathaoirleach le haghaidh na bliana 2024 ag an gcruinniú sin.

Chomh maith leis sin, bronnadh an Gradam um Iompar Aoisbháúil ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe as Scáthlár Bus an Chnoic (Indreabháin) agus Chasla agus tugadh aitheantas di as a tiomantas d'fheabhsú saoraidí iompair do chónaitheoirí scothaosta.

Ar an 8 Samhain 2024, rinne Údarás na Gaeltachta cur i láthair ag Ionad Pobail an Chrompáin, an Cheathrú Rua, inar leagadh amach pleananna le haghaidh forbairt lár baile sa Cheathrú Rua. Tá an tionscnamh sin á dhéanamh i gcomhar le Foireann Athghiniúna Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

I gcomhréir le hAcht na mBóithre, 1993, dhearbhaigh Ceantar Bardasach Chonamara go ndéanfaí bóithre poiblí de chúig bhóthar in 2024.

Bhreithnigh na Comhaltaí réimse leathan topaicí lena n-áirítear na hábhair seo a leanas:

- Clár na mBóithre 2024
- Scéim Tuilte/Cosanta Tuilte an Chlocháin
- Na bóithre a ndéanfar bóithre poiblí díobh a fhógairt
- Glacadh ar Láimh
- Cáilíocht an Uisce
- Páirceáil Carbhán
- Dréacht-Fhodhlíthe Trá/Gardaí Tarrthála/Áiseanna Poiblí
- Tóchar
- Reiligi
- Céanna & Cuanta

- Sábháilteacht ar Bhóithre/Bearradh Fálta/Freagairt ar Aimsir Fhuar
- Sábháilteacht na Scoile
- Glasbhealach Chonamara/Taisteal Gníomhach
- Páirceáil Cóiste Uachtar Ard/Scáthlám Bus
- Trasrianta Coisithe

D'éist na comhaltaí le cuir i láthair maidir leis an méid seo a leanas:

- Glasbhealaí Chonamara
- Tionscadail Chósta/Mhara
- Clár Feabhsaithe Stadanna Bus
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Scéim Cosanta Tuilte an Chlocháin
- An tAthbhreithniú Náisiúnta ar Luasteorainneacha
- Clár Ambasadóir Frithbhruscair
- Tionscadail N59
- Soláthar Scáthlám Bus
- Tuarascáil ar infheistíocht Uisce Éireann i gCeantar Chonamara
- Páirceáil Bus Uachtar Ard
- An Clár Taistil Gníomhaigh
- Clár Athghiniúna an Chlocháin

Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach

Ceantar Bardasach	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Baile Locha Riach	Eileen Ruane	Denise Feeney

Tá na bailte Baile Locha Riach, Port Omna, an Gort agus a gceantair máguaird ar fad i gCeantar Bardasach Bhaile Locha Riach. In 2024, reáchtáil an Ceantar Bardasach 11 chruinniú mhíosúla (ar an dara Luan i ngach mí, seachas mí Lúnasa), 2 Chruinniú Speisialta, Cruinniú Ginearálta Bliantúil amháin agus Cruinniú Buiséid amháin.

Ag an gCruinniú Speisialta ar an 5 Márta, d'fhaomh na Comhaltaí Sceideal na nOibreacha don Cheantar Bardasach agus rinne siad breithniú ar an gClár Oibreacha Bóthair Bliantúil.

Le linn an Chruinnithe Speisialta ar an 30 Meán Fómhair, phléigh na Comhaltaí an Tuarascáil ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ag Cúil Phóire.

Ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 27 Meitheamh, toghadh an Comh. Martina Kinnane ina Cathaoirleach agus toghadh an Comh. Geraldine Donohue ina Leas-Chathaoirleach.

Ag an gCruinniú Buiséid ar an 14 Deireadh Fómhair, d'athbhreithnigh agus d'fhaomh na Comhaltaí an Dréachtphean Buiséadach do Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach faoi Alt 58 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Chomh maith leis sin, fuair na Comhaltaí tuairisc ar an gCiste Caipitil Lánroghnach CMÁ nua atá dírithe ar mhaoiniú a ghairíl le haghaidh tionscadal caipitil agus bonneagair ar mhórsála laistigh den Cheantar Bardasach.

Le linn 2024, phléigh na Comhaltaí réimse leathan topaicí lena n-áirítear:

- Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a Thoghadh
- Dréachtphean Buiséadach don Cheantar Bardasach a ghlacadh
- Sceideal na nOibreacha do 2024



- Clár na mBóithre 2024
- Clár Caipitil Tithíochta
- Tuilte
- Na bóithre a ndéanfar bóithre poiblí díobh a fhógairt
- Glacadh ar Láimh
- Glasbhealach
- Tuarascálacha Pleanála Chuid 8, Stáisiún Dóiteáin Bhaile Locha Riach maidir le Cuid 8
- Dumpáil mhídhleathach / ionaid fág anseo / Clár Ambasadóir Frithbhruscair
- Reiligi
- Uasdátú ar Phlean Bainistíochta Bruscair 2023-2025
- Athbhreithnithe ar Theorainneacha Luais
- Halla an Bhaile, Baile Locha Riach
- Taisteal Gníomhach
- Cur i Láthair Fhoireann Baile an Ghoirt ar an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe
- Nasc Áitiúil
- Athbhreithniú ar Rialacha Seasta do chruinnithe Hibrideacha

Le linn 2024, fuair na Comhaltaí na Toscaireachtaí seo a leanas:

- Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach - cur i láthair na ndaltaí ar Thrácht an Domhain, “Ár bhFeachtas maidir le Réchasadh”.
- An tAth. Paddy Callanan agus Michael O’Grady - cur i láthair maidir le hAcomhal Hennelly, an Gort.
- Cuasa Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas i mBaile Locha Riach
- Cónaitheoir de Danesfort
- Comhairle Pobail Chinn Mhara ar Bhainistíocht Tráichta i gCinn Mhara

Chomhaontaigh comhaltaí de Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach go nglacfaidís cúram na mbóithre seo a leanas orthu féin le linn 2024:

- Gort na Rí, an Gort
- An tÚllord, an Gort
- Eastát an Ghairdín Chúil, Baile Locha Riach

Bhreithnigh agus cheadaigh na Comhaltaí tuarascálacha Chuid 8 a leanas faoi Rialacháin Phleanála agus Forbartha:

- Forbairt Taistil Ghníomhaigh atá Beartaithe taobh ó dheas de Bhaile an Doire ar an N67.
- Stáisiún Dóiteáin Bhaile Locha Riach.

Ceantar Bardasach Thuama

Ceantar Bardasach	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Tuaim	Michael Owens	Geraldine Byrne

Reáchtáil Ceantar Bardasach Thuama 11 chruinniú mhíosúla, (an 2^ú Luan i ngach mí, seachas mí Lúnasa), 3 Chruinniú Speisialta, Cruinniú Ginearálta Bliantúil amháin agus Cruinniú Buiséid amháin le linn 2024.



Ag an gCruinniú Speisialta ar an 1 Feabhra, phléigh na Comhaltaí iarratas Chuid 8 le haghaidh Charrchlós an tSeamlais, Tuaim.

Ag an gCruinniú Speisialta ar an 5 Márta, d'fhaomh na Comhaltaí Sceideal na nOibreacha don Cheantar Bardasach. Phléigh agus d'fhaomh na Comhaltaí an Clár Oibreacha Bóthair Bliantúil do Cheantar Bardasach Thuama freisin. Ar an 15 Bealtaine, reáchtáladh cruinniú speisialta chun plé a dhéanamh ar fheirm ghaoithe ag an Láthair Chlamhach.

Ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 28 Meitheamh, toghadh an Comh. Peter Roche ina Chathaoirleach agus toghadh an Comh. Karey McHugh Farag ina Leas-Chathaoirleach.

Ag an gCruinniú Buiséid ar an 14 Deireadh Fómhair, phléigh agus d'fhaomh na Comhaltaí an Dréachtphean Buiséadach do Cheantar Bardasach Thuama faoi Alt 58 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Fuair na Comhaltaí tuairisc freisin ar an gCiste Caipitil Lánroghnach CMÁ nua atá dírithe ar mhaoiniú a ghairiú le haghaidh tionscadal caipitil agus bonneagair ar mhórsála don Cheantar Bardasach.

Le linn 2024, phléigh na Comhaltaí réimse leathan topaicí lena n-áirítear:

- Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a Thoghadh
- Dréachtphean Buiséadach don Cheantar Bardasach a ghlacadh
- Sceideal na nOibreacha do 2024
- Clár na mBóithre 2024
- Clár Caipitil Tithíochta
- Na bóithre a ndéanfar bóithre poiblí díobh a fhógairt
- Múchadh agus Tréigean
- Glacadh ar Láimh
- Tuarascálacha Pleanála Chuid 8:
- Clár Ambasadóir Frithbhruscair
- Reiligí
- Sábháilteacht ar Bhóithre/Bearradh Fálta
- Uasdátú ar Phlean Bainistíochta Bruscair 2023-2025
- Athbhreithnithe ar Theorainneacha Luais
- Feirmeacha Gaoithe
- Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP)
- Taisteal Gníomhach
- Athbhreithniú ar Rialacha Seasta do chruinnithe Hibrídeacha

Le linn 2024, fuair na Comhaltaí na Toscaireachtaí seo a leanas:

- Comhairle Pobail Thuama
- Cúramóirí Óga – Cúramóirí Teaghlaigh Éireann
- Sábháilteacht Daltaí – Bóthar Bhaile Átha Cliath
- Athshamhlaigh Tuaim
- Fearann an Pháláis – Moladh maidir le páirc madraí

Chomhaontaigh comhaltaí de Cheantar Bardasach Thuama go nglacfaidís cúram na mbóithre seo a leanas orthu féin le linn 2024:

- Eastát Shiúlán na mBráthar, Dún Mór

Bhreithnigh agus cheadaigh na Comhaltaí tuarascálacha Chuid 8 a leanas faoi Rialacháin Phleanála agus Forbartha:

- Moladh le haghaidh forbairt sínidh ar an Reilig atá ann ag Cill Bheanáin
- Forbairt Taistil Ghníomhaigh i Mainistir Chnoc Muaidhe

Forbhreathnú Airgeadais

Tá príomhfhreagracht ar an Roinn Airgeadais as raon feidhmeanna lena n-áirítear cuntasáíocht agus tuairisciú airgeadais, buiséadú, billeáil agus bailiú rátaí tráchtála, íocaíochtaí soláthraithe, riarachán párolla, comhlíonadh soláthair, próiseas an bhuiséid, bainistíocht cistíochta agus gníomhaíochtaí cuntasáíochta agus comhlíonta eile. Maoirsíonn an Roinn Airgeadais rialuithe éifeachtacha caiteachais agus bailiú fiach, agus é mar chuspóir foriomlán seirbhísí tacaíochta a sholáthar do stiúirtheachtaí Sóisialta, Eacnamaíocha, Fisiciúla agus Tuaithe na Comhairle sa chás gur mhó an caiteachas iomlán bliantúil do 2024 ná €181 milliún.

Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2024

Tugtar i Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2024 forléargas ar staid airgeadais Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an 31 Nollaig 2024. Léirítear i Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, 2024 (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais) staid beagnach cothrom. Léirítear leis sin toradh dearfach agus cuireann sé le torthaí na mblianta roimhe.

Cáin Mhaoine Áitiúil

Is féidir le gach údarás áitiúil bunráta na cánach maoine áitiúil (CMÁ) a athrú suas go +/-15%. Den chéad uair, tá sé aontaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe an CMÁ a mhéadú 15% thar 5 bliana. Ginfidh sé sin méid carnach ar luach beagnach €12 milliún le haghaidh maoinithe, agus beidh tionchar ar luach níos lú ná €1 in aghaidh na seachtaine do 90% de theaghlaigh. Beidh tionchar dearfach ag an méadú beag seo ar chlár oibre agus ar thionscadail ar fud an Chontae. Feabhsóidh an maoiniú seirbhísí lárnacha, tacóidh sé le líon foirne, agus méadóidh sé infhaighteacht maoinithe meaitseála do thionscadail ar leith.

Tábla 1: Tionchar mhéadú an ráta CMÁ ar theaghlaigh

Tionchar an Choigeartaithe 15%		
% Teaghlach	In aghaidh na Bliana	In aghaidh na Seachtaine
43% teaghlach	€13.50 in aghaidh na bliana	€0.26 in aghaidh na seachtaine
29% teaghlach	€33.75 in aghaidh na bliana	€0.65 in aghaidh na seachtaine
18% teaghlach	€47.25 in aghaidh na bliana	€0.91 in aghaidh na seachtaine
10% teaghlaigh ar an meán deiridh	€65.50 in aghaidh na bliana	€1.26 in aghaidh na seachtaine

Costas Gnó Méadaithe (CGM) agus Leas na Scéime Power Up

Mar chuid de Bhuiséad 2024, thug an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta scéim CGM isteach d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide a bhfuil tionchar ag costais oibriúcháin mhéadaithe orthu. D’oibrigh foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe go dlúth le hócóirí ráta tráchtála chun a chinntiú go mbainfeadh an oiread sin gnólachtaí cáilithe agus ab fhéidir leas as an deontas sin. Mar thoradh air sin, fuair 1,808 gnólacht ar fud Chontae na Gaillimhe maoiniú ar luach €6,034,168 san iomlán. Seoladh an Scéim Deontais Power Up i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus íocadh €4,416,000 sa bhreis le gnólachtaí tráchtála. Tacaíonn an t-airgead sin le pobail áitiúla trí ghnólachtaí agus fostaíocht a choimeád.

Ráta Bliantúil ar Luacháil

Ar an 9 Nollaig 2024, cheadaigh na Comhaltaí Tofa Scéim Dreasachta Íocaíochta Rátaí do ghnólaigh áitiúla. Mar thoradh air sin, méadóidh Rátaí Tráchtála faoi €2 in aghaidh na seachtaine do 90% de chustaiméirí rátaí, rud a ghinfidh €2.4 milliún breise in aghaidh na bliana do thionscadail agus seirbhísí poiblí ar fud Chontae na Gaillimhe. Is é seo an dara méadú ar rátaí ó 2009, agus tacóidh sé le méadú ar fhoireann agus le seirbhísí feabhsaithe de réir an Phlean Forbartha Corparáidigh, rud a léiríonn tiomantas Chomhairle Chontae na Gaillimhe do sheirbhísí lárnacha a leathnú agus a fheabhsú dá saoránaigh.

Mótarcháin

Ba é 58,076 líon na n-idirbheart mótarchánach a phróiseáil oifigí mótarchánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2024. Thóg Oifigí Mótarchánach na Gaillimhe breis agus €9.5 m isteach don tréimhse seo.

Rinneadh thart ar 84.5% de na hidirbhearta mótarchánach san iomlán do cheantar na Gaillimhe ar líne in 2024. Leanann an oifig mótarchánach uirthi ag déileáil le ceisteanna gutháin maidir le cáin a ghearradh ar fheithiclí ar líne. Eisíonn na hoifigí mótarchánach dioscaí mótarchánach le haghaidh feithiclí príobháideacha agus tráchtála, tarracóirí, hacnaithe, tacsaithe agus feithiclí móra seirbhíse poiblí. Eisítear plátaí trádála, ceadúnais leantóra, cáipéisí athsholáthair freisin agus próiseáiltear fiosruithe ón Garda Síochána agus fiosruithe eile ón Údarás Áitiúil i.e. S103anna agus CT53anna.

An Scéim um Ranníocaíocht Forbartha

Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe le Scéim Ranníocaíochta Forbartha faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i Márta 2016.

Chun príomhchuspóirí na Comhairle a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach, tá gá le hinfheistíocht shuntasach chun an bonneagar riachtanach a chruthú chun freastal ar riachtanais daonra atá ag dul i méid. Tá an Scéim Ranníocaíochta Forbartha deartha chun cabhrú leis an mbearna mhaoinithe a líonadh idir an costas iarbhair a bhaineann leis an mbonneagar sin a chruthú agus an státchiste agus maoiniú eile a bheidh ar fáil. Ó bunaíodh an scéim, cé go bhfuil maoiniú suntasach bailithe, is léir go bhfuil na héilimh ar an gComhairle i bhfad níos mó ná an maoiniú atá ar fáil.

Le linn 2024, bhí bailiú Ranníocaíochtaí Forbartha fós ina thosaíocht don Chomhairle. Úsáidfear an t-airgead a bhaileofar chun cabhrú le bonneagar poiblí agus áiseanna pobail riachtanacha a sholáthar don Chontae. Bailíodh €1.440 Milliún faoi scéim Ranníocaíochta Forbartha Alt 48 de chuid na Comhairle in 2024.

Thug an Rialtas isteach an Tarscaoileadh Sealadach a bhfuil Teorainn Ama Leis maidir le Ranníocaíochtaí Forbartha le haghaidh gach forbartha cónaithe ar cuireadh tús léi ar an 25 Aibreán 2023 nó ina dhiaidh sin agus roimh nó ar an 31 Nollaig 2024. Ní mór go mbeadh na forbairtí sin críochnaithe faoin 31 Nollaig 2026. Éilíodh suim €8.347 milliún go dtí seo ón Rannóg agus íocadh €5.868 milliún go dtí seo.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

